



IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 33 de 2015

RIALACHÁIN UM RIALÁIL TACSAITHE (BEAGFHEITHICLÍ
SEIRBHÍSE POIBLÍ) 2015

I.R. Uimh. 33 de 2015

RIALACHÁIN UM RIALÁIL TACSAITHE (BEAGFHEITHICLÍ
SEIRBHÍSE POIBLÍ) 2015

RIAR NA RIALACHÁN

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1. Lua
2. Tosú
3. Sainmhínte agus Léirmhíniú
4. Coigilteoir agus cúlghairm

CUID 2

CEADÚNÚ TIOMÁNATHE BEAGFHEITHICLÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ

5. Iarratas ar cheadúnas nua chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint
6. Tástáil Iontrála Tiománaí BFSP
7. Foirm agus ré an cheadúnais chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint
8. Iarratas ar athnuachan ceadúnais chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint
9. Ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil a thiomáint
10. Díolúine ó cheanglas ceadúnas a shealbhú chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint
11. Tástáil Shainordaitheach Eolais Limistéir

CUID 3

CEADÚNÚ BEAGFHEITHICLÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ

12. Ceadúnas amháin, feithicil amháin
13. Ceadúnas nua beagfheithicil seirbhíse poiblí a dheonú
14. Ceadúnas beagfheithicil seirbhíse poiblí a athnuachan
15. Tréimhse bailíochta ceadúnas beagfheithicil seirbhíse poiblí
16. Athrú ar fheithicil
17. Athsholáthar ceadúnais atá imithe in éag

18. Bás sealbhóir ceadúnais
19. Foirm an deimhnithe ceadúnais feithicle
20. Ceadúnas a ghéilleadh
21. Árachas
22. Ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil
23. Díolúine ó cheanglas ceadúnas a shealbhú chun beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint

CUID 4

CAIGHDEÁIN FEITHICLÍ

24. Ceanglais feithicle maidir le tacsáí caighdeánach
25. Ceanglais feithicle maidir le fruilcharr caighdeánach agus fruilcharr limistéir áitiúil
26. Ceanglais feithicle maidir le tacsáí oiriúnach do chathaoir rothaí
27. Ceanglais feithicle maidir le fruilcharr oiriúnach do chathaoir rothaí
28. Ceanglais feithicle maidir le limisín
29. Feithiclí modhnaithe
30. Toirmeasc ar fheistiú tacsaiméadair
31. Ceanglas um aois uasta incheadaithe
32. Comh-aitheantas
33. Toirmeasc ar fheithiclí áirithe
34. Líon suíochán do phaisinéirí a chinneadh

CUID 5

DUALGAIS SEALBHÓIRÍ CEADÚNAS FRUILCHAIRR OIRIÚNACH DO CHATHAOIR ROTHAÍ AGUS CEADÚNAS TACSAÍ OIRIÚNACH DO CHATHAOIR ROTHÁÍ

35. Faisnéis le soláthar don Údarás
36. Taifid áirithintí a choimeád
37. Tosaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas

CUID 6

DUALGAIS TIOMÁNAITHE BEAGFHEITHICLÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ

38. Dualgais tiománaithe beagfheithicil seirbhíse poiblí

39. Madraí treorach agus madraí cuidithe eile

CUID 7

RIACHTANAIS OIBRIÚCHÁIN

40. Líon uasta uaireanta oibriúcháin

41. Srian ar an líon paisinéirí

42. Feithiclí mí-oiriúnacha agus caighdeáin feithicle

43. Iompar substaintí contúirteacha

44. Diosca crioscafldíonach

45. Faisnéis infheithicle

46. Comhartha dín tacsáí

47. Aitheantas tiománaí

48. Toirmeasc ar fhógraíocht

49. Beagfheithicil seirbhíse poiblí á hoibriú ag duine eile

50. Beagfheithicil seirbhíse poiblí a ligean ar cíos nó ar léas le duine eile

51. Fógra a thabhairt faoi bheagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint

CUID 8

FRUILIÚ A THOSÚ AGUS TÁILLÍ A ÍOC

52. Tús a chur le fruiliú agus seasamh chun fruilithe

53. Tacsaiméadar

54. Tacsaiméadair a chalabrá d'fhonn teacht leis an ordú uastáillí

55. Táille áirithinte

56. Admhálacha tacsáí

57. Admhálacha fruilchairr agus limisín

58. Eolas limistéir

59. Fruiliú fruilchairr nó limisín

CUID 9

CEADÚNÚ OIBREOIRÍ SEACHADTA

60. Ceanglas go mbeadh oibritheoirí seachadta ceadúnaithe

61. Ceadúnas oibritheoir seachadta a dheonú

62. Tréimhse bhailíochta ceadúnais oibritheora seachadta

63. Oibleagáidí oibritheoirí seachadta

CUID 10

PIONÓIS

64. Rialacháin phionósacha

65. Sárú substainteach ar na rialacháin

66. Méid forordaithe na híocaíochta seasta

67. Foirm an fhógra um íocaíocht sheasta

SCEIDEAL 1

TÁILLÍ

SCEIDEAL 2

CEANGLAIS GHINEARÁLTA FEITHICLE DO THACSAITHE

SCEIDEAL 3

CEANGLAIS GHINEARÁLTA FEITHICLE DO FHRUILCHARRANNA

SCEIDEAL 4

CEANGLAIS BHREISE MAIDIR LE TACSAITHE AGUS FRUILCHARRANNA ATÁ
INROCHTANA AG CATHAOIREACHA ROTHÁÍ

SCEIDEAL 5

CEANGLAIS GHINEARÁLTA FEITHICLE DO LIMISÍNÍ

SCEIDEAL 6

BRANDÁIL TACSAITHE

SCEIDEAL 7

CEANGLAIS MAIDIR LE HANCAIREACHTAÍ CREASA AN CHÓRAIS SRIANTA DO
CHATHAOIREACHA ROTHÁÍ AGUS D'ÚSÁIDEOIRÍ (TÁSTÁIL STATACH)

SCEIDEAL 8

CIONTA ÍOCAÍOCHTAÍ SEASTA — MÉIDEANNA FORORDAITHE

SCEIDEAL 9

FOIRM AN FHÓGRA UM ÍOCAÍOCHT SHEASTA

I.R. Uimh. 33 de 2015

RIALACHÁIN UM RIALÁIL TACSATHE (BEAGFHEITHICLÍ
SEIRBHÍSE POIBLÍ) 2015

Leis seo déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar le hait 7, 8, 20, 48, 56 agus 68 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2013 (Uimh. 37 de 2013), na rialacháin seo a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Lua

1. Féadfar Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí) 2015 a thabhairt ar na Rialacháin seo.

Tosú

2. Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh an 31 Eanáir 2015.

Sainmhínte agus Léirmhíniú

3. (1) Sna Rialacháin seo—

Ciallaíonn “Acht 1961” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961 (Uimh. 24 de 1961);

Ciallaíonn “Acht 2003” an tAcht um Rialáil Tacsaithe 2003 (Uimh. 25 de 2003);

Ciallaíonn “Acht 2004” an tAcht Inimirce 2004 (Uimh. 1 de 2004);

Ciallaíonn “Tástáil Eolais Limistéir” measúnacht a dhéanfaidh an tÚdarás ar an eolas atá ag duine ar threolaíocht, bealaí agus logainmneacha limistéar geografach ar leith agus nithe eile ábhartha d’oibriú beagfheithicil seirbhíse poiblí i limistéar mar sin;

ciallaíonn “táille áirithinte” aon táille a ghearrfar i ndáil le seirbhís tacsáí atá curtha in áirithe roimh ré ag nó thar ceann duine a bhfuil sé ar intinn aige nó aici a bheith ina phaisinéir nó ina paisinéir;

ciallaíonn “seirbhís áirithinte” seirbhís a éascaíonn do dhuine a bhfuil sé ar intinn aige nó aici a bheith ina phaisinéir nó ina paisinéir beagfheithicil seirbhíse poiblí a chur in áirithe nó fruiliú a eagrú do thuras amháin nó níos mó, seachas i gcás—

(a) socrú eagraithe do bheagfheithiclí seirbhíse poiblí in áit phoiblí, nó

Foilsíodh fógra san “Iris Oifigiúil” an 3 Feabhra, 2015, á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.

- (b) soláthar cúnamh áirithinte thar ceann duine a bhfuil sé ar intinn aige nó aici a bheith ina phaisinéir nó ina paisinéir nó tomhaltóir eile ag deasc eolais in óstán, oifig turasóireachta, aerfort, críochfort iompair nó áis seirbhís do chustaiméirí dá leithéid;

tá le “cab foirne” an bhrí a thugtar dó le halt 130 d’Acht Airgeadais 1992;

ciallaíonn “Rialacháin um Dhéanamh, Trealamh agus Úsáid” Rialacháin an Achta um Thrácht ar Bhóithre (Déanamh, Tógáil agus Úsáid Feithicil) 1963 go 2002;

ciallaíonn “dáta an chéadchláraithe” i gcás feithicle

- (a) an dáta ar céadcláraíodh an fheithicil sa Stát faoi alt 131(1) den Acht Airgeadais 1992,
- (b) sa chás gur cláraíodh an fheithicil i ndlínse eile faoi reachtaíocht comhfhreagrach roimh chlárú sa Stát, an dáta ar céadcláraíodh sa dlínse eile sin, nó
- (c) i gcás ar bith eile, an dáta a tháinig an fheithicil i mbun seirbhíse ar dtús.

ciallaíonn “ceadúnas oibreoir seachadta” ceadúnas gníomhú mar oibríteoir seoltach nó seirbhís áirithinte a sholáthar;

ciallaíonn “Tástáil Eolais Tionscail” measúnacht a dhéanfaidh an tÚdarás ar an eolas atá ag duine ar an reachtaíocht agus ar na cleachtais a bhaineann le ceadúnú agus oibriú beagfheithicil seirbhíse poiblí;

ciallaíonn “carr réidh le cóimeáil” feithicil ina bhfuil comhpháirteanna monaraithe ar leithligh atá cóimeáilte ag an gceannaitheoir nó ag páirtí seachas an monaróir;

ciallaíonn “limisín” beagfheithicil seirbhíse poiblí a bhfuil ceadúnas limisín arna ndeonú ina leith;

ciallaíonn “fruilcharr limistéir áitiúil” feithicil atá ceadúnaithe de réir na Rialachán seo gníomhú mar fhruilcharr i limistéar sonraithe;

ciallaíonn “ceadúnas tiománaí fruilchairr limistéir áitiúil” ceadúnas arna ndeonú i ndáil le duine chun fruilcharr limistéir áitiúil a thiomáint chun daoine a iompar ar luaíocht;

ciallaíonn “ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil” ceadúnas beagfheithicil seirbhíse poiblí arna ndeonú i ndáil le fruilcharr limistéir áitiúil;

ciallaíonn “aois incheadaithe uasta” i ndáil le beagfheithicil seirbhíse poiblí aois a leithéid d’fheithicil arna cinneadh de réir Rialachán 31, nach féidir an fheithicil sin a cheadúnú ina dhiaidh mar bheagfheithicil seirbhíse poiblí sa chatagóir ceadúnais feithicle ábhartha;

ciallaíonn “feithicil bunathraithe” feithicil nach ionann í agus gnáthghluaisteán paisinéirí olltáirgthe lena n-áirítear—

- (a) feithicil a tiontaíodh ó fheithicil earraí nó feithicil earraí éadroma gan cineál-cheadú ina dhiaidh sin,
- (b) feithicil atá sínte,
- (c) carr réidh le cóimeáil, nó
- (d) feithicil nach suíocháin, criosanna sábháilteachta agus ancaireachtaí criosanna sábháilteachta bunaidh atá ann nó nach ionann a suiteáil agus suiteáil bhunaidh;

ciallaíonn “neamhnáisiúnach” duine ar tugadh cead dó nó di faoi Acht 2004;

ciallaíonn “seirbhís roinnte neamhthráchtála feithicil phearsanta” seirbhís roinnte feithicil phearsanta gan luaíocht don duine atá i mbun na seirbhíse nó seirbhís eile a sholáthar agus nuair nach ndéantar aon íocaíocht, nó nach déantar táillí a mhuirearú, ar an duine atá i mbun ghníomhú na seirbhíse i ndáil le soláthar na seirbhíse;

ciallaíonn “oileán eischósta” oileán ar cuid den Stát é ach nach bhfuil nasc bóthair ná droichid aige leis an gcuid eile den Stát;

tá le “cead” an bhrí a thugtar dó le halt 4 d’Acht 2004;

ciallaíonn “roinnt feithicil phearsanta”, a bhaineann le seirbhís roinnte feithicil phearsanta, mótarfeithicil phríobháideach do phaisinéirí a bheith in úsáid ag duine nach é nó í úinéir cláraithe na feithicle nó duine atá i dteideal sheilbh nó úsáid na feithicle de réir dlí;

ciallaíonn “seirbhís roinnte feithicil phearsanta” seirbhís a bhfuil socruithe á soláthar aici chun turais atá á ndéanamh mar chuid de roinnt feithicil phearsanta a éascú;

tá le “bailiú” an bhrí a thugtar dó le halt 130 d’Acht Airgeadais 1992;

ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Rialáil Tacsaithe 2013 (Uimh. 37 de 2013);

tá le “úinéir cláraithe” an bhrí a thugtar dó le halt 3(1) d’Acht 1961;

ciallaíonn “córas roth breise” soláthar bunaidh sonraíochta an mhoraróra nó—

- (a) roth nó fonsa feistithe le bonn atá oiriúnach le húsáid ar aon suíomh acastóra agus ar féidir é a fheistiú d’fheithicil ar bith le húsáid láithreach agus a bheidh oiriúnach lena leithéid d’úsáid,
- (b) gaireas ar féidir é a úsáid chun aon roth feistithe don fheithicil a ardú airde réasúnta ón talamh, agus

(c) cibé uirlisí atá riachtanach do bhaint nó d’athsholáthar roth nó fonsa ar a bhfuil bonn dá dtagraítear dó i mír (a);

ciallaíonn “Tástáil Iontrála Tiománaí BFSP” measúnacht ina n-áirítear an Tástáil Eolais Tionscail agus an Tástáil Eolais Limistéir i ndáil le limistéar singil oibríochta;

ciallaíonn “Cárta Aitheantais Tiománaí BFSP” an cárta aitheantais phearsanta ar a bhfuil grianghraf eisithe ag an Údarás do thiománaithe beagfheithicil seirbhíse poiblí;

ciallaíonn “Cárta Taispeána Tiománaí BFSP” an cárta aitheantais/limistéar oibriúcháin le taispeáint ar an dais eisithe ag an Údarás do thiománaithe beagfheithicil seirbhíse poiblí;

ciallaíonn “fruilcharr caighdeánach” beagfheithicil seirbhíse poiblí a bhfuil ceadúnas fruilchairr chaighdeánaigh arna ndeonú ina leith;

ciallaíonn “tacsáí caighdeánach” feithicil seirbhíse sráide (de réir na brí a thugtar dó le halt 3 d’Acht 1961) nach ionann é agus tacsáí oiriúnach do chathaoir rothaí;

ciallaíonn “measúnóir teicniúil” innealtóir meicniúil nó mótarfheithicil, measúnóir mótarfheithicil nó duine ag a bhfuil cáilíochtaí cosúla, a measann an tÚdarás, mar gheall ar a inniúlacht nó ar a hinniúlacht, taithí agus neamhspleáchas, gur duine cuí é nó í le hoiriúnacht agus sábháilteacht feithicil inneallghluaiste a mheas;

ciallaíonn “buntuarascáil measúnóir teicniúil” deimhniú, a bhfuil a fhoirm agus a shubstaint chun sástachta an Údaráis, a sholáthraíonn measúnóir teicniúil i ndiaidh amharciniúchadh a dhéanamh ar fheithicil, a léiríonn go bhfuil na Rialacháin um Dhéanamh, Tógáil agus Úsáid agus ceanglais ábhartha Chuid 4 de na Rialacháin seo á gcomhlíonadh ag an bhfeithicil, ina riocht bunathraithe;

ciallaíonn “tuarascáil iomlán measúnóir teicniúil” deimhniú, a bhfuil a fhoirm agus a shubstaint chun sástachta an Údaráis, a sholáthraíonn measúnóir teicniúil i ndiaidh amharciniúchadh a dhéanamh ar fheithicil agus athbhreithniú gairmiúil a dhéanamh ar na sonraí tástála tionlacain, a léiríonn go bhfuil ceanglais infheidhme Chuid 4 de na Rialacháin seo, na forálacha ábhartha riachtanacha cineál-cheadaithe agus na Rialacháin um Dhéanamh, Tógáil agus Úsáid Feithicil i ndáil le gluaisteáin phaisinéara M1 á gcomhlíonadh;

ciallaíonn “tuarascáil LPG measúnóir teicniúil” deimhniú, a bhfuil a fhoirm agus a shubstaint chun sástachta an Údaráis, a sholáthraíonn measúnóir teicniúil i ndiaidh amharciniúchadh a dhéanamh ar fheithicil agus ar na hoiriúnaithe comhpháirte nó córais déanta don fheithicil chun gás peitriam leachtaithe nó gás nádúrtha comhbhrúite a úsáid, agus go bhfuil na Rialacháin um Dhéanamh, Trealamh agus Úsáid Feithicil á gcomhlíonadh ag a leithéid d’oiriúnú;

tá le “deimhniú tástála” an bhrí a thugtar dó le Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán) 2014 (I.R. Uimh. 322 de 2014);

ciallaíonn “cineál-cheadú” an próiseas deimhnithe trína sásaíonn cineál feithicle na forálacha riaracháin cuí agus na ceanglais theicniúla forchurtha ag, nó de bhua, Threoir 2007/46/CE;

ciallaíonn “modh VDA” modh tomhais toirt bagáiste Chumann Thionscal Mótarfeithicilí na Gearmáine, *Verband die Automobil Industrie*;

ciallaíonn “VIN” uimhir aitheantais feithicle arb ionann í agus teaghlaim bhuan carachtar sannta do gach feithicil ag an moraróir agus marcáilte ar phláta an mhoraróra agus ar an bhfonnadh, fráma nó struchtúr eile dá leithéid;

ciallaíonn “limisín seanré” limisín a céadcláraíodh roimh 1 Eanáir 1980;

ciallaíonn “fruilcharr oiriúnach do chathaoir rothaí” beagfheithicil seirbhíse poiblí tógtha nó oiriúnaithe chun úsáideoirí cathaoir rothaí atá ina suí ina gcathaoir rothaí a iompar a bhfuil ceadúnas do hacnaí oiriúnach do chathaoir rothaí i bhfeidhm ina leith; agus

ciallaíonn “tacsáí oiriúnach do chathaoir rothaí” feithicil seirbhíse sráide (de réir na brí a thugtar dó le halt 3 d’Acht 1961) atá tógtha nó oiriúnaithe chun úsáideoirí cathaoir rothaí atá suite ina gcathaoir rothaí a iompar.

(2) Sna Rialacháin seo—

- (a) Déanann an tÚdarás Rialacháin 5(*g*), 5(*h*), 6, 8(*g*), 8(*h*), 9(*g*) agus 9(*h*) i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 8 den Phríomh-Acht,
- (b) Déanann an tÚdarás Rialachán 10 i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 56 den Phríomh-Acht,
- (c) Déanann an tÚdarás Rialachán 21 i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 68 den Phríomh-Acht,
- (d) Déanann an tÚdarás Rialachán 23 i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 56 den Phríomh-Acht,
- (e) Déanann an tÚdarás Rialachán 51(4) i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 7 den Phríomh-Acht,
- (f) Déanann an tÚdarás Rialacháin 66 agus 67 i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 48 den Phríomh-Acht,
- (g) seachas i gcás Rialachán 5(*g*), 5(*h*), 6, 8(*g*), 8(*h*), 9(*g*), 9(*h*), 10 agus 21, déanann an tÚdarás na Rialacháin atá cuimsithe i gCuid 2 agus i gCuid 3 i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 7 den Phríomh-Acht, agus
- (h) seachas i gcás Rialachán 23, 51(4), 66 agus 67 déanann an tÚdarás na Rialacháin atá cuimsithe i gCodanna 4 go 10 i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 20 den Phríomh-Acht.

Coigilteoir agus cúlghairm

4. (1) Beidh ceadúnas a bhronntar faoi na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (Comhdhlúthú agus Athchóiriú) 2014 (I.R. Uimh. 165 de 2014) nó de bhun na rialachán a ndéantar faoi Acht 2003 nó alt 82 d'Acht 1961 atá bailí láithreach roimh thosú na Rialachán seo bailí i gcomhréir i gcomhréir lena chuid téarmaí faoi mar a mbeadh dá mbronnfaí faoi na Rialacháin seo é.

(2) Seachas i gcás Rialacháin 52, sainmhíniú an Phríomh-Achta agus Sceideal 10, a gcúlghairtear le héifeacht ó 30 Aibreán 2015, cúlghairtear leis seo na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (Comhdhlúthú agus Athchóiriú) 2014 (I.R. Uimh. 165 de 2014).

CUID 2

CEADÚNÚ TIOMÁNAITHE BEAGFHEITHICLÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ

Iarratas ar cheadúnas nua chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint

5. Faoi réir Rialachán 9, beidh na nithe seo a leanas ag gabháil le hiarratas á iarraidh go ndeonófar ceadúnas nua chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint—

- (a) fianaise—
 - (i) go sealbhaíonn an t-iarratasóir ceadúnas bailí tiomána gan formhuiniú, agus
 - (ii) gur shealbhaigh an t-iarratasóir an ceadúnas tiomána dá dtagraítear i bhfomhír (i) ar bhonn leanúnach i rith na tréimhse dhá mhí dhéag díreach roimh dháta a iarratais nó a hiarratais,
- (b) fianaise go bhfuil an táille chuí a shonraítear i Sceideal 1 íoctha leis an Údarás,
- (c) gealltanais, más rud é go ndeonófar an ceadúnas, nach dtiomáinfidh an t-iarratasóir beagfheithicil seirbhíse poiblí ar feadh níos mó ná aon uair déag in aon lá amháin in aon tréimhse trí lá i ndiaidh a chéile,
- (d) deimhniú imréitigh cánach bailí atá i bhfeidhm de thuras na huaire i leith an iarratasóra faoi alt 1095 (a cuireadh isteach le halt 127 den Acht Airgeadais, 2002) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,
- (e) fianaise go bhfuil an Tástáil Iontrála iomchuí do Thiománaithe Beagfheithicilí Seirbhíse Poiblí curtha i gcrích go rathúil ag an iarrthóir don limistéar oibrithe roghnaithe,
- (f) an fhaisnéis a éilítear faoi alt 11 den Phríomh-Acht i ndáil le haon ghairm eile atá ag an iarratasóir,
- (g) dearbhú ag an iarratasóir—

- (i) nach ndéanann a shláinte ná a sláinte difear, go feadh méid ábhartha, dá chumas nó dá cumas beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint, agus
 - (ii) nach bhfuil drugaí ná cógais á nglacadh aige nó aici, ar bhonn rialta, ar dhócha dóibh bheith ina gcúis leis an bhfeithicil a bheadh sé nó sí ag tiomáint in áit phoiblí a bheith ina húdar contúirte don phobal,
- (h) má iarrtar ag an údarás ceadúnúcháin—
- (i) deimhniú i bhfoirm agus i substaint a mbeidh an t-údarás ceadúnúcháin sásta léi maidir le cibé acu an raibh aon cheann de na riochtaí sláinte arna liostú i gCuid 5 d'Fhoirm D401 de Sceideal 1 de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadúnú Tiománaithe) 2006 (I.R. Uimh. 537 de 2006) ar an iarratasóir roimhe seo, nó an bhfuil siad air nó uirthi anois, agus
 - (ii) más rud é go raibh aon cheann de na riochtaí sláinte dá dtagraítear i bhfomhír (h) ar an iarratasóir roimhe seo, nó más rud é go bhfuil ceann díobh air nó uirthi faoi láthair, tuairisc liachta atá go substaintiúil i bhfoirm Fhoirm D501 de Sceideal 1 de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadúnú Tiománaithe) 2006 (I.R. Uimh. 537 de 2006),
- (i) dearbhú ón iarratasóir lena dheimhniú nár ciontaíodh é nó í in aon cheann de na cionta arna sonrú in alt 30(3) nó sa Sceideal leis an bPríomh-Acht, agus
- (j) cibé nithe eile a ordóidh an t-údarás ceadúnúcháin ó am go ham.

Tástáil Iontrála Tiománaí BFSP

6. (1) Faoi réir mhír (3) agus Rialachán (9), déanfaidh iarratasóir ar cheadúnas nua chun beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint an Tástáil Iontrála do Thiománaithe Beagfheithicil Seirbhíse Poiblí atá iomchuí don limistéar oibríthe a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith.

(2) Ar chríochnú rathúil na Tástála Iontrála do Thiománaithe Beagfheithicil Seirbhíse Poiblí dá dtagraítear i mír (1) dó nó di, eiseoidh an tÚdarás teastas don iarratasóir i cibé foirm a chinnfidh an tÚdarás, ar a mbeidh deimhniú maidir leis an limistéar oibríthe iomchuí chun seasaimh nó chun bheith ar tairiscint le fruiliú ar ina leith a chríochnaigh an t-iarratasóir Triail Eolais ar Limistéar go rathúil.

(3) I gcás iarratasóra ar cheadúnas nua chun beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint—

- (a) a shealbhaigh ceadúnas den sórt sin roimhe sin (seachas ceadúnas a deonaíodh faoi Rialachán 9) i rith an dá mhí dhéag roimh dháta a iarratais nó a hiarratais, agus

- (b) a chríochnaigh an Tástáil Iontrála do Thiománaithe Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí go rathúil roimhe seo i ndáil leis an limistéar oibrithe a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith,

ní cheanglófar air nó uirthi an Tástáil Iontrála do Thiománaithe Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí a dhéanamh in athuair.

(4) Féadfaidh sealbhóir ceadúnais chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint (seachas ceadúnas a deonaíodh faoi Rialachán 9) iarratas a dhéanamh ar údarú chun seasaimh nó chun bheith ar tairiscint le fruiliú i limistéir eile sa bhreis ar na limistéir arna n-údarú ar a cheadúnas nó ar a ceadúnas reatha agus féadfaidh an tÚdarás an t-údarú sin a dheonú ar chríochnú rathúil na Trialach Eolais ar Limistéar ag an iarratasóir atá iomchuí don limistéar oibrithe a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith.

Foirm agus ré an cheadúnais chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint

7. (1) Faoi réir mhír (2), beidh ceadúnas chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint a dheonóidh an t-údarás ceadúnúcháin i cibé foirm a ordóidh an t-údarás ceadúnúcháin.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (1), deimhneofar na nithe seo a leanas ar cheadúnas chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint a dheonóidh an t-údarás ceadúnúcháin—

- (a) go bhfuil an sealbhóir ainmnithe ceadúnaithe chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint,
- (b) an dáta a deonaíodh an ceadúnas,
- (c) ainm agus seoladh an duine dá ndeonaíodh an ceadúnas,
- (d) uimhir an cheadúnais,
- (e) dáta éagtha an cheadúnais,
- (f) an limistéar nó na limistéir oibrithe a bhfuil sealbhóir an cheadúnais ceadúnaithe chun seasaimh nó chun bheith ar tairiscint le fruiliú ina leith, agus
- (g) cibé nithe eile a chinnfidh an t-údarás ceadúnúcháin.

(3) Fanfaidh ceadúnas chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint i bhfeidhm go dtí an ní is túisce díobh seo a leanas a tharlóidh—

- (a) deireadh tréimhse cúig bliana ó dháta a dheonaithe nó a athnuachana,
- (b) tabhairt suas an cheadúnais ag an sealbhóir,
- (c) cúlghairm an cheadúnais faoin bPríomh-Acht, agus
- (d) dícháiliú shealbhóir an cheadúnais de bhun alt 30 nó alt 38 den Phríomh-Acht.

Iarratas ar athnuachan ar cheadúnas chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint

8. (1) Faoi réir Rialachán 9, déanfar iarratas á iarraidh go ndeonófar athnuachan ar cheadúnas chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint tráth nach luaithe ná trí mhí roimh dháta éagtha an cheadúnais reatha agus beidh na nithe seo a leanas ag gabháil leis—

- (a) fianaise go bhfuil ceadúnas bailí tiomána ag an iarratasóir,
- (b) fianaise go bhfuil an táille chuí a shonraítear i Sceideal 1 íoctha leis an Údarás,
- (c) gealltanais, más rud é go ndeonófar an ceadúnas, nach dtiomáinfidh an t-iarratasóir beagfheithicil seirbhíse poiblí ar feadh níos mó ná aon uair déag in aon lá amháin in aon tréimhse trí lá i ndiaidh a chéile,
- (d) deimhniú imréitigh cánach bailí atá i bhfeidhm de thuras na huaire i leith an iarratasóra faoi alt 1095 (a cuireadh isteach le halt 127 den Acht Airgeadais, 2002) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,
- (e) an fhaisnéis a éilítear faoi Alt 11 den Phríomh-Acht i ndáil le haon ghairm eile atá ag an iarratasóir,
- (f) má éilíonn an tÚdarás é faoi Rialachán 11, fianaise ar chríochnú rathúil na Trialach Eolais ar Limistéar ag an iarratasóir a bhaineann leis an limistéar ar ina leith atá sé nó sí ceadúnaithe chun seasaimh nó chun bheith ar tairiscint le fruiliú,
- (g) dearbhú ag an iarratasóir—
 - (i) nach ndéanann a shláinte ná a sláinte difear, go feadh méid ábhartha, dá chumas nó dá cumas beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint, agus
 - (ii) nach bhfuil drugaí ná cógais á nglacadh aige nó aici, ar bhonn rialta, ar dhócha dóibh bheith ina gcúis leis an bhfeithicil a bheadh sé nó sí ag tiomáint in áit phoiblí a bheith ina húdar contúirte don phobal,
- (h) má iarrtar ag an údarás ceadúnúcháin—
 - (i) deimhniú i bhfoirm agus i substaint a mbeidh an t-údarás ceadúnúcháin sásta léi maidir le cibé acu an raibh aon cheann de na riochtaí sláinte arna liostú i gCuid 5 d'Fhoirm D401 de Sceideal 1 de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadúnú Tiománaithe) 2006 (I.R. Uimh. 537 de 2006) ar an iarratasóir roimhe seo, nó an bhfuil siad air nó uirthi anois, agus
 - (ii) más rud é go raibh aon cheann de na riochtaí sláinte dá dtagraítear i bhfomhír (h)(i) ar an iarratasóir roimhe seo, nó más rud é go bhfuil ceann díobh air nó uirthi faoi láthair, tuairisc

liachta atá go substaintiúil i bhfoirm Fhoirm D501 de Sceideal 1 de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadúnú Tiománaithe) 2006 (I.R. Uimh. 537 de 2006),

(i) dearbhú ón iarratasóir lena dheimhniú nár ciontaíodh é nó í in aon cheann de na cionta arna sonrú in alt 30(3) nó sa Sceideal leis an bPríomh-Acht, agus

(j) cibé nithe eile a ordóidh an t-údarás ceadúnúcháin ó am go ham.

(2) I gcás ina bhfaigheann an t-údarás ceadúnúcháin iarratas á iarraidh go ndeonófar athnuachan ar cheadúnas chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint de réir mhír (1) tráth nach déanaí ná sé seachtaine roimh dháta éagtha an cheadúnais reatha, beidh feidhm ag forálacha alt 9(16) den Phríomh-Acht.

(3) Ní dhéanfar iarratas á iarraidh go ndeonófar athnuachan ar cheadúnas chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint tráth nach déanaí ná aon bhliain amháin tar éis dháta éagtha an cheadúnais sin.

Ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil a thiomáint

9. (1) Beidh na nithe seo a leanas ag gabháil le hiarratas á iarraidh go ndeonófar ceadúnas nua tiomána i leith fruilcharr limistéir áitiúil—

(a) fianaise go sealbhaíonn an t-iarratasóir ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil,

(b) fianaise—

(i) go sealbhaíonn an t-iarratasóir ceadúnas bailí tiomána gan formhuiniú, agus

(ii) gur shealbhaigh an t-iarratasóir an ceadúnas tiomána dá dtagraítear i bhfomhír (i) ar bhonn leanúnach i rith na tréimhse dhá mhí dhéag díreach roimh dháta a iarratais nó a hiarratais,

(c) fianaise go bhfuil an táille chuí a shonraítear i Sceideal 1 íoctha leis an Údarás,

(d) deimhniú imréitigh cánach bailí atá i bhfeidhm de thuras na huaire i leith an iarratasóra faoi alt 1095 (a cuireadh isteach le halt 127 den Acht Airgeadais, 2002) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

(e) an fhaisnéis a éilítear faoi Alt 11 den Phríomh-Acht i ndáil le haon ghairm eile atá ag an iarratasóir,

(f) má éilíonn an tÚdarás é, fianaise ar chríochnú rathúil na Trialach Eolais ar Limistéar ag an iarratasóir le haghaidh an limistéir lena mbaineann an t-iarratas sin,

(g) dearbhú ag an iarratasóir—

- (i) nach ndéanann a shláinte ná a sláinte difear, go feadh méid ábhartha, dá chumas nó dá cumas beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint, agus
- (ii) nach bhfuil drugaí ná cógais á nglacadh aige nó aici, ar bhonn rialta, ar dhócha dóibh bheith ina gcúis leis an bhfeithicil a bheadh sé nó sí ag tiomáint in áit phoiblí a bheith ina húdar contúirte don phobal,

(h) má iarrtar ag an údarás ceadúnúcháin—

- (i) deimhniú i bhfoirm agus i substaint a mbeidh an t-údarás ceadúnúcháin sásta léi maidir le cibé acu an raibh aon cheann de na riochtaí sláinte arna liostú i gCuid 5 d'Fhoirm D401 de Sceideal 1 de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadúnú Tiománaithe) 2006 (I.R. Uimh. 537 de 2006) ar an iarratasóir roimhe seo, nó an bhfuil siad air nó uirthi anois, agus
- (ii) más rud é go raibh aon cheann de na riochtaí sláinte dá dtagraítear i bhfomhír (h) ar an iarratasóir roimhe seo, nó más rud é go bhfuil ceann díobh air nó uirthi faoi láthair, tuairisc liachta atá go substaintiúil i bhfoirm Fhoirm D501 de Sceideal 1 de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadúnú Tiománaithe) 2006 (I.R. Uimh. 537 de 2006),

(i) dearbhú ón iarratasóir lena dheimhniú nár ciontaíodh é nó í in aon cheann de na cionta arna sonrú sa Sceideal leis an bPríomh-Acht,

(j) fianaise, i bhfoirm agus i substaint a mbeidh an t-údarás ceadúnúcháin sásta léi, go mbaineann an t-iarratas go substaintiúil leis an limistéar céanna ar ina leith a shealbhaíonn an t-iarratasóir an ceadúnas dá dtagraítear i mír (1)(a), agus

(k) cibé nithe eile a ordóidh an t-údarás ceadúnúcháin ó am go ham.

(2) I gcás ina bhfaigheann an t-údarás ceadúnúcháin iarratas á iarraidh go ndeonófar athnuachan ar cheadúnas fruilchairr limistéir áitiúil de réir mhír (1) tráth nach déanaí ná sé seachtaine roimh dháta éagtha an cheadúnais reatha, beidh feidhm ag forálacha alt 9(16) den Phríomh-Acht.

(3) Fanfaidh ceadúnas tiomána i leith fruilcharr limistéir áitiúil i bhfeidhm go dtí an ní is túisce díobh seo a leanas a tharlóidh—

(a) deireadh tréimhse trí bliana ó dháta a dheonaithe thosaigh,

(b) tabhairt suas an cheadúnais ag an sealbhóir,

(c) cúlghairm an cheadúnais faoin bPríomh-Acht,

(d) aicme cheadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí ar bith eile seachas ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil á fáil ag an sealbhóir, nó

(e) dícháiliú shealbhóir an cheadúnais de bhun alt 30 nó alt 38 den Phríomh-Acht.

(4) I gcás ina dtéann ceadúnas tiomána i leith fruilcharr limistéir áitiúil in éag de réir mhír (3)(a), féadfaidh sealbhóir an cheadúnais sin iarratas a dhéanamh chun an údarás ceadúnúcháin faoi mhír (1) á iarraidh go ndeonófar ceadúnas nua tiomána i leith fruilcharr limistéir áitiúil.

(5) Ní thiomáinfidh duine fruilcharr limistéir áitiúil chun paisinéirí a iompar ar luaíocht mura sealbhaíonn sé nó sí ceadúnas bailí chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint nó ceadúnas bailí tiomána i leith fruilcharr limistéir áitiúil.

(6) Is coinníoll de chuid ceadúnais chun fruilcharr limistéir áitiúil a thiomáint nach dtiomáinfidh sealbhóir an cheadúnais beagfheithicil seirbhíse poiblí, seachas fruilcharr limistéir áitiúil, chun paisinéirí a iompar ar luaíocht.

Díolúine ó cheanglas ceadúnas a shealbhú chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint

10. (1) Ní cheanglaítear ar dhuine ceadúnas a shealbhú chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint sna cásanna seo a leanas—

- (a) tiomáineann sé nó sí feithicil mar chuid de sheirbhís roinnte feithicle pearsanta neamhthráchtála agus ní fhaigheann sé nó sí luaíocht ar bith ar a sheirbhísí nó a seirbhísí, seachas suim airgid a íoctar leis nó léi nach mó í ná costas réasúnach an bhreosla arna ídiú i soláthar na seirbhíse sin, nó
- (b) oibríonn sé nó sí feithicil faoi chonradh fostaíochta i gcás nach mbaineann oibriú na feithicle sin ach amháin le hiompar an duine ar leis nó ar léi an fheithicil nó a bhfuil an fheithicil ina sheilbh aige nó ina seilbh aici.

(2) Ní bheidh sealbhóir ceadúnais chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint rannpháirteach i gclár roinnte feithicle pearsanta.

Tástáil Shainordaitheach Eolais Limistéir

11. (1) Féadfaidh an tÚdarás a cheangal ar iarratasóir á iarraidh go ndeonófar athnuachan ar cheadúnas chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint Triail Eolais ar Limistéar a dhéanamh i ndáil leis an limistéar lena mbaineann an t-iarratas sin i gcás, sa tréimhse trí bliana díreach roimh dháta an iarratais sin, ina bhfuair an tÚdarás trí ghearán nó níos mó ó phaisinéirí maidir le heolas an iarratasóra ar an tíreolaíocht, ar na conairí nó ar na logainmneacha sa limistéar sin.

(2) I gcás ina gceanglaíonn an tÚdarás ar an sealbhóir ceadúnais Triail Eolais ar Limistéar a dhéanamh de réir mhír (1), cuirfidh an tÚdarás an chéad triail den sórt sin ar fáil in aisce don sealbhóir ceadúnais.

CUID 3

CEADÚNÚ BEAGFHEITHICLÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ

Ceadúnas amháin, feithicil amháin

12. (1) Ní bheidh ach ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí amháin i bhfeidhm i leith feithicle aon tráth.

(2) Ní dheonófar ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí i ndáil le, nó a bhaineann ar shlí eile le, feithicil a bhfuil ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí i bhfeidhm ina leith cheana féin.

Ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí nua a dheonú

13. (1) Faoi réir Rialachán 22, déanfar iarratas chun ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a dheonú chun an Údaráis de réir an Rialacháin seo agus beidh an táille a shonraítear i Sceideal 1 ag gabháil leis.

(2) I gcás ina ndéanfar iarratas chun ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a dheonú chun an Údaráis, féadfaidh an tÚdarás tairiscint choinníollach a dhéanamh i ndáil le deonú an cheadúnais nua i leith feithicle ar choinníoll—

- (a) i gcás feithicil mhodhnaithe, go mbeidh fianaise ag gabháil leis an iarratas, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, go gcomhlíonann an fheithicil lena mbaineann an t-iarratas ceanglais Rialachán 29,
- (b) i gcás iarratais i ndáil le ceadúnas tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ceadúnas fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, go soláthróidh an t-iarratasóir iad seo a leanas—
 - (i) ainmneacha aon daoine, lena n-áirítear an sealbhóir ceadúnais, atá beartaithe chun an fheithicil a thiomáint nó a úsáid chun paisinéirí a iompar ar luaíocht,
 - (ii) na sonraí teagmhála atá beartaithe chun críocha áirithint a dhéanamh i leith na feithicle,
 - (iii) na limistéir sa Stát ina mbeartaíonn an sealbhóir ceadúnais an fheithicil a thiomáint nó a úsáid chun paisinéirí a iompar ar luaíocht, agus
 - (iv) na laethanta agus na tráthanna ar lena linn a bheartaíonn an sealbhóir ceadúnais an fheithicil a chur ar fáil chun paisinéirí a iompar ar luaíocht, agus
- (c) go gcomhlíonann an fheithicil na ceanglais um aois feithicle atá leagtha amach sna Rialacháin seo agus nach bhfuil sí de chineál feithicle ar leith ná de mhúnla feithicle ar leith a bhfuil sé cinnte ag an Údarás ina thaobh nach gcomhlíonann sé na ceanglais is infheidhme maidir leis an earnáil ceadúnais feithicle iomchuí faoi Chuid 4 de na Rialacháin seo

(3) Faoi réir Rialacháin 17, maidir le hiarratas ar dheonú ceadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí nua, seachas ceadúnas limisín nó ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil, ní fhéadfaidh an tÚdarás ceadúnas den sórt sin a dheonú ach amháin sa chás nár bhain an fheithicil is ábhar don iarratas amach cothrom sé bliana ó dháta céadchláraithe na feithicle agus go gcomhlíonann an fheithicil is ábhar don iarratas na sonraíochtaí a bhaineann le tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó fruilcharranna atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, de réir mar is cuí, atá sna Rialacháin seo.

(4) I gcás ina ndearna an tÚdarás tairiscint choinníollach faoi mhír (2), féadfaidh an tÚdarás ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a dheonú más rud é, laistigh de thréimhse a bheidh sonraíthe ag an Údarás,—

(a) tugann an t-iarratasóir—

(i) fianaise, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, gur eisíodh deimhniú tástála tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta an iarratais i leith na feithicle is ábhar don iarratas,

(ii) deimhniú imréitigh cánach bailí atá i bhfeidhm de thuras na huaire i leith an iarratasóra faoi alt 1095 (a cuireadh isteach le halt 127 den Acht Airgeadais, 2002) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

(iii) fianaise, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, go bhfuil an fheithicil is ábhar don iarratas clúdaithe ag árachas arna sholáthar ag árachóir feithicle (de réir bhrí alt 58 d'Acht 1961) i leith paisinéirí arna n-iompar ar luaíocht san fheithicil sin,

(iv) faoi réir mhír (5), i gcás iarratasóra ar neamh-náisiúnach é nó í, dearbhú ón duine sin nach bhfuil coinníollacha a cheada nó a ceadá ina mbac air nó uirthi gnó a oibriú nó a bheith féinfhostaithe sa Stát,

(v) fianaise, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis—

(A) gurb é nó í an t-iarratasóir úinéir cláraithe na feithicle is ábhar don iarratas, nó

(B) go bhfuil teideal dlí ag an iarratasóir i ndáil le húsáid agus seilbh na feithicle is ábhar don iarratas ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mhí ó dháta an iarratais,

(vi) i gcás gur cuideachta an t-iarratasóir, an fhaisnéis a cheanglaítear faoi alt 9(10) den Phríomh-Acht, agus

(b) go bhfuil an tÚdarás sásta, tar éis measúnú ar an bhfeithicil ag an Údarás nó thar ceann an Údaráis, go gcomhlíonann an fheithicil na ceanglais is infheidhme maidir leis an earnáil ceadúnais feithicle iomchuí faoi Chuid 4 de na Rialacháin seo, ar choinníoll, i gcás inar chinn an tÚdarás nach gcomhlíonann cineál feithicle ar leith nó múnla

feithicle ar leith na ceanglais is infheidhme maidir leis an earnáil ceadúnais feithicle sin faoi Chuid 4 de na Rialacháin seo, go bhféadfaidh an tÚdarás diúltú an ceadúnas a dheonú mura ndéantar measúnú ar an bhfeithicil ar leith.

(5) Aon duine a mbeidh dearbhú déanta aige nó aici de réir mhír (4)(a)(iv), tabharfaidh sé nó sí fianaise ar aird, má iarrann an tÚdarás sin, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, nach bhfuil coinníollacha a cheada nó a cheada ina mbac air nó uirthi gnó a oibriú nó a bheith féinfhostaithe sa Stát.

Ceadúnas beagfheithicil seirbhíse poiblí a athnuachan

14. (1) Faoi réir Rialachán 22, déanfar iarratas chun ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a athnuachan chun an Údaráis de réir an Rialacháin seo tráth nach luaithe ná seasca lá roimh dháta éaga an cheadúnais atá ann cheana féin agus beidh an táille iomchuí a shonraítear i Sceideal 1 ag gabháil leis.

(2) Ní fhéadfaidh an tÚdarás ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a athnuachan ach amháin sa chás—

(a) tugann an t-iarratasóir—

- (i) fianaise, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, gur eisíodh deimhniú tástála tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta an iarratais i leith na feithicle is ábhar don iarratas,
- (ii) deimhniú imréitigh cánach bailí atá i bhfeidhm de thuras na huairé i leith an iarratasóra faoi alt 1095 (a cuireadh isteach le halt 127 den Acht Airgeadais, 2002) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,
- (iii) fianaise, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, go bhfuil an fheithicil is ábhar don iarratas clúdaithe ag árachas arna sholáthar ag árachóir feithicle (de réir bhrí alt 58 d'Acht 1961) i leith paisinéirí arna n-iompar ar luaíocht san fheithicil sin,
- (iv) (faoi réir mhír (4), i gcás iarratasóra ar neamh-náisiúnach é nó í, dearbhú ón duine sin nach bhfuil coinníollacha a cheada nó a cheada ina mbac air nó uirthi gnó a oibriú nó a bheith féinfhostaithe sa Stát,
- (v) fianaise, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis—
 - (A) gurb é nó í an t-iarratasóir úinéir cláraithe na feithicle is ábhar don iarratas, nó
 - (B) go bhfuil teideal dlí ag an iarratasóir i ndáil le húsáid agus seilbh na feithicle is ábhar don iarratas ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mhí ó dháta an iarratais,
- (vi) dearbhú nár modhnaíodh an fheithicil ó thráth an mheasúnaithe dheireanaigh uirthi ag an Údarás nó thar ceann an Údaráis, nó i

gcás inar modhnaíodh an fheithicil amhlaidh, go bhfuil fianaise ag gabháil leis an iarratas, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis,

(vii) i gcás iarratais chun ceadúnas tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a athnuachan nó chun ceadúnas fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a athnuachan, an fhaisnéis seo a leanas—

(A) ainmneacha aon daoine, lena n-áirítear an sealbhóir ceadúnais, atá beartaithe chun an fheithicil a thiomáint nó a úsáid chun paisinéirí a iompar ar luaíocht,

(B) na sonraí teagmhála ar fad atá ar fáil chun críocha áirithint a dhéanamh i leith na feithicle,

(C) na limistéir sa Stát ina mbeartaíonn an sealbhóir ceadúnais an fheithicil a thiomáint nó a úsáid chun paisinéirí a iompar ar luaíocht,

(D) na laethanta agus na tráthanna ar lena linn a bheartaíonn an sealbhóir ceadúnais an fheithicil a chur ar fáil chun paisinéirí a iompar ar luaíocht, agus

(viii) i gcás gur cuideachta an t-iarratasóir, an fhaisnéis a cheanglaítear faoi alt 9(10) den Phríomh-Acht, agus

(b) go bhfuil an tÚdarás sásta, tar éis measúnú ar an bhfeithicil ag an Údarás nó thar ceann an Údaráis, go gcomhlíonann an fheithicil na ceanglais is infheidhme maidir leis an earnáil ceadúnais feithicle iomchuí faoi Chuid 4 de na Rialacháin seo, ar choinníoll, i gcás inar chinn an tÚdarás nach gcomhlíonann cineál feithicle ar leith nó múnla feithicle ar leith na ceanglais is infheidhme maidir leis an earnáil ceadúnais feithicle sin faoi Chuid 4 de na Rialacháin seo, go bhféadfaidh an tÚdarás diúltú an ceadúnas a dheonú mura ndéantar measúnú ar an bhfeithicil ar leith.

(3) I gcás ina bhfaighidh an tÚdarás iarratas chun ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a athnuachan de réir mhír (1) agus mhír (2) tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine roimh dháta éaga an cheadúnais atá ann cheana féin, beidh feidhm ag forálacha alt 9(16) den Phríomh-Acht.

(4) Aon duine a mbeidh dearbhú déanta aige nó aici de réir mhír (2)(a)(iv), tabharfaidh sé nó sí fianaise ar aird, má iarrann an tÚdarás sin, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, nach bhfuil coinníollacha a cheada nó a cheada ina mbac air nó uirthi gnó a oibriú nó a bheith féinfhostaithe sa Stát.

Tréimhse bailíochta ceadúnas beagfheithicil seirbhíse poiblí

15. (1) Rachaidh ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí nua arna dheonú ag an Údarás faoi Rialachán 13 nó Rialachán 22 in éag ar an dáta is luaithe díobh seo a leanas—

(a) an dáta atá ann—

(i) i gcás ceadúnas limisín (seachas ceadúnas limisín seanré) a bhaineann le feithicil a bhfuil cothrom deich mbliana nó níos mó ó dháta céadchláráithe na feithicle bainte amach aici, sé mhí tar éis an dáta ar ar deonaíodh é, nó

(ii) i gcás ceadúnas limisín a bhaineann le feithicil ar bith eile, bliain amháin tar éis an dáta ar ar deonaíodh é,

(b) an dáta ar a slánóidh an fheithicil a haois uasta incheadaithe,

(c) tabhairt suas an cheadúnais ag an sealbhóir,

(d) cúlghairm an cheadúnais faoin bPríomh-Acht, nó

(e) an sealbhóir ceadúnais do scor de theideal dlí a bheith aige nó aici i ndáil le húsáid agus seilbh na feithicle lena mbaineann an ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí.

(2) Faoi réir mhír (3), rachaidh ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí arna athnuachan ag an Údarás faoi Rialachán 14 nó Rialachán 22 in éag ar an dáta is luaithe díobh seo a leanas—

(a) i gcás ina ndéanfar an ceadúnas a athnuachan roimh an dáta éaga a shonraítear ar an gceadúnas, an dáta a bheidh bliain amháin tar éis an dáta éaga sin,

(b) i gcás ina ndéanfar an ceadúnas a athnuachan tar éis an dáta éaga a shonraítear ar an gceadúnas, an dáta a bheidh bliain amháin tar éis an dáta ar a ndearnadh athnuachan air,

(c) i gcás ceadúnais arna athnuachan faoi Rialachán 22, an dáta a bheidh trí bliana tar éis an dáta ar ar deonaíodh an ceadúnas den chéad uair,

(d) an dáta ar a slánóidh an fheithicil a haois uasta incheadaithe,

(e) forghéilleadh an cheadúnais ag an sealbhóir,

(f) cúlghairm an cheadúnais faoin bPríomh-Acht, nó

(g) an sealbhóir ceadúnais do scor de theideal dlí a bheith aige nó aici i ndáil le húsáid agus seilbh na feithicle lena mbaineann an ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí.

(3) Faoi réir mhír (4), i gcás ina ndéanfaidh an tÚdarás ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a athnuachan i leith feithicle a bhfuil, ar dháta athnuachana an cheadúnais, cothrom deich mbliana nó níos mó ó dháta céadchláráithe na feithicle bainte amach aici, rachaidh an ceadúnas sin in éag ar an dáta is luaithe díobh seo a leanas—

- (a) i gcás ina ndéanfar an ceadúnas a athnuachan roimh an dáta éaga a shonraítear ar an gceadúnas, an dáta a bheidh sé mhí tar éis an dáta éaga sin,
- (b) i gcás ina ndéanfar an ceadúnas a athnuachan tar éis an dáta éaga a shonraítear ar an gceadúnas, an dáta a bheidh sé mhí tar éis an dáta ar a ndearnadh athnuachan air,
- (c) an dáta ar a slánóidh an fheithicil a haois uasta incheadaithe,
- (d) tabhairt suas an cheadúnais ag an sealbhóir,
- (e) cúlghairm an cheadúnais faoin bPríomh-Acht, agus
- (f) an sealbhóir ceadúnais do scor de theideal dlí a bheith aige nó aici i ndáil le húsáid agus seilbh na feithicle lena mbaineann an ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí.

(4) I gcás ina ndéanfar ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a athnuachan i leith feithicle dá dtagraítear i mír (3) ar limisín seanré í nó nach n-úsáidtear í ach amháin ar oileán amach ón gcósta, rachaidh an ceadúnas sin in éag ar an dáta is luaithe díobh seo a leanas—

- (a) i gcás ina ndéanfar an ceadúnas a athnuachan roimh an dáta éaga a shonraítear ar an gceadúnas, an dáta a bheidh bliain amháin tar éis an dáta éaga sin,
- (b) i gcás ina ndéanfar an ceadúnas a athnuachan tar éis an dáta éaga a shonraítear ar an gceadúnas, an dáta a bheidh bliain amháin tar éis an dáta ar a ndearnadh athnuachan air,
- (c) an dáta ar a slánóidh an fheithicil a haois uasta incheadaithe,
- (d) tabhairt suas an cheadúnais ag an sealbhóir,
- (e) cúlghairm an cheadúnais faoin bPríomh-Acht, agus
- (f) an sealbhóir ceadúnais do scor de theideal dlí a bheith aige nó aici i ndáil le húsáid agus seilbh na feithicle lena mbaineann an ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí.

(5) Ní dhéanfaidh duine iarratas chun an Údaráis ar cheadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a dheonú i leith feithicle a bhfuil a haois uasta incheadaithe bainte amach aici.

Athrú ar fheithicil

16. (1) Déanfar iarratas chun ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a leanúint i bhfeidhm i leith feithicil dhifriúil chun an Údaráis agus an táille a shonraítear i Sceideal 1 ag gabháil leis.

(2) Féadfaidh an tÚdarás leanúint i bhfeidhm ceadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí i leith fheithicil dhifriúil a cheadú i gcás—

(a) tugann an t-iarratasóir—

(i) fianaise, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, gur eisíodh deimhniú tástála tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta an iarratais i leith na feithicle is ábhar don iarratas,

(ii) deimhniú imréitigh cánach bailí atá i bhfeidhm de thuras na huaire i leith an iarratasóra faoi alt 1095 (a cuireadh isteach le halt 127 den Acht Airgeadais, 2002) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

(iii) fianaise, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, go bhfuil an fheithicil is ábhar don iarratas clúdaithe ag árachas arna sholáthar ag árachóir feithicle (de réir bhrí alt 58 d'Acht 1961) i leith paisinéirí arna n-iompar ar luaíocht san fheithicil sin,

(iv) (faoi réir mhír (3), i gcás iarratasóra ar neamh-náisiúnach é nó í, dearbhú ón duine sin nach bhfuil coinníollacha a cheada nó a ceadá ina mbac air nó uirthi gnó a oibriú nó a bheith féinfhostaithe sa Stát,

(v) fianaise, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis—

(A) gurb é nó í an t-iarratasóir úinéir cláraithe na feithicle is ábhar don iarratas, nó

(B) go bhfuil teideal dlí ag an iarratasóir i ndáil le húsáid agus seilbh na feithicle is ábhar don iarratas ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mhí ó dháta an iarratais,

(vi) i gcás gur cuideachta an t-iarratasóir, an fhaisnéis a cheanglaítear faoi alt 9(10) den Phríomh-Acht,

(b) i gcás feithicil mhodhnaithe, go mbeidh fianaise ag gabháil leis an iarratas, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, go gcomhlíonann an fheithicil lena mbaineann an t-iarratas ceanglais Rialachán 29,

(c) i gcás iarratais i ndáil le ceadúnas tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ceadúnas fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, an fhaisnéis seo a leanas—

(i) ainmneacha aon daoine, lena n-áirítear an sealbhóir ceadúnais, atá beartaithe chun an fheithicil a thiomáint nó a úsáid chun paisinéirí a iompar ar luaíocht,

(ii) na sonraí teagmhála ar fad atá ar fáil chun críocha áirithint a dhéanamh i leith na feithicle,

- (iii) na limistéir sa Stát ina mbeartaíonn an sealbhóir ceadúnais an fheithicil a thiomáint nó a úsáid chun paisinéirí a iompar ar luaíocht, agus
 - (iv) na laethanta agus na tráthanna ar lena linn a bheartaíonn an sealbhóir ceadúnais an fheithicil a chur ar fáil chun paisinéirí a iompar ar luaíocht, agus
- (d) go bhfuil an tÚdarás sásta, tar éis measúnú ar an bhfeithicil ag an Údarás nó thar ceann an Údaráis, go gcomhlíonann an fheithicil na ceanglais is infheidhme maidir leis an earnáil ceadúnais feithicle ábhartha faoi Chuid 4 de na Rialacháin seo, ar choinníoll, i gcás inar chinn an tÚdarás nach gcomhlíonann cineál feithicle ar leith nó múnla feithicle ar leith na ceanglais is infheidhme maidir leis an earnáil ceadúnais feithicle sin faoi Chuid 4 de na Rialacháin seo, go bhféadfaidh an tÚdarás diúltú an ceadúnas a dheonú mura ndéantar measúnú ar an bhfeithicil ar leith.

(3) Aon duine a mbeidh dearbhú déanta aige nó aici de réir mhír (2)(a)(iv), tabharfaidh sé nó sí fianaise ar aird, má iarrann an tÚdarás sin, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, nach bhfuil coinníollacha a cheada nó a ceada ina mbac air nó uirthi gnó a oibriú nó a bheith féinfhostaithe sa Stát.

(4) Ach amháin i gcás ceadúnas limisín, ní cheadóidh an tÚdarás iarratas faoi mhír (1) sa chás ina bhfuil cothrom deich mbliana nó níos mó ó dháta céadchláraithe na feithicle bainte amach ag an bhfeithicil a bhfuil sé beartaithe ina leith go leanfaidh an ceadúnas i bhfeidhm.

(5) I gcás ina gceadóidh an tÚdarás ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a leanúint i bhfeidhm i leith feithicil dhifriúil, meastar go bhfuil athnuachan déanta ag an Údarás ar an gceadúnas faoi Rialachán 14 le héifeacht ó dháta an cheadaithe sin.

(6) I gcás ina leanann ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí i bhfeidhm i leith feithicil dhifriúil faoin Rialachán seo agus, laistigh d'ocht seachtaine ó leanúint i bhfeidhm den sórt sin, go gcuirtear an fheithicil bhunaidh ar an gceadúnas in athuair, féadfaidh an sealbhóir ceadúnais iarratas a dhéanamh chun an Údarás ar aisíocaíocht de chaoga faoin gcéad den táille arna híoc ag an iarratasóir faoi mhír (1).

(7) Faoi réir mhír (8), i gcás ceadúnas nua i ndáil le tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ceadúnas nua i ndáil le fruilcharr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí arna eisiúint faoi na Rialacháin seo, ní fhéadfaidh an tÚdarás iarratas a dheonú faoi mhír (1) ach amháin sa chás nach bhfuil an fheithicil a bhfuil sé beartaithe ina leith go leanfaidh an ceadúnas i bhfeidhm, ar cibé dáta a bhfaighidh an tÚdarás an t-iarratas sin, níos sine ná an fheithicil lena ngabhann an ceadúnas ag tráth an iarratais sin.

(8) Chun críocha mhír (7), i gcás nach mbeidh aon fheithicil ag gabháil leis an gceadúnas ag tráth iarratais faoi mhír (1), ní fhéadfaidh an tÚdarás an t-iarratas sin a dheonú ach amháin sa chás nach bhfuil an fheithicil a bhfuil sé

beartaithe ina leith go leanfaidh an ceadúnas i bhfeidhm, ar cibé dáta a bhfaighidh an tÚdarás an t-iarratas sin, níos sine ná an fheithicil is déanaí ar ghabh an ceadúnas léi.

(9) Féadfaidh sealbhóir ceadúnais tacsáí chaighdeánaigh iarratas a dhéanamh chun an Údaráis ar cheadúnas den sórt sin a leanúint i bhfeidhm i leith feithicle atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí—

- (a) a chomhlíonann na caighdeáin feithicle agus na ceanglais a shonraítear i Sceideal 2 agus i Sceideal 4, agus
- (b) nach bhfuil cothrom sé bliana nó níos mó ó dháta céadchláraithe na feithicle bainte amach aici.

(10) Féadfaidh sealbhóir ceadúnais ar leanadh i bhfeidhm é faoi mhír (9), iarratas a dhéanamh ina dhiaidh sin ar leanúint i bhfeidhm an cheadúnais sin i leith feithicle a chomhlíonann na caighdeáin feithicle agus na ceanglais a shonraítear i Sceideal 2.

Athsholáthar ceadúnais atá imithe in éag

17. (1) Ach amháin más rud é—

- (a) go ndearnadh ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a fhorghéilleadh nó a chúlghairm, nó
- (b) i gcás ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil, go mbeidh tréimhse trí bliana caite ó deonaíodh an ceadúnas sin den chéad uair,

féadfaidh sealbhóir ceadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí atá imithe in éag, faoi réir an Rialacháin seo, iarratas a dhéanamh chun an Údaráis ar an gceadúnas atá imithe in éag a athsholáthar i leith na feithicle céanna nó i leith feithicil dhifriúil ar choinníoll go mbeidh an táille iomchuí a shonraítear i Sceideal 1 ag gabháil leis an iarratas sin.

(2) Féadfaidh an tÚdarás iarratas a cheadú faoi mhír (1), ar choinníoll—

- (a) go ndéanfar an t-iarratas chun an Údaráis ar an dáta nó roimh an dáta a bheidh dhá mhí dhéag tar éis dháta éaga an cheadúnais, agus
- (b) tar éis measúnú ar an bhfeithicil ag an Údarás nó thar ceann an Údaráis, go bhfuil an tÚdarás sásta go gcomhlíonann an fheithicil na ceanglais is infheidhme maidir leis an earnáil ceadúnais feithicle ábhartha faoi Chuid 4 de na Rialacháin seo, ar choinníoll, i gcás inar chinn an tÚdarás nach gcomhlíonann cineál feithicle ar leith nó múnla feithicle ar leith na ceanglais is infheidhme maidir leis an earnáil ceadúnais feithicle sin faoi Chuid 4 de na Rialacháin seo, go bhféadfaidh an tÚdarás diúltú an ceadúnas a athsholáthar mura ndéantar measúnú ar an bhfeithicil ar leith.

Bás sealbhóir ceadúnais

18. (1) Féadfaidh an tÚdarás iarratas faoi alt 15 den Phríomh-Acht ó ionadaí ainmnithe chun leanúint ar aghaidh ag oibriú ceadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí a cheadú más rud é—

- (a) go soláthraíonn an t-ionadaí ainmnithe—
 - (i) fianaise, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, gur eisíodh deimhniú tástála tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta an iarratais i leith na feithicle is ábhar don iarratas,
 - (ii) deimhniú imréitigh cánach a eisíodh i leith an ionadaí ainmnithe faoi alt 1095 (a cuireadh isteach le halt 127 den Acht Airgeadais, 2002) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, agus
 - (iii) fianaise, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, go bhfuil an fheithicil is ábhar don iarratas clúdaithe ag árachas arna sholáthar ag árachóir feithicle (de réir bhrí alt 58 d’Acht 1961) i leith paisinéirí arna n-iompar ar luaíocht san fheithicil sin,
- (b) go bhfuil an táille iomchuí a shonraítear i Sceideal 1 ag gabháil leis an iarratas,
- (c) go ndéanfar an t-iarratas laistigh den tréimhse ama a shonraítear in alt 15 den Phríomh-Acht,
- (d) i gcás feithicil mhodhnaithe, go mbeidh fianaise ag gabháil leis an iarratas, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, go gcomhlíonann an fheithicil lena mbaineann an t-iarratas ceanglais Rialachán 29,
- (e) i gcás iarratais i ndáil le ceadúnas tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ceadúnas fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, an fhaisnéis seo a leanas—
 - (i) ainmneacha aon daoine, lena n-áirítear an sealbhóir ceadúnais, atá beartaithe chun an fheithicil a thiomáint nó a úsáid chun paisinéirí a iompar ar luaíocht,
 - (ii) na sonraí teagmhála ar fad atá ar fáil chun críocha áirithint a dhéanamh i leith na feithicle,
 - (iii) na limistéir sa Stát ina mbeartaíonn an sealbhóir ceadúnais an fheithicil a thiomáint nó a úsáid chun paisinéirí a iompar ar luaíocht, agus
 - (iv) na laethanta agus na tráthanna ar lena linn a bheartaíonn an sealbhóir ceadúnais an fheithicil a chur ar fáil chun paisinéirí a iompar ar luaíocht, agus

- (f) tar éis measúnú ar an bhfeithicil ag an Údarás nó thar ceann an Údaráis, go bhfuil an tÚdarás sásta go gcomhlíonann an fheithicil na ceanglais is infheidhme maidir leis an earnáil ceadúnais feithicle ábhartha faoi Chuid 4 de na Rialacháin seo, ar choinníoll, i gcás inar chinn an tÚdarás nach gcomhlíonann cineál feithicle ar leith nó múnla feithicle ar leith na ceanglais is infheidhme maidir leis an earnáil ceadúnais feithicle sin faoi Chuid 4 de na Rialacháin seo, go bhféadfaidh an tÚdarás diúltú an ceadúnas a dheonú mura ndéantar measúnú ar an bhfeithicil ar leith.

Foirm an deimhnithe ceadúnais feithicle

19. Sonrófar an méid seo a leanas ar cheadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí arna eisiúint i leith feithicle faoi na Rialacháin seo—

- (a) an dáta ar ar deonaíodh an ceadúnas don fheithicil sin
- (b) dáta éagtha an cheadúnais,
- (c) ainm agus seoladh an tsealbhóra ceadúnais,
- (d) uimhir an cheadúnais,
- (e) an líon uasta paisinéirí a bhfuil an fheithicil ceadúnaithe lena n-iompar ar luaíocht,
- (f) cláruimhir na feithicle lena ngabhann an ceadúnas, agus
- (g) déanamh na feithicle, a múnla, a dath, agus toilleadh a hinnill.

Ceadúnas a ghéilleadh

20. (1) Féadfaidh an sealbhóir ceadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí an ceadúnas a fhorghéilleadh don Údarás aon tráth.

(2) Nuair a dhéantar ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a fhorghéilleadh faoi mhír (1), measfar go bhfuil an ceadúnas imithe in éag go buan agus ní dhéanfar é a athnuachan faoi Rialachán 14 ná a athsholáthar faoi Rialachán 17.

Árachas

21. (1) Coimeádfaidh sealbhóir ceadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí i bhfeidhm ar feadh ré an cheadúnais polasaí árachais arna sholáthar ag árachóir feithicle (de réir bhrí alt 58 d'Acht 1961) i ndáil le hiompar paisinéirí ar luaíocht san fheithicil.

(2) Faoi réir mhír (3), déanfar an polasaí árachais dá dtagraítear i mír (1) a shealbhú-

- (a) in ainm shealbhóir an cheadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí lena mbaineann an polasaí árachais; nó

- (b) i gcomhpháirt idir níos mó ná páirtí amháin sa chás ina bhfuil páirtí amháin ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar an gceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí lena mbaineann an polasaí árachais.

(3) I gcás nach bhfuil an polasaí árachais dá dtagraítear i mír (1) arna shealbhú de réir mhír (2), soláthróidh sealbhóir an cheadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí dearbhú scríofa don Údarás ón gcuideachta árachais iomchuí nó ó bhróicéir atá ag gníomhú thar ceann na cuideachta árachais sin go bhfuil an chuideachta árachais ar an eolas nach ionann sealbhóir an pholasaí árachais agus an duine arb é nó í úinéir cláraithe na feithicle nó a bhfuil teideal dlí aige nó aici ar shlí eile maidir le húsáid agus seilbh na feithicle.

Ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil

22. (1) Ní fhéadfaidh an tÚdarás ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil nua a dheonú ná ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil a athnuachan ach amháin nuair a bheidh an tÚdarás sásta—

- (a) nach bhfuil riachtanais iompair phoiblí an limistéir a bhfuil an ceadúnas á lorg ina leith á gcomhlíonadh go sásúil ag seirbhísí iompair phoiblí atá ann cheana ná ag beagsheirbhísí iompair phoiblí arna ceadúnú ag an Údarás, agus
- (b) go bhfuil gá le soláthar na seirbhíse iompair phoiblí a bheidh faoi réir ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil d'fhonn freastal ar na riachtanais iompair phoiblí atá sa limistéar sin.

(2) Le linn breithniú i dtaobh cibé ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil a dheonú nó gan é a dheonú, beidh aird ag an Údarás ar an méid seo a leanas—

- (a) na riachtanais iompair phoiblí atá sa limistéar a bhfuil an ceadúnas á lorg ina leith,
- (b) aon seirbhísí iompair phoiblí nó seirbhísí arna n-oibriú ag beagfheithiclí seirbhíse poiblí arna gceadúnú ag an Údarás sa limistéar a bhfuil an ceadúnas á lorg ina leith agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag seirbhís fruilchairr limistéir áitiúil ar sheirbhísí den sórt sin atá ann cheana féin,
- (c) aon tograí eile le haghaidh seirbhísí iompair phoiblí sa limistéar a bhfuil an ceadúnas á lorg ina leith,
- (d) aon anailís ar an éileamh iompair a d'fhéadfadh a bheith déanta ag an Údarás nó thar ceann an Údaráis, nó ar shlí eile, agus
- (e) cibé faisnéis eile is dóigh leis an Údarás is iomchuí.

(3) Ní dheonóidh an tÚdarás ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil ach amháin sa chás—

- (a) tugann an t-iarratasóir—

- (i) fianaise go bhfuil an táille chuí a shonraítear i Sceideal 1 íoctha leis an Údarás,
- (ii) ach amháin i gcás iarratais chun an ceadúnas a athnuachan, deimhniú i scríbhinn—
 - (A) ó eagraíocht bhunaithe a dhéanann ionadaíocht ar ghnólachtaí áitiúla sa limistéar, nó
 - (B) ó ghrúpa pobail ar ábhar inní dó riachtanais shóisialta agus leasa pobail amháin nó níos mó, a bhfuil díolúine ó cháin ioncaim deonaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim dó faoi alt 207 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

ar an ngá atá le seirbhísí fruilchairr limistéir áitiúil den sórt sin sa limistéar atá beartaithe,

- (iii) ach amháin i gcás iarratais chun an ceadúnas a athnuachan, anailís, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, ar an ngá atá le seirbhís fruilchairr limistéir áitiúil den sórt sin sa limistéar atá beartaithe, arna déanamh ag an údarás áitiúil nó thar ceann an údaráis áitiúil a bhfuil an tseirbhís fruilchairr limistéir áitiúil ina limistéar riaracháin, mar aon le deimhniú i scríbhinn ón údarás áitiúil sin go bhfuil gá le seirbhís fruilchairr limistéir áitiúil den sórt sin sa limistéar atá beartaithe,
- (iv) fianaise, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, gur eisíodh deimhniú tástála tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta an iarratais i leith na feithicle is ábhar don iarratas,
- (v) deimhniú imréitigh cánach bailí atá i bhfeidhm de thuras na huaire i leith an iarratasóra faoi alt 1095 (a cuireadh isteach le halt 127 den Acht Airgeadais, 2002) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,
- (vi) fianaise, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, go bhfuil an fheithicil is ábhar don iarratas clúdaithe ag árachas arna sholáthar ag árachóir feithicle (de réir bhrí alt 58 d'Acht 1961) i leith paisinéirí arna n-iompar ar luaíocht san fheithicil sin,
- (vii) fianaise, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis—
 - (A) gurb é nó í an t-iarratasóir úinéir cláraithe na feithicle is ábhar don iarratas, nó
 - (B) go bhfuil teideal dlí ag an iarratasóir i ndáil le húsáid agus seilbh na feithicle is ábhar don iarratas ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mhí ó dháta an iarratais,
- (b) i gcás feithicil mhodhnaithe, go mbeidh fianaise ag gabháil leis an iarratas, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, go

gcomhlíonann an fheithicil lena mbaineann an t-iarratas ceanglais Rialachán 29, agus

- (c) tar éis measúnú ar an bhfeithicil ag an Údarás nó thar ceann an Údaráis, go bhfuil an tÚdarás sásta go gcomhlíonann an fheithicil na ceanglais is infheidhme maidir leis an earnáil ceadúnais feithicle ábhartha faoi Chuid 4 de na Rialacháin seo, ar choinníoll, i gcás inar chinn an tÚdarás nach gcomhlíonann cineál feithicle ar leith nó múnla feithicle ar leith na ceanglais is infheidhme maidir leis an earnáil ceadúnais feithicle sin faoi Chuid 4 de na Rialacháin seo, go bhféadfaidh an tÚdarás diúltú an ceadúnas a dheonú mura ndéantar measúnú ar an bhfeithicil ar leith.

(4) Déanfaidh sealbhóir ceadúnais fruilchairr limistéir áitiúil an méid seo a leanas—

- (a) áiritheoidh sé nó sí go bhfuil an fheithicil lena mbaineann an ceadúnas ar fáil ar cíos mar fhruilcharr limistéir áitiúil sa limistéar a bhfuil an ceadúnas deonaithe ina leith,
- (b) ní bheidh sé nó sí, le linn théarma an cheadúnais sin, i seilbh ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí maidir le feithicil ar bith, seachas an fheithicil dá dtagraítear i bhfomhír (a), agus
- (c) ní sholáthróidh sé nó sí seirbhísí i ndáil le hiompar paisinéirí ar luaíocht lasmuigh den limistéar áitiúil ar ina leith a deonaíodh an ceadúnas, ná ní dhéanfaidh sé nó sí fógraíocht ar sheirbhísí den sórt sin.

(5) Sonrófar i gceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil arna dheonú nó arna athnuachan ag an Údarás an limistéar ar deonaíodh an ceadúnas sin ina leith.

Díolúine ó cheanglas ceadúnas a shealbhú chun beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint

23. (1) Ní cheanglaítear ar dhuine ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a shealbhú i gcás ina bhfuil an fheithicil sin á hoibriú mar chuid de sheirbhís neamh-thráchtála um chomhroinnt feithicle pearsanta agus nach ndéantar aon íocaíochtaí i leith na seirbhíse sin seachas suim a íoc leis an tiománaí nach mó í ná costas réasúnach an bhreosla arna úsáid agus an tseirbhís sin á soláthar.

(2) Ní cheadóidh sealbhóir ceadúnais i leith beagfheithicle seirbhíse poiblí go mbeadh an fheithicil sin páirteach i glár um chomhroinnt feithicle pearsanta.

(3) Ní cheanglaítear ar dhuine ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a shealbhú i gcás ina bhfuil an fheithicil sin á tiomáint ag fostaí de chuid an duine sin agus ina bhfuil an fheithicil le haghaidh iompar an duine a bhfuil úinéireacht nó seilbh na feithicle aige nó aici, agus le haghaidh sin amháin.

CUID 4

CAIGHDEÁIN FEITHICLÍ

Ceanglais feithicle maidir le tacsáí caighdeánach

24. Comhlíonfaidh tacsaithe caighdeánacha na caighdeáin agus na ceanglais feithicle a shonraítear i Sceideal 2.

Ceanglais feithicle maidir le fruilcharr caighdeánach agus fruilcharr limistéir áitiúil

25. (1) Faoi réir mhír (2), comhlíonfaidh fruilcharranna caighdeánacha agus fruilcharranna limistéir áitiúil na caighdeáin agus na ceanglais feithicle a shonraítear i Sceideal 3.

(2) Beidh fruilcharranna limistéir áitiúil díolmhaithe ó cheanglais mhír 16 de Sceideal 3.

Ceanglais feithicle maidir le tacsáí oiriúnach do chathaoir rothaí

26. (1) Faoi réir mhír (2), comhlíonfaidh tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí na caighdeáin agus na ceanglais feithicle a shonraítear i Sceideal 2 agus Sceideal 4.

(2) I gcás ina mbaineann feithicil le ceadúnas tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a deonaíodh den chéad uair an 8 Meitheamh, 2010 nó roimhe sin agus inar bhain sí leis an gceadúnas sin an 1 Eanáir, 2013, beidh an fheithicil sin díolmhaithe ó cheanglais—

- (a) mhír 5 (Céim Rochtana a Sholáthar) de Sceideal 4,
- (b) mhír 6 (Ceanglais maidir le Céim Rochtana) de Sceideal 4,
- (c) mhír 7 (Sláine Céime Rochtana) de Sceideal 4,
- (d) mhír 8 (Ceanglais maidir le Córas Crochta Glúine) de Sceideal 4,
- (e) mhír 11 (Lámhleabhar Úsáideora) de Sceideal 4,
- (f) mhír 12 (Greamáin) de Sceideal 4,
- (g) mhír 13 (Soilsiú Istigh Spriocdhírthe) de Sceideal 4,
- (h) mhír 14 (Urlárlach) de Sceideal 4, agus
- (i) mhír 15 (Gléas Idirchumarsáide agus Lúb Ionduchtach) de Sceideal 4.

Ceanglais feithicle maidir le fruilcharr oiriúnach do chathaoir rothaí

27. Comhlíonfaidh tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí na caighdeáin agus na ceanglais feithicle a shonraítear i Sceideal 3 agus Sceideal 4.

Ceanglais feithicle maidir le limisín

28. Comhlíonfaidh limisíní na caighdeáin agus na ceanglais feithicle a shonraítear i Sceideal 5.

Feithiclí modhnaithe

29. (1) Maidir le hiarratas chun—

- (a) ceadúnas nua a dheonú i ndáil le tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ceadúnas nua a dheonú i ndáil le fruilcharr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, nó
- (b) ceadúnas tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ceadúnas fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a leanúint i bhfeidhm i leith feithicil dhifriúil,

beidh tuarascáil iomlán de chuid measúnóra theicniúil, dar dáta nach mó ná 60 lá roimh dháta an iarratais, ag gabháil leis, mar aon le pacáiste faisnéise ina bhfuil sonraí tástála foirmiúla lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an fheithicil (ag tagairt di lena huimhir aitheantais feithicle)—

- (i) i gcás iarratais i ndáil le ceadúnas tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, na caighdeáin agus na ceanglais feithicle a shonraítear i Sceideal 2, Sceideal 4 agus Sceideal 7, agus
- (ii) i gcás iarratais i ndáil le ceadúnas fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, na caighdeáin agus na ceanglais feithicle a shonraítear i Sceideal 3, Sceideal 4 agus Sceideal 7.

(2) Maidir le hiarratas chun athnuachan a dhéanamh ar cheadúnas tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a deonaíodh den chéad uair an 8 Meitheamh, 2010 nó roimhe sin—

- (a) sa chás ina ndéanfar an ceadúnas sin a athnuachan den chéad uair an 1 Eanáir, 2016 nó dá éis, agus
- (b) ag deireadh gach tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin ón gcéad athnuachan ar an gceadúnas sin faoi fhomhír (a),

beidh tuarascáil bhunúsach de chuid measúnóra theicniúil, dar dáta nach mó ná 60 lá roimh dháta an iarratais, ag gabháil leis, lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an fheithicil (ag tagairt di lena huimhir aitheantais feithicle) na caighdeáin feithicle ábhartha agus na ceanglais ábhartha a shonraítear i Sceideal 2, Sceideal 4 agus Sceideal 7 i leith feithicle den sórt sin.

(3) Maidir le hiarratas chun—

- (c) ceadúnas nua tacsáí chaighdeánaigh, ceadúnas nua fruilchairr chaighdeánaigh nó ceadúnas nua fruilchairr limistéir áitiúil a dheonú i leith feithicil mhodhnaithe, nó
- (d) ceadúnas tacsáí chaighdeánaigh, ceadúnas fruilchairr chaighdeánaigh, nó ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil a leanúint i bhfeidhm i leith feithicil dhifriúil,

beidh tuarascáil iomlán de chuid measúnóra theicniúil, dar dáta nach mó ná 60 lá roimh dháta an iarratais, ag gabháil leis, mar aon le pacáiste faisnéise lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an fheithicil (ag tagairt di lena huimhir aitheantais feithicle)—

- (i) i gcás iarratais i ndáil le ceadúnas tacsáí chaighdeánaigh, na caighdeáin agus na ceanglais feithicle a shonraítear i Sceideal 2, agus
- (ii) i gcás iarratais i ndáil le ceadúnas fruilchairr chaighdeánaigh, nó, faoi réir Rialachán 25(2), ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil, na caighdeáin agus na ceanglais feithicle a shonraítear i Sceideal 3.

(4) Maidir le hiarratas chun ceadúnas tacsáí chaighdeánaigh, ceadúnas fruilchairr chaighdeánaigh nó ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil a athnuachan i ndáil le feithicil mhodhnaithe—

- (a) sa chás ina ndéanfar an ceadúnas sin a athnuachan den chéad uair an 1 Eanáir, 2016 nó dá éis, agus
- (b) ag deireadh gach tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin ón gcéad athnuachan ar an gceadúnas sin faoi fhomhír (a),

beidh tuarascáil bhunúsach de chuid measúnóra theicniúil, dar dáta nach mó ná 60 lá roimh dháta an iarratais, ag gabháil leis, lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an fheithicil (ag tagairt di lena huimhir aitheantais feithicle)—

- (i) i gcás iarratais i ndáil le ceadúnas tacsáí chaighdeánaigh, na caighdeáin agus na ceanglais feithicle a shonraítear i Sceideal 2, agus
- (ii) i gcás iarratais i ndáil le ceadúnas fruilchairr chaighdeánaigh, nó, faoi réir Rialachán 25(2), ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil, na caighdeáin agus na ceanglais feithicle a shonraítear i Sceideal 3.

(5) Maidir le hiarratas chun—

- (a) ceadúnas nua limisín a dheonú i ndáil le feithicil mhodhnaithe, nó
- (b) ceadúnais limisín a leanúint i bhfeidhm i leith feithicil dhifriúil ar fheithicil mhodhnaithe í,

beidh tuarascáil iomlán de chuid measúnóra theicniúil, dar dáta nach mó ná 60 lá roimh dháta an iarratais, ag gabháil leis, mar aon le pacáiste faisnéise lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an fheithicil (ag tagairt di lena huimhir aitheantais feithicle) na caighdeáin agus na ceanglais feithicle a shonraítear i Sceideal 5.

(6) Maidir le hiarratas chun ceadúnas limisín a athnuachan i ndáil le feithicil mhodhnaithe—

- (a) sa chás ina ndéanfar an ceadúnas sin a athnuachan den chéad uair an 1 Eanáir, 2016 nó dá éis, agus
- (b) ag deireadh gach tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin ón gcéad athnuachan ar an gceadúnas sin faoi fhomhír (a),

beidh tuarascáil bhunúsach de chuid measúnóra theicniúil, dar dáta nach mó ná 60 lá roimh dháta an iarratais, ag gabháil leis, lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an fheithicil (ag tagairt di lena huimhir aitheantais feithicle) na caighdeáin agus na ceanglais feithicle a shonraítear i Sceideal 5.

(7) I gcás ina mbeidh beagfheithicil seirbhíse poiblí curtha in oiriúint chun oibriú ag baint úsáide as gás peitriiliam leachtaithe nó gás nádúrtha comhbhrúite, cibé acu i dteannta modh gluaiseachta atá ann cheana nó ar shlí eile, soláthróidh sealbhóir an cheadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí tuarascáil GPL de chuid measúnóra theicniúil á dhaingniú go gcomhlíonann an t-oiriúnú gáis don fheithicil (ag tagairt di lena huimhir aitheantais feithicle) na Ceanglais ábhartha um Thógáil, um Threalamh agus um Úsáid.

(8) Soláthrófar an tuarascáil de chuid measúnóra theicniúil dá dtagraítear i mír (7) don Údarás ag an chéad mheasúnú feithicle ina dhiaidh sin tráth athnuaithe an cheadúnais de réir Rialachán 14(2).

(9) I gcás ina ndéantar beagfheithicil seirbhíse poiblí a mhodhnú i leith aon cheann de na nithe a luaitear sa Rialachán seo, déanfaidh sealbhóir an cheadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí, laistigh de dheich lá ó dhéantar cibé modhnú,—

- (a) fógra a thabhairt don Údarás i scríbhinn i dtaobh an mhodhnaithe sin, agus
- (b) an tuarascáil ábhartha de chuid measúnóra theicniúil a thabhairt don Údarás, amhail mar a bheadh de dhíth le haghaidh iarratais chun ceadúnas a athnuachan i leith na feithicle sin, de réir an Rialacháin seo.

Toirmeasc ar fheistiú tacsaiméadair

30. Ní bheidh fruilcharranna agus limisíní feistithe le tacsaiméadar.

Ceanglais um aois uasta incheadaithe

31. (1) Faoi réir mhír (2) agus mhír (3), is ionann an aois uasta incheadaithe

- (a) tacsáí caighdeánach, fruilcharr caighdeánach nó fruilcharr limistéir áitiúil agus deich mbliana ó dháta céadchláráithe na feithicle, agus
- (b) tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó fruilcharr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí agus cúig bliana déag ó dháta céadchláráithe na feithicle.

(2) I gcás ina mbaineann feithicil le ceadúnas tacsáí chaighdeánaigh nó ceadúnas fruilcharr chaighdeánaigh a deonaíodh den chéad uair roimh an 1

Eanáir, 2009 agus inar bhain sí leis an gceadúnas sin an 1 Eanáir 2013, is ionann an aois uasta incheadaithe i leith na feithicle sin agus cúig bliana déag ó dháta céadchláráithe na feithicle.

(3) Níl feidhm leis an Rialachán maidir le—

- (a) limisíní, nó
- (b) tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó fruilcharr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a bhaineann le ceadúnas na beagfheithicle seirbhíse poiblí an 1 Aibreán, 2014.

Comh-aitheantas

32. Sásófar na caighdeáin agus na ceanglais feithicle dá dtagraítear sa Chuid 4 seo ach iad seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) caighdeán nó cód cleachtas ábhartha de chuid comhlachta um chaighdeáin náisiúnta nó comhlachta choibhéisigh i Stát ar bith de chuid LEE,
- (b) aon chaighdeán idirnáisiúnta ábhartha arna aithint le húsáid i Stát ar bith de chuid LEE, nó
- (c) aon rialachán teicniúil ábhartha a bhfuil feidhm éigeantach nó feidhm de facto aige maidir le margáíocht nó úsáid i Stát ar bith de chuid LEE,

sa mhéid go gcumasáíonn an caighdeán, an cód cleachtas, an rialachán teicniúil nó an próiseas atá i gceist sláinte agus sábháilteacht paisinéirí agus tiománaithe a chosaint agus cur chun cinn seirbhísí inrochtana do phaisinéirí faoi mhíchumas a chomhlíonadh ar bhealach comhionann.

Toirmeasc ar fheithiclí áirithe

33. (1) Ní dheonóidh an tÚdarás ceadúnas i leith feithicle ar criúchábán nó truíclín í.

(2) Sa chás go mbíonn easaontas idir Rialachán 32 agus Rialachán 33(1), beidh Rialachán 33(1) i réim.

Líon suíochán do phaisinéirí a chinneadh

34. (1) Faoi réir mhír (2), déanfar an líon paisinéirí a bhfuil cóiríocht paisinéara ar fáil dóibh i mbeagfheithicil seirbhíse poiblí a chinneadh trí thagairt don líon ionad suí san fheithicil, ar an gcoinníoll nach mó líon uasta na n-ionad suí ná a hocht, gan suíochán an tiománaí san áireamh.

(2) Déanfar ionaid suí chun críocha mhír (1) a chinneadh trí thagairt don mhéid seo a leanas—

- (a) tá leithead íosta saoiseoige 400 milliméadar de dhíth i leith gach ionaid suí,

- (b) déantar ionad suí atá feistithe le crios sábhála a áireamh mar ionad suí amháin,
- (c) i ndáil le suíochán binse gan crios sábhála, déanfar an líon ionad suí a mheas mar iolrach ar an leithead íosta saoiseoige 400 milliméadar a cheanglaítear maidir le gach ionad, agus
- (d) i ndáil le feithicil atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, déanfar gach spás do chathaoir rothaí a áireamh mar ionad suí amháin.

(3) I gcás beagfheithicil seirbhíse poiblí ar féidir léi freastal ar níos mó ná ocht n-ionad suí, gan suíochán an tiománaí san áireamh, déanfaidh sealbhóir an cheadúnais beagfheithicil seirbhíse poiblí díchumasú buan, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara díchumasú buan, ar aon ionad suí san fheithicil de bhreis ar ocht gcinn, gan suíochán an tiománaí san áireamh.

CUID 5

DUALGAIS SEALBHÓIRÍ CEADÚNAS FRUILCHAIRR OIRIÚNACH DO CHATHAOIR ROTHÁÍ AGUS CEADÚNAS TACSAÍ OIRIÚNACH DO CHATHAOIR ROTHÁÍ

Faisnéis le soláthar don Údarás

35. (1) Soláthróidh sealbhóir ceadúnais tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ceadúnais fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí don Údarás, ar iarratas agus laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an tÚdarás, an fhaisnéis seo a leanas—

- (a) ainmneacha aon daoine, lena n-áirítear an sealbhóir ceadúnais, a bheidh ag tiomáint nó ag úsáid na feithicil chun paisinéirí a iompar ar luaíocht,
- (b) na sonraí teagmhála ar fad atá ar fáil chun críocha áirithint a dhéanamh i leith na feithicil,
- (c) na limistéir sa Stát ina dtiomáineann nó ina n-úsáideann an sealbhóir ceadúnais an fheithicil chun paisinéirí a iompar ar luaíocht, agus
- (d) na laethanta agus na tráthanna ar lena linn a gcuireann an sealbhóir ceadúnais an fheithicil ar fáil chun paisinéirí a iompar ar luaíocht.

(2) Féadfaidh an tÚdarás an fhaisnéis arna soláthar faoi mhír (1), agus aon fhaisnéis den chineál céanna arna soláthar ag an sealbhóir ceadúnais mar chuid dá iarratas nó dá hiarratas ar cheadúnas faoi Chuid 3 de na Rialacháin seo, a úsáid nó a phoibliú chun cabhrú le tomhaltóirí ar mian leo leas a bhaint as tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó fruilcharr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, nó tacsáí nó fruilcharr den sórt sin a chur in áirithe.

(3) Féadfaidh an tÚdarás faisnéis bhreise a iarraidh i ndáil le haon fhaisnéis arna soláthar ag sealbhóir ceadúnais faoi mhír (1) agus soláthróidh an sealbhóir ceadúnais cibé faisnéis bhreise go pras arna iarraidh sin ag an Údarás.

(4) I gcás ina mbeidh athrú ina dhiaidh sin ar aon fhaisnéis arna soláthar don Údarás faoi—

- (a) mhír (1) den Rialachán seo,
- (b) Rialachán 13(2)(b),
- (c) Rialachán 14(2)(a)(vii), nó
- (d) Rialachán 16(2)(b),

soláthróidh an sealbhóir ceadúnais mionsonraí na hathraithe sin chuig an Údarás go pras.

Taifid áirithintí a choimeád

36. (1) Coinneoidh sealbhóir ceadúnais tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ceadúnais fruilchairr inrochtana ag cathaoireacha rothaí taifid ar na háirithintí ar fad arna bhfáil.

(2) Áireofar leis na taifid dá dtagraítear i mír (1)—

- (a) dáta agus am na háirithinte,
- (b) ainm agus sonraí teagmhála an duine a dhéanann an áirithint,
- (c) ainm agus sonraí teagmhála an duine a bheartaíonn taisteal,
- (d) ceann scríbe an turais arna chur in áirithe,
- (e) an t-am ag ar tosaíodh an táille, agus
- (f) an t-am ag ar thángthas ag an gceann scríbe.

(3) Tar éis iarraidh a fháil ón Údarás, cuirfidh sealbhóir ceadúnais tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ceadúnais fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí na taifid dá dtagraítear sa Rialachán seo ar fáil lena n-iniúchadh, i cibé foirm agus ar cibé modh a cheanglóidh an tÚdarás, go pras, agus, in aon chás, laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an tÚdarás.

(4) Coinneofar gach taifead arna chruthú ag sealbhóir ceadúnais faoin Rialachán seo ar feadh tréimhse nach lú ná bliain amháin ó dháta a chruthaithe.

Tosaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas

37. Tabharfaidh sealbhóir ceadúnais tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ceadúnais fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí tosaíocht d'áirithintí i leith daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear daoine ar mian leo taisteal ina gcuid cathaoireacha rothaí.

CUID 6

DUALGAIS TIOMÁNAITHE BEAGFHEITHICLÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ

Dualgais tiománaithe beagfheithiclí seirbhíse poiblí

38. (1) Déanfaidh tiománaí beagfheithiclé seirbhíse poiblí, agus paisinéirí á n-iompar ar luaíocht aige nó aici, an méid seo a leanas—

- (a) na daoine sin agus bagáiste a iompar agus an fheithicil a thiomáint chuig cibé áiteanna a ordóidh an fruilitheoir le réasún,
- (b) gluaiseacht ag luas réasúnach fad a bheifear ag tiomáint amhlaidh, agus
- (c) fanacht leis an bhfeithicil ag na háiteanna sin agus ar feadh cibé fad ama a ordóidh an fruilitheoir le réasún.

(2) I gcás ina n-iarrfaidh paisinéir ar thiománaí tacsáí tiomáint chuig áit shonraithe agus, tar éis teacht ag an áit shonraithe sin, ina n-iarrfaidh sé nó sí ar an tiománaí tiomáint chun áit shonraithe eile, beidh sé de dhualgas ar an tiománaí an iarraidh dheiridh sin a chomhlíonadh mura mainneoidh an paisinéir sin—

- (a) an táille dhleathach a thairiscint i leith na coda críochnaithe den turas, nó
- (b) a chruthú chun sástacht réasúnach an tiománaí go n-íocfaidh sé nó sí an táille dhleathach don turas iomlán nuair a chuirfidh an tiománaí ceangal amhlaidh air nó uirthi.

(3) I gcás ina ndéanfaidh paisinéir nó paisinéir beartaithe beagfheithiclé seirbhíse poiblí réamhíocaíocht i leith seirbhísí nár tugadh go fóill, déanfaidh tiománaí na feithiclé an méid seo a leanas—

- (a) na seirbhísí sin a dhéanamh láithreach mura rud é—
 - (i) go bhfaighidh an tiománaí a mhalairt de threoir ón bpaisinéir sin nó ón bpaisinéir beartaithe sin, nó
 - (ii) go gcuirfear cosc le réasún air na seirbhísí a dhéanamh,
- (b) an íocaíocht sin a shealbhú mar éarlais,
- (c) gan ach an táille dhleathach a choinneáil i leith aon seirbhísí arna ndéanamh, agus
- (d) tar éis dó nó di an táille dhleathach ar aon seirbhísí arna dtabhairt a choinneáil, aon iarmhéid gan íoc a aisíoc leis an bpaisinéir nó leis an bpaisinéir beartaithe.

(4) Maidir le tiománaí beagfheithiclé seirbhíse poiblí, i gcás ina bhfuil an fheithicil sin á hoibriú chun paisinéirí a iompar ar luaíocht nó, i gcás tacsáí,

agus é ina sheasamh nó ar tairiscint le fruiliú, déanfaidh sé nó sí an méid seo a leanas—

- (a) riachtanais réasúnta aon phaisinéara nó aon phaisinéara beartaithe a comhlíonadh,
- (b) gach cúnaimh réasúnach agus gach faisnéis a sholáthar d'aon duine a bhfuil údarás aige nó aici chun an fheithicil a scrúdú,
- (c) gach réamhchúram réasúnach a ghlacadh chun sábháilteacht daoine a áirithiú agus iad san fheithicil, ar an bhfeithicil, ag dul isteach san fheithicil nó ag tuirlingt den fheithicil,
- (d) gan cuireadh a thabhairt ná cead a thabhairt d'aon duine taisteal san fheithicil gan toiliú an duine a bhfuil an fheithicil fruilithe aige nó aici,
- (e) an solas a chasadh air chun an taobh istigh den fheithicil a shoilsiú nuair a iarrfaidh paisinéir air nó uirthi sin a dhéanamh ar choinníoll nach gcuirfidh an soilsiú sin isteach ar thiomáint shábháilte na feithicle,
- (f) nuair a iarrfaidh an duine a d'fhrúiligh an fheithicil air nó uirthi é, cúnaimh réasúnta a thabhairt maidir le luchtú agus díluchtú bagáiste agus tabhairt bagáiste chun siúil go dtí an bealach isteach chuig aon teach, stáisiún nó áit ina bpiocfaidh an tiománaí suas nó ina leagfaidh sé nó sí síos an duine sin, agus uaidh bhealach isteach den sórt sin, agus
- (g) a Chárta nó a Cárta Aitheantais Tiománaí BFSP a iompar agus é a bheith ar fáil lena iniúchadh agus an fheithicil á hoibriú nó ina seasamh nó ar tairiscint le fruiliú

(5) Agus an fheithicil ina seasamh nó ar tairiscint le fruiliú nó ag iompar paisinéirí ar luaíocht, ní dhéanfaidh tiománaí a bhfuil ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí aige nó aici an méid seo a leanas—

- (a) gníomhú ar bhealach atá maslach, bagrach nó mímhúinte d'aon phaisinéir nó d'aon phaisinéir beartaithe,
- (b) gníomhú ar bhealach atá ina núis nó ina chontúirt d'aon duine,
- (c) úsáid a bhaint as aon teanga atá bagrach, gáirsiúil nó mímhúinte nó aon chomhartha bagrach, gáirsiúil nó mímhúinte a dhéanamh le duine ar bith, nó
- (d) leatrom a dhéanamh (de réir bhrí mhír 3 nó mhír 4(1) den Acht um Stádas Comhionann 2000) ar aon phaisinéir nó aon phaisinéir beartaithe.

Madraí treorach agus madraí cuidithe eile

39. (1) Faoi réir mhír (2), ní dhiúltóidh tiománaí beagfheithicle seirbhíse poiblí madra treorach nó madra cuidithe eile i dteannta duine faoi mhíchumas a iompar ina fheithicil nó ina feithicil.

(2) Féadfaidh tiománaí beagfheithicle seirbhíse poiblí diúltú madra treorach nó madra cuidithe eile a iompar ina fheithicil nó ina feithicil sa chás inar chuir an tiománaí fianaise ar fáil don Údarás roimh ré, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, nach bhfuil ar chumas an tiománaí, ar chúiseanna leighis, madra a iompar ina fheithicil nó ina feithicil.

CUID 7

RIACHTANAIS OIBRIÚCHÁIN

Líon uasta uaireanta oibriúcháin

40. Ní dhéanfaidh duine, in aon tréimhse trí lá as a chéile, beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint ná a úsáid d'iompar paisinéirí ar luaíocht ar feadh níos mó ná a haon uair an chloig déag in aon lá amháin.

Srian ar an líon paisinéirí

41. Ní dhéanfaidh duine beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint ná a úsáid chun paisinéirí a iompar ar luaíocht i gcás ina mbeadh an líon paisinéirí nó paisinéirí beartaithe níos mó ná an líon uasta paisinéirí atá luaite ar an gceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí atá eisithe i leith na feithicle sin.

Feithiclí mí-oiriúnacha agus caighdeáin feithicle

42. (1) Ní dhéanfaidh duine beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint ná a úsáid chun paisinéirí a iompar ar luaíocht, nó leis an gcuspóir sin in aigne, nuair atá an fheithicil neamhshábháilte nó mí-oiriúnach ar shlí eile chun daoine a iompar.

(2) Ní dhéanfaidh duine beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint ná a úsáid chun paisinéirí a iompar ar luaíocht, nó leis an gcuspóir sin in aigne, mura gcomhlíonann an fheithicil ceanglais Chuid 4 de na Rialacháin seo is infheidhme maidir le feithicil atá sa chatagóir ceadúnais feithicle ábhartha.

Iompar substaintí contúirteacha

43. (1) Faoi réir mhír (2) den Rialachán seo, ní chuirfidh duine faoi deara ná ní cheadóidh sé nó sí aon earra an-inlasta, contúirteach nó ionsaitheach a iompar i mbeagfheithicil seirbhíse poiblí.

(2) Ní bheidh feidhm ag mír (1) den Rialachán seo ar shlí a chuirfeadh cosc ar na nithe seo a leanas a iompar i mbeagfheithicil seirbhíse poiblí—

- (a) breosla agus bealadh atá riachtanach i leith na feithicle,
- (b) aon substaint atá á hiompar i gcoimeádáin a dearadh agus a rinneadh nó atá pacáilte ionas, i gcás timpiste, nach dócha go gcuirfeadh sí faoi deara damáiste nó díobháil don fheithicil nó do dhaoine arna n-iompar inti, nó

- (c) arm tine arna iompar ag comhalta d'Óglaigh na hÉireann nó ag comhalta den Gharda Síochána.

Diosca crioscaíldíonach

44. (1) Faoi réir mhír (2), ní dhéanfaidh duine beagfheithicil seirbhíse poiblí a oibriú ná airbheartú í a oibriú mura mbeidh diosca crioscaíldíonach bailí greamaithe, i cibé foirm agus ar cibé modh a chinnfidh an tÚdarás, do gach ceann d'fhuinneoga tosaigh agus d'fhuinneoga cúil na feithicle.

(2) I gcás limisín, féadfaidh an tÚdarás an ceanglas go mbeadh diosca crioscaíldíonach bailí greamaithe d'fhuinneog chúil na feithicle a tharscaoileadh.

(3) Faoi réir alt 17 den Phríomh-Acht, ní dhéanfaidh duine, gan toiliú roimh ré ón Údarás, diosca crioscaíldíonach atá greamaithe do bheagfheithicil seirbhíse poiblí de réir an Rialacháin seo a bhaint ná iarracht a dhéanamh é a bhaint, dochar a dhéanamh dó ná cur isteach air ar shlí eile.

(4) Beidh diosca crioscaíldíonach a eisíonn an tÚdarás i gcónaí faoi úinéireacht an Údaráis.

Faisnéis infheithicle

45. (1) Taispeánfaidh tiománaí beagfheithicle seirbhíse poiblí cibé faisnéis infheithicle i cibé foirm agus ar cibé modh a shonróidh an tÚdarás.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (1), taispeánfaidh tiománaí beagfheithicle seirbhíse poiblí cibé faisnéis infheithicle a shonróidh an tÚdarás a bhaineann le cearta agus oibleagáidí tomhaltóirí is ábhartha don aicme beagfheithicle seirbhíse poiblí lena mbaineann.

(3) Ní dhéanfaidh duine, gan toiliú roimh ré ón Údarás, aon fhaisnéis infheithicle arna taispeáint i mbeagfheithicil seirbhíse poiblí a bhaint ná iarracht a dhéanamh í a bhaint, dochar a dhéanamh di nó cur isteach uirthi ar shlí eile.

Comhartha dín tacsáí

46. (1) I gcás ina mbeidh tacsáí á thiomáint nó a úsáid chun paisinéirí a iompar ar luaíocht, nó leis an gcuspóir sin in aigne, beidh comhartha dín tacsáí greamaithe den fheithicil de réir mhír 19 de Sceideal 2.

(2) Maidir leis an gcomhartha dín tacsáí dá dtagraítear i mír 1—

(a) i gcás ina mbeidh an fheithicil ina seasamh nó ar tairiscint le fruiliú, beidh an comhartha soilsithe ag an tsuiteáil solais leictrigh inmheánach, agus

(b) i gcás ina mbeidh an fheithicil fruilithe ag paisinéir nó ag paisinéir beartaithe, ní bheidh sé soilsithe.

(3) I gcás ina mbeidh a thoiliú nó a toiliú tugtha roimh ré ag paisinéir nó paisinéir beartaithe agus inar dócha gur faide ná 30 ciliméadar an turas, féadfar an comhartha dín tacsáí a shuíomh ar a fhad ar dhíon na feithicle.

(4) Ní chuirfidh duine comhartha dín tacsáí ar fheithicil atá á tiomáint nó á húsáid in áit phoiblí ach amháin sa chás gur tacsáí í an fheithicil atá á thiomáint nó á úsáid chun paisinéirí a iompar ar luaíocht, nó leis an gcuspóir sin in aigne.

Aitheantas tiománaí

47. (1) I gcás ina mbeidh beagfheithicil seirbhíse poiblí á tiomáint nó a húsáid chun paisinéirí a iompar ar luaíocht nó, i gcás tacsáí, nuair a bheidh sé ina sheasamh nó ar tairiscint le fruiliú, taispeánfaidh tiománaí na feithicle a Chárta Taispeána Tiománaí BFSP nó a Cárta Taispeána Tiománaí BFSP in áit fheiceálach ar an dais ionas go mbeidh sé le feiceáil go soiléir ag paisinéirí i gcúl na feithicle agus ag daoine atá ina seasamh os comhair na feithicle.

(2) Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar an gCárta Taispeána Tiománaí BFSP dá dtagraítear i mír1—

- (a) ainm an tiománaí,
- (b) grianghraf den tiománaí,
- (c) an uimhir cheadúnais atá ar cheadúnas an tiománaí chun beagfheithicilí seirbhíse poiblí a thiomáint,
- (d) dáta éagtha cheadúnas an tiománaí chun beagfheithicilí seirbhíse poiblí a thiomáint,
- (e) ar an taobh den chárta atá dírithe i dtreo thosach na feithicle, an limistéar nó na limistéir a bhfuil an tiománaí údaraithe chun seasamh ann nó iontu nó fruiliú a thairiscint ann nó iontu,
- (f) cibé gnéithe slándála a chinnfidh an tÚdarás, agus
- (g) cibé faisnéis ábhartha eile a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham.

Toirmeasc ar fhógraíocht

48. (1) Ní thaispeánfaidh duine, ná ní cheadóidh sé nó sí go dtaispeánfaí, aon chomhartha ná aon fhógra ar an taobh amuigh, ná ar an taobh istigh sa chaoi is go bhfuil sé le feiceáil ón taobh amuigh den fheithicil, de fhruilcharr nó de limisín, mura mbeidh an comhartha nó an fógra sin ceadaithe i scríbhinn ag an Údarás.

(2) Ní cheadóidh sealbhóir ceadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí úsáid aon chomhartha fógraíochta leictreonaigh san fheithicil nó ar an bhfeithicil lena ngabhann an ceadúnas sa chaoi is go bhfuil sé le feiceáil ón taobh amuigh den fheithicil, mura mbeidh an comhartha sin ceadaithe i scríbhinn ag an Údarás.

(3) Ní thaispeánfaidh duine, ná ní cheadóidh sé nó sí go dtaispeánfaí, aon chomhartha, aon siombail ná aon fhógra i mbeagfheithicil seirbhíse poiblí nó ar bheagfheithicil seirbhíse poiblí ina bhfuil focail nó íomhánna atá bagrach, idirdhealaitheach, gáirsiúil nó maslach.

(4) Ní thaispeánfaidh sealbhóir ceadúnais tacsáí, ná ní cheadóidh sé nó sí go dtaispeánfaí, aon chomhartha ná aon fhógra ar dhoirse tosaigh na feithicle lena ngabhann an ceadúnas seachas an chomharthaíocht a shonraítear i Sceideal 6.

(5) Ní thaispeánfaidh sealbhóir ceadúnais tacsáí, ná ní cheadóidh sé nó sí go dtaispeánfaí, aon chomhartha ná aon fhógra ar thaobhdhoirse (seachas doirse tosaigh) na feithicle lena ngabhann an ceadúnas—

(a) más rud é go bhfuil an comhartha nó an fógra níos mó ná 1,600 ceintiméadar cearnach in achar, nó

(b) más rud é, i gcás ina bhfuil níos mó ná aon chomhartha nó aon fhógra amháin ar dhoras, go bhfuil an limistéar iomlán arna chlúdach ag comharthaí nó fógraí den sórt sin níos mó ná 1,600 ceintiméadar cearnach in achar.

(6) Ní thaispeánfaidh sealbhóir beagfheithicle seirbhíse poiblí, ná ní cheadóidh sé nó sí go dtaispeánfaí, aon chomhartha ná aon fhógra ar an taobh amuigh den fheithicil, ná ar an taobh istigh sa chaoi is go bhfuil sé le feiceáil ón taobh amuigh den fheithicil, i ndáil le híocaíocht le cártaí creidmheasa nó cártaí dochair seachas an comhartha atá leagtha amach i mír 19(j) de Sceideal 2.

(7) Ní thaispeánfaidh sealbhóir beagfheithicle seirbhíse poiblí, ná ní cheadóidh sé nó sí go dtaispeánfaí, ar an taobh amuigh den fheithicil, ná ar an taobh istigh sa chaoi is go bhfuil siad le feiceáil ón taobh amuigh den fheithicil, comharthaí a sholáthróidh ainmneacha, sonraí nó lógónna grúpaí ionadaíocha tionscail.

Beagfheithicil seirbhíse poiblí á hoibriú ag duine eile

49. Ní cheadóidh sealbhóir ceadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí do dhuine an fheithicil lena mbaineann an ceadúnas sin a oibriú chun paisinéirí a iompar ar luaíocht mura rud é—

(a) gur deimhin leis an sealbhóir ceadúnais go sealbhaíonn an tiománaí beartaithe ceadúnas chun beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint,

(b) go soláthróidh agus go gcoimeádfaidh an sealbhóir ceadúnais árachas arna sholáthar ag árachóir feithicle (de réir bhrí alt 58 d'Acht 1961) i leith paisinéirí arna n-iompar ar luaíocht ag an tiománaí beartaithe san fheithicil sin,

(c) go gcoinneoidh an sealbhóir ceadúnais taifead scríofa ar—

(i) ainm agus seoladh aon daoine a thiomáineann an fheithicil chun paisinéirí a iompar ar luaíocht,

(ii) tréimhsí úsáide na feithicle ag aon daoine dá dtagraítear i bhfo-alt (c) (i), agus

- (iii) mionsonraí cheadúnas tiomána beagfheithicle seirbhíse poiblí aon daoine dá dtagraítear i bhfo-alt (c) (i), lena n-áirítear na huimhreacha ceadúnais agus dátaí éagtha na gceadúnas sin, agus
- (d) go gcuirfidh an sealbhóir ceadúnais ar fáil go pras don Údarás, ar iarraidh sin ag an Údarás, na taifid dá dtagraítear i bhfo-alt (c) nó cóipeanna díobh.

Beagfheithicil seirbhíse poiblí a ligean ar cíós nó ar léas le duine eile

50. Ní dhéanfaidh sealbhóir ceadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí aon chomhshocraíocht i ndáil le ligean ar cíós nó ar léas, ná aon chomhshocraíocht eile, i ndáil le tiomáint nó úsáid na feithicle ag duine eile chun paisinéirí a iompar ar luaíocht mura rud é—

- (a) gur deimhin leis an sealbhóir ceadúnais go sealbhaíonn an tiománaí beartaithe ceadúnas chun beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint,
- (b) go soláthróidh agus go gcoimeádfaidh an sealbhóir ceadúnais, le linn tréimhse feidhme na comhshocraíochta i ndáil le ligean ar cíós nó ar léas nó aon chomhshocraíochta eile, árachas arna sholáthar ag árachóir feithicle (de réir bhrí alt 58 d’Acht 1961) i leith paisinéirí arna n-iompar ar luaíocht ag an tiománaí beartaithe san fheithicil sin,
- (c) i gcás tacsáí, go gcinnteoidh an sealbhóir ceadúnais go mbeidh an fheithicil feistithe le tacsaiméadar de réir Rialachán 54,
- (d) go n-áiritheoidh an sealbhóir ceadúnais, an tráth a gcuirfear tús leis an gcomhshocraíocht i ndáil le ligean ar cíós nó ar léas, nó le haon chomhshocraíocht eile, go gcomhlíonfaidh an fheithicil aon cheanglais maidir le caighdeán feithicle a luaitear sna Rialacháin seo,
- (e) roimh thiomáint nó úsáid na feithicle atá beartaithe ag duine eile de bhun comhshocraíochta i ndáil le ligean ar cíós nó ar léas, nó aon chomhshocraíocht eile, go gcuirfidh an sealbhóir ceadúnais in iúl don Údarás—
 - (i) an tréimhse lena mbaineann an chomhshocraíocht, agus
 - (ii) céannacht an pháirtí nó na páirtithe eile sa chomhshocraíocht,
- (f) i gcás iarratasóra ar neamh-náisiúnach é nó í, go bhfaigheann an sealbhóir ceadúnais dearbhú ón duine sin nach bhfuil coinníollacha a cheada nó a cheada ina mbac air nó uirthi gnó a oibriú nó a bheith féinfhostaithe sa Stát,
- (g) go sealbhaíonn an té sin—
 - (i) cóip den cheadúnas dá dtagraítear i bhfo-alt (a),
 - (ii) fianaise ar an árachas dá dtagraítear i bhfo-alt (b) agus

(iii) fianaise nach bhfuil coinníollacha an cheada dá dtagraítear i bhfo-alt (f) ina mbac air nó uirthi gnó a oibriú nó a bheith féinfhostaithe sa Stát, agus

(h) ar iarraidh ón Údarás, go gcuirfidh an sealbhóir ceadúnais ar fáil go pras cóip de na taifid dá dtagraítear i bhfo-alt (g) agus aon chomhshocraíocht i scríbhinn lena bhfianaítear comhshocraíocht i ndáil le ligean ar cíos nó ar léas, nó aon chomhshocraíocht eile.

Fógra a thabhairt faoi bheagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint

51. (1) Faoi réir mhíreanna (2) agus (3), ní thiomáinfidh sealbhóir ceadúnais chun beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint feithicil i gcáil beagfheithicil seirbhíse poiblí mura rud é, roimh dó nó di an fheithicil sin a thiomáint, go gcuirfidh sé nó sí in iúl don Údarás faoi thiomáint bheartaithe na feithicle sin.

(2) Maidir le fógra faoi mhír (1), beidh cibé faisnéis a chinneadh an tÚdarás i ndáil leis an bhfeithicil ag gabháil leis, lena n-áirítear, gan teorainn, sonraí aitheantais na feithicle agus an tréimhse atá beartaithe d'oibriú na feithicle.

(3) Rachaidh fógra a dhéanfaidh sealbhóir ceadúnais faoi mhír (1) i leith feithicle in éag, agus ní bheidh sé bailí a thuilleadh i leith na feithicle sin, nuair a dhéanfaidh an sealbhóir ceadúnais fógra ina dhiaidh sin chuig an Údarás i ndáil le feithicil éagsúil.

(4) Ní dhéanfaidh duine fógra bréagach nó míthreorach go feasach faoin Rialachán seo.

CUID 8

FRUILIÚ A THOSÚ AGUS TÁILLÍ A ÍOC

Tús a chur le fruiliú agus seasamh chun fruilithe

52. (1) Faoi réir mhír (2), meastar go gcuirfear tús le fruiliú beagfheithicle seirbhíse poiblí an tráth a chomhaontóidh an tiománaí glacadh leis an bhfruiliú.

(2) Cuirfear tús le fruiliú beagfheithicle seirbhíse poiblí arna cur in áirithe roimh ré an tráth agus san áit arna gcomhaontú leis an duine a rinne an fheithicil a chur in áirithe roimh ré.

Tacsaiméadar

53. (1) Beidh tacsaithe feistithe le tacsaiméadar a chomhlíonfaidh ceanglais mhír 20 de Sceideal 2.

(2) Ní dhéanfaidh duine tacsáí a thiomáint ná a oibriú chun daoine a iompar ar luaíocht mura rud é—

(a) go bhfuil tacsaiméadar feistithe go cuí an bhfeithicil de réir mhír (1), agus

(b) go bhfuil an tacsaiméadar atá feistithe ar an bhfeithicil calabraithe de réir Rialachán 54, agus

- (c) nuair atá duine á iompar ar luaíocht, go bhfuil an tacsaiméadar a fheistítear san fheithicil go cuí ar siúl agus go bhfuil an táille á thaifeadadh agus á ríomh i dtaca leis an aistear.

(3) Ní chuirfidh tiománaí tacsáí an tacsaiméadar atá feistithe ar an bhfeithicil sin ar siúl ná ní chuirfidh sé nó sí faoi deara go gcuirfí ar siúl é nuair a bheidh an fheithicil ina seasamh nó ar tairiscint le fruiliú.

(4) Ach amháin i gcás ina mbeidh comhshocraíocht i scríbhinn roimh ré idir an tiománaí nó an t-oibritheoir tacsáí agus an paisinéir ina ndeimhnítear—

- (a) an muirear ar an tseirbhís arna cur in áirithe roimh ré, agus
- (b) go dtarscaoilfidh an paisinéir a cheart nó a ceart go mbeadh an táille arna ríomh ag baint úsáide as an tacsaiméadar,

déanfar na táillí i leith turas a dtugtar fúthu ag tacsáí a ríomh ag baint úsáide as tacsaiméadar atá feistithe agus calabraithe de réir na Rialachán seo. Sa chás go bhfuil a leithéid de chomhaontú scríofa roimhe ré gearrfaidh an tiománaí pé acu is ísle an táille socraithe roimhe ré nó an táille ríofa ar an tacsaiméadar atá feistithe, calabraithe agus ar siúl i gcomhréir le mír (2) anseo thuas.

(5) Maidir le tiománaí nó oibritheoir tacsáí agus aon oibritheoir seachadta a bhfuil an tacsáí cleamhnaithe ina leith—

- (a) ní fhorchuirfidh sé nó sí luach táille íosta mar choinníoll a ghabhann le híocaíocht an táille tacsáí le cárta creidmheasa nó cárta dochair, agus
- (b) sa chás ina n-iarrfaidh an paisinéir nó an paisinéir beartaithe é, glacfaidh sé nó sí le híocaíocht in airgead tirim i leith na táille tacsáí sin.

Tacsaiméadair a chalabhrú d'fhonn teacht leis an ordú uastáillí

54. I gcás ina ndéanfaidh an tÚdarás ordú uastáillí, áiritheoidh sealbhóir ceadúnais tacsáí, laistigh de 21 lá ón dáta ar a dtiocfaidh an t-ordú uastáillí i bhfeidhm, go mbeidh a thacsaiméadar nó a tacsaiméadar calabraithe de réir an ordaithe táillí uasta sin.

- (a) Beidh tacsaiméadar atá feistithe i dtacsáí calabraithe ionas go ríomhann an tacsaiméadar sin na táillí uile de réir an ordaithe uastáillí.
- (b) Faoi réir an Achta Méadreolaíochta 1996, seachas le haghaidh tréimhse 90 lá roimh theacht i bhfeidhm ordú uastáillí nua, ní thiomáinfidh nó ní oibreoidh duine tacsáí chun daoine a iompar ar luaíocht ach amháin sa chás go bhfuil an tacsaiméadar atá feistithe sa tacsaithe fíoraithe ag an Seirbhís Méadreolaíochta Dlíthiúla le bheith calabraithe i gceart de réir an ordaithe uastáillí.

Táille áirithinte

55. Ní ghearrfar táille áirithinte i leith turais a dhéanfar i dtacsáí mura ndéanfar an fheithicil a chur in áirithe roimh ré ag an bpaisinéir beartaithe, nó thar a cheann nó a ceann, agus ní dhéanfar í a mhuirearú sa chás ina ndéanfar an tacsáí a ghabháil—

- (a) agus é ar tairiscint le fruiliú nó ina sheasamh chun a fhruilithe, nó
- (b) gan é a bheith curtha in áirithe roimh ré ag an tomhaltóir, ag áit ar bith lena n-áirítear aerfort nó stáisiún nó críochfort iompair eile.

Admhálacha tacsáí

56. (1) I gcás ina ndéanfaidh an tÚdarás ordú uastáillí, clóbhuailfidh agus tairgfidh tiománaí tacsáí, nuair a bheidh an turas críochnaithe, admháil don phaisinéir de réir mhír (2). Clóbhuailfear a leithéid d'admháil ag úsáid clóire nasctha go díreach leis an tacsaiméadar.

(2) I gcás admhála dá dtagraítear i mír (1), beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san áireamh inti—

- (a) an táille iomlán is iníoctha i leith an fhruilithe,
- (b) cuntas mionsonraithe ar aon mhuirir bhreise atá iníoctha go dleathach,
- (c) an dáta, agus am tosaithe agus críochnaithe an fhruilithe,
- (d) an t-achar iomlán a slánaíodh i gciliméadair (luaite go hionad deachúlach amháin ar a laghad),
- (e) uimhir cheadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí na feithicle,
- (f) marc aitheantais uathúil (cláruimhir) na feithicle,
- (g) uimhir na hadmhála (in ord seicheamhach),
- (h) spás réasúnta dar teideal “Aiscí/Lascainí/Dolaí”, agus
- (i) cibé faisnéis eile a chinnfidh an tÚdarás.

Admhálacha fruilchairr agus limisín

57. (1) Ach amháin más rud é—

- (a) go mbainfidh paisinéir leas as cuntas íocaíochta atá ann cheana féin, nó
- (b) go ndéanfar limisín a fhruiliú mar chuid de sheirbhís bhainise nó sochraide,

nuair a bheidh an turas curtha i gcrích, ba cheart don tiománaí fruilchairr nó limisín admháil a chur ar fáil don phaisinéir de réir mhír (2).

(2) I gcás admhála dá dtagraítear i mír (1), beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san áireamh inti—

- (a) uimhir na hadmhála,
- (b) marc aitheantais uathúil (cláruimhir) na feithicle,
- (c) uimhir cheadúnais beagfheithicle seirbhíse poiblí na feithicle,
- (d) an dáta,
- (e) an méid arna mhuirearú i leith an turais, agus
- (f) cibé faisnéis eile a chinnfidh an tÚdarás.

Eolas limistéir

58. (1) Ní bheidh tiománaí tacsáí ag seasamh nó ag tairiscint lefruilíú ach amháin i limistéar ina bhfuil sé nó sí ceadúnaithe chun seasamh nó chun fruilíú a thairiscint de réir ceadúnais arna dheonú faoi alt 9den Phríomh-Acht.

(2) Is coinníoll de chuid ceadúnais chun beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint é go bhfuil eolas leordhóthanach ag sealbhóir an cheadúnais sin chun beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint ar an limistéar ina bhfuil sé nó sí ceadúnaithe chun seasamh nó chun fruilíú a thairiscint.

(3) Má iarrann an tÚdarás í, soláthróidh sealbhóir ceadúnais chun beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint fianaise, i bhfoirm agus i substaint atá chun sástacht an Údaráis, go bhfuil eolas leordhóthanach aige nó aici ar an limistéar ina bhfuil sé nó sí ceadúnaithe chun seasamh nó chun fruilíú a thairiscint.

Fruiliú fruilchairr nó limisín

59. (1) Ach amháin sa chás ina ndéantar limisín a fhruilíú mar chuid de sheirbhís bhainise nó sochraide, iompróidh tiománaí feithicle nó limisín, maidir le gach fruilíú, taifead áirithinte san fheithicil i rith thréimhse an fhruilithe sin agus le linn an turais go dtí pointe tosaithe an fhruilithe, ina mbeidh an méid seo a leanas leagtha amach—

- (a) pointe tosaithe agus pointe críochnaithe an fhruilithe,
- (b) ainm an duine a d'fhruiligh an fheithicil,
- (c) sonraí teagmhála an duine dá dtagraítear i bhfo-alt (b), agus
- (d) an táille a comhaontaíodh don fhruilíú.

(2) Cuirfear an taifead áirithinte dá dtagraítear i mír (1) ar fáil lena iniúchadh ag an duine a d'fhruiligh an fheithicil ar iarraidh.

CUID 9

CEADÚNÚ OIBREOIRÍ SEACHADTA

Ceanglas go mbeadh oibritheoirí seachadta ceadúnaithe

60. Ní oibreoidh duine mar oibritheoir seachadta ná ní chuirfidh sé nó sí seirbhís áirithinte ar fáil i ndáil le beagfheithiclí seirbhíse poiblí, seachas limisíní, mura bhfuil ceadúnas oibritheora seachadta arna dheonú ag an Údarás faoi Rialachán 61 ag an duine sin.

Ceadúnas oibritheora seachadta a dheonú

61. Féadfaidh an tÚdarás ceadúnas a dheonú do dhuine chun gníomhú mar oibritheoir seachadta nó chun seirbhísí áirithinte a sholáthar i leith beagfheithiclí seirbhíse poiblí, ar choinníoll—

- (a) go soláthróidh sé nó sí deimhniú imréitigh cánach bailí atá i bhfeidhm de thuras na huairé i leith an iarratasóra faoi alt 1095 (a cuireadh isteach le halt 127 den Acht Airgeadais, 2002) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,
- (b) go soláthróidh sé nó sí don Údarás an t-eolas teagmhála a úsáidtear chun críocha áirithintí a dhéanamh nó a fháil i ndáil le tiománaithe atá cleamhnaithe leis an oibritheoir seachadta nó leis an duine a sholáthraíonn na seirbhísí áirithinte, lena n-áirítear sonraí faoi aon ainm trádála a úsáideann an t-iarratasóir nó a bheartaíonn sé nó sí a úsáid, agus
- (c) go n-íocfaidh sé nó sí leis an Údarás an táille iomchuí a shonraítear i Sceideal 1.

Tréimhse bhailíochta ceadúnais oibritheora seachadta

62. Fanfaidh ceadúnas oibritheora seachadta arna dheonú ag an Údarás i bhfeidhm go dtí an dáta is luaithe díobh seo—

- (a) deireadh na tréimhse dhá mhí dhéag ó dháta a dheonaithe nó a athnuachana faoi Rialachán 61,
- (b) forghéilleadh an cheadúnais ag an sealbhóir ceadúnais, agus
- (c) cúlghairm an cheadúnais faoin bPríomh-Acht,

Oibleagáidí oibritheoirí seachadta

63. (1) Ní chuirfidh oibritheoir seachadta nó soláthraí seirbhíse áirithinte áirithintí ar fáil do thiománaí ach amháin sa chás—

- (a) ina sealbhaíonn an tiománaí ceadúnas chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí a thiomáint, agus
- (b) ina bhfuil ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí i bhfeidhm i leith na feithicle a bheidh le húsáid ag an tiománaí chun na seirbhísí a chur ar fáil.

(2) Coinneoidh oibritheoir seachadta nó soláthraí seirbhíse áirithinte liosta iomlán, a bheith cothrom le dáta, de na feithiclí agus na ceadúnais tiomána ar fad a bhfuil seirbhís áirithinte á soláthar aige nó aici ina leith, agus cuirfidh sé nó sí an liosta sin ar fáil don Údarás go pras arna iarraidh sin.

(3) Ní dhéanfaidh duine seirbhís chun beagfheithicil seirbhíse poiblí a chur in áirithe a chur chun cinn, a thairiscint nó a fhógairt, ná cur chun cinn, tairiscint nó fógraíocht na seirbhíse sin a chur faoi deara, mura mbeidh ceadúnas oibritheora seachadta ag an duine sin.

(4) Cuirfidh oibritheoir seachadta nó soláthraí seirbhíse áirithinte i bhfeidhm nós imeachta gearáin do thomhaltóirí chun dul i ngleic go héifeachtach le haon ghearáin arna bhfáil ó úsáideoirí na seirbhíse áirithinte agus cuirfidh sé nó sí sonraí an nós imeachta sin ar fáil don Údarás go pras arna iarraidh sin.

(5) Cuirfidh oibritheoir seachadta nó soláthraí seirbhíse áirithinte i bhfeidhm nós imeachta bainistithe taifead i ndáil le haon áirithintí agus aon ghearáin arna bhfáil agus cuirfidh sé nó sí na taifid sin ar fáil don Údarás go pras arna iarraidh sin.

(6) Cuirfidh oibritheoir v nó soláthraí seirbhíse áirithinte in iúl don Údarás aon athrú ar ainm nó seoladh a bhaineann lena cheadúnas oibritheora seachadta nó lena ceadúnas oibritheora seachadta, lena n-áirítear athrú ar aon ainm trádála a úsáidtear i ndáil leis na seirbhísí, laistigh de cheithre lá dhéag ón athrú sin.

CUID 10

PIONÓIS

Rialacháin phionósacha

64. Rialacháin phionósacha is ea Rialacháin 22(4), 23(2), 24, 25, 26, 27, 28, 29(9), 30, 35(1), 35(4), 36, 37, 38, 39, 40, 41, 42, 43, 44, 45(1), 45(3), 46, 47, 48, 49(b), 49(c), 49(d), 50, 51, 52, 53, 54, 55, 56, 57, 58, 59, 60, 63 chun críocha alt 20(4) den Phríomh-Acht.

Sárú substainteach ar rialacháin

65. Glactar leis gur ionann sárú ar rialachán 38(5)(a), 38(5)(d), 40, 41, 42, nó 50 agus sárú substainteach ar na Rialacháin seo chun críocha alt 20(3) den Phríomh-Acht.

Méid forordaithe na híocaíochta seasta

66. Chun críocha alt 48 den Phríomh-Acht, is ionann an méid atá forordaithe i leith cion íocaíochta seasta dá dtagraítear i gcolún (2) de Sceideal 8 agus an méid atá léirithe i gcolún (4) den Sceideal sin os coinne lua an chiona íocaíochta seasta.

Foirm fógra íocaíochta seasta

67. Tá an fhoirm fógra atá leagtha amach i Sceideal 9 forordaithe mar fhoirm fógra íocaíochta seasta.

SCEIDEAL 1

TÁILLÍ

1. Beidh na táillí seo a leanas iníoctha i leith ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí nua a dheonú—

- (a) €125 i ndáil le ceadúnas tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ceadúnas fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí,
- (b) €1,000 i ndáil le ceadúnais limisín, agus
- (c) €50 i ndáil le ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil.

2. Beidh na táillí seo a leanas iníoctha i leith ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí a athnuachan ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag—

- (a) €150 i ndáil le hathnuachan na gceadúnas tacsáí caighdeánach, na gceadúnas fruilchairr chaighdeánach nó na gceadúnas limisín curtha i gcrích roimh dháta éaga an cheadúnais roimhe sin,
- (b) €75 i ndáil le hathnuachan na gceadúnas tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, na gceadúnas fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó na gceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil curtha i gcrích roimh dháta éaga an cheadúnais roimhe sin, agus
- (c) €500 i ndáil le ceadúnais athsholáthair arna ndeonú tar éis dháta éaga an cheadúnais roimhe sin ar an gcoinníoll—
 - (i) i gcás ina ndéanfar an ceadúnas a athsholáthar tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta éaga an cheadúnais, go n-aisíocfaidh an tÚdarás €250 leis an iarratasóir, agus
 - (ii) i gcás ina ndéanfar an ceadúnas a athsholáthar tráth níos déanaí ná 10 lá ach nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta éaga an cheadúnais, go n-aisíocfaidh an tÚdarás €150 leis an iarratasóir,

3. Beidh na táillí seo a leanas iníoctha i leith athnuachana ar cheadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí ar feadh tréimhse suas le sé mhí—

- (a) €75 i ndáil le hathnuachan na gceadúnas tacsáí caighdeánach, na gceadúnas fruilchairr chaighdeánach nó na gceadúnas limisín curtha i gcrích roimh dháta éaga an cheadúnais roimhe sin,
- (b) €37.50 i ndáil le hathnuachan na gceadúnas tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, na gceadúnas fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó na gceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil curtha i gcrích roimh dháta éaga an cheadúnais roimhe sin, agus
- (c) €250 i ndáil le ceadúnais athsholáthair arna ndeonú tar éis dháta éaga an cheadúnais roimhe ar an gcoinníoll— sa chás ina ndéanfar an

ceadúnas a athsholáthar tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta éaga an cheadúnais, go n-aisíocfaidh an tÚdarás €100 leis an iarratasóir.

4. Beidh táille €250 iníoctha i ndáil le ceadúnas tiomána a dheonú den chéad uair i leith beagfheithicil seirbhíse poiblí.

5. Beidh na táillí seo a leanas iníoctha i ndáil le ceadúnas tiomána a athnuachan i leith beagfheithicil seirbhíse poiblí—

(a) €250 i ndáil le hiarratais ar athnuachan a chuirfear isteach roimh dháta éaga an cheadúnais roimhe sin,

(b) €300 i ndáil le hiarratais ar athnuachan a chuirfear isteach laistigh de 30 lá tar éis dháta éaga an cheadúnais roimhe sin, agus

(c) €400 i ndáil le hiarratais ar athnuachan a chuirfear isteach tráth níos déanaí ná 30 lá tar éis dháta éaga an cheadúnais roimhe sin.

6. Beidh táille €20 iníoctha i ndáil le ceadúnas tiomána a dheonú den chéad uair i leith fruilcharr limistéir áitiúil.

7. Beidh táille €150 iníoctha i ndáil le ceadúnas beagfheithicil seirbhíse poiblí a leanúint i bhfeidhm i leith feithicil dhifriúil.

8. Beidh táille €90 i bhfeidhm i ndáil le gach iarratas chun tabhairt faoin Tástáil Iontrála Tiománaí BFSP.

9. Beidh táille €90 i bhfeidhm i ndáil le gach iarratas chun tabhairt faoin Tástáil ar Eolas faoi Limistéar.

10. Beidh táille €90 i bhfeidhm i ndáil le gach iarratas chun tabhairt faoin Tástáil ar Eolas faoin Tionscal.

11. Beidh táille €100 iníoctha i ndáil le ceadúnas oibrítheora seachadta nua a dheonú nó ceadúnas oibrítheora seachadta a athnuachan.

12. Beidh táille €100 iníoctha i ndáil le hiarratais ar dhíolúintí ceadúnaithe faoi Chuid 7 den Phríomh-Acht.

13. Beidh táille €125 iníoctha i ndáil le hiarratas faoi alt 15 den Phríomh-Acht.

SCEIDEAL 2

CEANGLAIS GHINEARÁLTA FEITHICLE DO THACSAITHE

Meáchan agus Tréithe Ginearálta Feithicle

1. Beidh an fheithicil ina feithicil inneallghluaiste atá deartha agus déanta chun paisinéirí a iompar ina bhfuil cóiríocht suite do phaisinéirí le haghaidh líon nach mó ná ocht nduine (gan an tiománaí san áireamh) agus a bhfuil ollmheáchan ceaptha feithicle uasta aici nach mó é ná 3,500 cileagram.

Socrú Rothaí

2. Beidh ceithre roth ar a laghad ag an bhfeithicil atá leagtha amach i bpéirí acastóra ionas gurb é 2,100 milliméadar an rothfhad íosta, 1,100 milliméadar an leithead íosta riain, agus gur lú ná 75 mhilliméadar aon athrúchán ó thaobh go taobh ar an rothfhad.

Rátáil Ualaigh na mBonn

3. Beidh rátáil ualaigh iomchuí ag na boinn don ollmheáchan ceaptha feithicle.

Doirse

4. (1) Beidh ceithre dhoras ar a laghad ag an bhfeithicil.

(2) Féadfaidh paisinéir gach doras a oibriú ó laistigh nó ó lasmuigh den fheithicil ar an gcoinníoll go bhféadfaí glas a chur ar dhoras go huathoibríoch agus an fheithicil ag gluaiseacht dá mbainfí an glas den doras go huathoibríoch nuair a stopann an fheithicil den ghluaiseacht.

Túsbarraí Cosanta

5. Ní bheidh aon túsbarraí cosanta feistithe ar an bhfeithicil, ach amháin i gcás ina gcomhlíonfaidh siad Rialachán 78/2009/CE arna leasú agus go mbeidh fianaise ar an gcomhlíonadh sin curtha ar fáil i bhfoirm agus i substaint a mbeidh an tÚdarás sásta léi.

Fuinneoga

6. (1) Féadfar gach fuinneog phaisinéara (taobhfhuinneog) a oibriú go héasca.

(2) Beidh na fuinneoga i riocht glan.

(3) Seachas i gcás banda 125 mhilliméadar ar doimhneacht ar a mhéad ag an imeall uachtair, léireofar tarchur solais infheicthe 70 faoin gcéad ar a laghad le gaothscáth tosaigh beagfheithicle seirbhíse poiblí.

(4) Faoi réir (5) thíos, i gcás ina bhfuil áit suite paisinéara nó áit do chathaoir rothaí in aice le fuinneog (seachas an gaothscáth tosaigh agus an gaothscáth cúil den fheithicil sin), léireofar tarchur solais infheicthe 70 faoin gcéad ar a laghad leis an bhfuinneog sin.

(5) Ní bheidh feidhm leis na ceanglais in (4) thuas i ndáil le feithicil lena mbaineann ceadúnas tacsáí chaighdeánaigh a deonaíodh den chéad uair roimh an 8 Meitheamh 2010 i gcás lenar bhain an ceadúnas sin leis an bhfeithicil an 1 Eanáir 2013.

Glaineacht

7. Beidh dea-bhail ghlan ar an bhfeithicil agus ní bheidh deannach, salachar, smúr, dramhaíl, bruscar, ábhar míthaitneamhach ná drochbholadh taobh istigh di.

Cáilíocht na Suíochán

8. Beidh feistithe ar an bhfeithicil suíocháin atá forchumhdaithe i gceart le leathar, le leathar saorga de dhea-cháilíocht nó le hábhar marthanach eile, agus a bhfuil bail ghlan agus shláinteach orthu.

Péint Sheachtrach

9. Beidh péint sheachtrach na feithicle comhsheasmhach ó thaobh datha de agus ní bheidh deisiúcháin ar siúl ar an bpéint ná ar an gcabhail.

Láthair Bhagáiste

10. I gcás láthair ar bith laistigh den fheithicil arna cur ar fáil le haghaidh bagáiste, beidh an láthair sin ar fáil le haghaidh bagáiste na bpaisinéirí agus ní bheidh míreanna neamhdhaingnithe ar bith eile ann ná ní bheidh an láthair salach ná tais.

Teocht na hUrrainne Paisinéirí

11. Ach amháin sa chás go mbaineann ceadúnas tacsáí a deonaíodh den chéad uair roimh an 8 Meitheamh 2010 le feithicil, agus más rud é gur bhain an ceadúnas sin leis an bhfeithicil sin an 1 Eanáir 2013, féadfar teocht 20 céim ceinteagrád a choimeád in urrann phaisinéirí na feithicle nuair is é 5 chéim ceinteagrád faoi bhun an reophointe an teocht chomhthimpeallach sheachtrach.

Trealamh Sábháilteachta agus Cumarsáid

12. (1) Iompróidh an fheithicil na nithe seo a leanas go sábháilte—

- (a) faoi réir mhír (2), córas rotha bhreise,
- (b) fearas garchabhrach, ar fearas garchabhrach gan a bheith imithe as dáta é ag comhlíonadh DIN (Deutsches Institut für Normung) 13164 nó ar fearas taistil inchomparáide é arna mholadh ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta,

- (c) múchtóir dóiteáin, a chiallaíonn múchtóir dóiteáin in ord oibre ag comhlíonadh EN3 agus atá oiriúnach lena úsáid le haghaidh aicmí inadhainteachta A, B agus C, ag a bhfuil toilleadh íosta 2 chileagram púdar tirim nó toilleadh coibhéiseach le haghaidh aon ábhar múchta dóiteáin oiriúnach eile,
- (d) triantán réamhrabhaidh frithchaiteach ag comhlíonadh chaighdeán Rialachán 27 ón gCoimisiún Eacnamaíoch don Eoraip,
- (e) veist sábháilteachta shofheicthe fhrithchaiteach ag comhlíonadh chaighdeán ANSI 107, BS EN 471 nó CEN 471 nó caighdeán coibhéiseach,
- (f) tóirse láimhe in ord oibre, agus
- (g) peann agus páipéar.

(2) Féadfaidh an tÚdarás ceanglais mhír (1)(a) a laghdú más rud é gur feithicil leictreach hibrideach shraith-thairgthe, feithicil leictreach hibrideach shraith-thairgthe, feithicil breosla sholúbtha shraith-thairgthe nó feithicil leictreach hibrideach phlugaála shraith-thairgthe an fheithicil lena mbaineann, nó más rud é gur feithicil í atá curtha in oiriúint do ghás peitrliam leachtaithe nó do ghás nádúrtha comhbhrúite.

Soilsíú Inmheánach

13. Beidh fearas caighdeánach soilsithe inmheánaigh na feithicle in ord oibre.

Suíocháin Aghaidh ar Taobh

14. Ní bheidh aon suíocháin aghaidh ar taobh feistithe san fheithicil.

Díon na Feithicle

15. Beidh díon docht buan (a bhféadfaidh díon gréine arna fheistiú go hionchuí a bheith ann) ar an bhfeithicil lena gclúdófar an urrann tiománaí agus an urrann phaisinéirí.

Toilleadh Bagáiste

16. (1) Faoi réir mhíreanna (2) agus (3) thíos, comhlíonfaidh an fheithicil na ceanglais seo a leanas—

- (a) beidh cóiríocht ag an bhfeithicil chun bagáiste de thoirt íosta iomlán 420 lítear a iompar go sábháilte, arna thomhais ag an modh VDA nuair a bheidh gach suíochán paisinéara i gcomhlíonadh mhír 18 den Sceideal seo,
- (b) beidh garda nó clúdach feistithe ar aon urrann bhagáiste dá dtagraítear i mír (a) a mbeidh d'acmhainn aige díobháil d'aon phaisinéir ó bhagáiste i gcás tionóisce a chosc, agus

- (c) soláthrófar spás comhdhéanta de thoisí íosta bosca 735 milliméadar x 330 milliméadar x 805 milliméadar laistigh den toilleadh bagáiste arna shonrú i mír (a) chun freastal ar chathaoir rothaí fhillte.

(2) I gcás ina bhfuil feithicil ag gabháil le ceadúnas tacsáí chaighdeánaigh a deonaíodh den chéad uair roimh an 1 Eanáir 2009, nó le ceadúnas tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a deonaíodh den chéad uair roimh an 8 Meitheamh 2010, agus ina raibh sí ag gabháil leis an gceadúnas sin an 1 Eanáir 2013, déanfar foráil san fheithicil sin le haghaidh méid réasúnta bagáiste i gcomparáid leis an líon ionad suí.

(3) Féadfaidh an tÚdarás ceanglais mhír (1)(a) a laghdú más rud é gur feithicil leictreach hibrideach shraith-thairgthe, feithicil leictreach hibrideach shraith-thairgthe, feithicil breosla sholúbtha shraith-thairgthe nó feithicil leictreach hibrideach phlugála shraith-thairgthe an fheithicil lena mbaineann, nó más rud é gur feithicil í atá curtha in oiriúint do ghás peitrliam leachtaithe nó do ghás nádúrtha comhbhrúite.

Ceanglais Ghinearálta maidir le Suíocháin Paisinéirí

17. Maidir le gach suíochán paisinéirí i bhfeithicil (seachas suíochán ar chathaoir rothaí)—

- (a) beidh leithead íosta saoiseoige de 400 milliméadar aige, agus
- (b) beidh sé feistithe go docht daingean san fheithicil nuair a bheidh sé socraithe lena úsáid ag paisinéir.

Suíocháin / Spás Paisinéirí

18. Ach amháin i gcás feithicle lena mbaineann ceadúnas tacsáí a deonaíodh den chéad uair roimh an 8 Meitheamh 2010 agus i gcás inar bhain an fheithicil leis an gceadúnas sin an 1 Eanáir 2013, comhlíonfaidh an fheithicil na ceanglais seo a leanas—

- (a) beidh barr aon saoiseoige tosaigh neamh-chomhbhrúite paisinéirí 275 mhilliméadar ar a laghad ó urlár na feithicle,
- (b) beidh barr aon saoiseoige neamh-chomhbhrúite paisinéirí seachas saoiseog tosaigh phaisinéirí 275 mhilliméadar ar a laghad agus 460 milliméadar ar a mhéad ó urlár na feithicle ag tosach na saoiseoige,
- (c) beidh 650 milliméadar ar a laghad arna thomhas ar a fhad agus go cothrománach idir aghaidh tosaigh an taca droma ag airde na saoiseoige neamh-chomhbhrúite agus aghaidh chúil an tsuíocháin nó an dromchla díreach os comhair an tsuíocháin,
- (d) i gcás suíochán in aghaidh a chéile, beidh 1300 milliméadar ar a laghad arna thomhas ar a fhad agus go cothrománach idir aghaidheanna tosaigh na dtacar droma trasna óna chéile ag airde na saoiseoige neamh-chomhbhrúite, agus

- (e) beidh íosmhéid 1,360 milliméadar i gceist leis an spás guailí ar shraith amháin suíochán cúil ar a laghad.

Comhartha Dín Tacsáí

19. Maidir le gach tacsáí, le linn dó feidhmiú mar bheagfheithicil seirbhíse poiblí beidh comhartha (“comhartha dín tacsáí”) suite ar a dhíon i gcónaí a chomhlíonfaidh na ceanglais seo a leanas—

- (a) beidh an comhartha dín tacsáí déanta as ábhar marthanach, beidh sé síondíonach agus beidh sé insuite go daingean ar dhíon na feithicle ionas nach bhfuil sé faoi réir creathaidh ar dócha a dhéanfadh damáiste don fhearas solais leictrigh a cheanglaítear a bheith ina chuid dá dhéantús,
- (b) beidh toisí an chomhartha dín tacsáí den chineál nach mbeidh dromchla an chomhartha dín tacsáí insoilsithe níos mó ná 120 milliméadar ná níos lú ná 110 milliméadar ar airde, agus nach mbeidh sé níos lú ná 1,030 milliméadar ná níos mó ná 1,120 milliméadar ar fhad,
- (c) beidh aghaidh thosaigh agus aghaidh chúil an chomhartha dín tacsáí araon roinnte i dtrí chuid,
- (d) ní bheidh na codanna láir ar gach aghaidh den chomhartha dín tacsáí níos lú ná 300 milliméadar ná níos mó ná 360 milliméadar ar leithead agus taispeánfar orthu an focal “TACSAÍ” nó, sa Bhéarla, “TAXI” i litreacha buí ar chúla gorm dorcha de tharchuras solais íseal. Ní bheidh aon cheann de na litreacha níos lú ná 80 milliméadar ná níos mó ná 90 milliméadar ar airde agus ní bheidh leithead stríce na litreacha níos lú ná 14 milliméadar ná níos mó ná 16 milliméadar,
- (e) beidh cúlra buí ar na codanna den chomhartha dín tacsáí ar an taobh clé den chomhartha mar a bhreathnaítear air ó chúl na feithicle agus ar an taobh dheis den chomhartha mar a bhreathnaítear air ón tosach, agus ní bheidh siad níos lú ná 360 milliméadar ná níos mó ná 425 milliméadar ar leithead agus taispeánfar ar an gcúlra sin i litreacha dubha nó in uimhreáin, de réir mar a bheidh,—
- (i) an uimhir cheadúnais, nach mbeidh aon uimhreán inti níos lú ná 85 milliméadar ná níos mó ná 90 milliméadar ar airde; ní bheidh na stríoca le haghaidh gach uimhreáin níos lú ná 14 milliméadar ná níos mó ná 16 milliméadar ar leithead; ní bheidh leithead iomlán aon uimhreáin ach amháin an uimhreán “1” níos lú ná 45 milliméadar ná níos mó ná 60 milliméadar agus beidh spás thart ar 7 milliméadar idir na codanna is gaire d’uimhreáin thadhla, agus
- (ii) os cionn an uimhir cheadúnais nó ar thaobh na láimhe clé nó thaobh na láimhe deis den uimhir cheadúnais, na focail “uimhir cheadúnais” nó, sa Bhéarla, “licence number”,

- (f) ní bheidh aon litir ná uimhreán a thaispeánfar ar na codanna eile de gach aghaidh den chomhartha dín tacsáí níos mó ná 70 milliméadar ar airde,
- (g) beidh an comhartha tacsáí insoilsithe trí bhíthin fearas solais leictirigh inmheánach ionas go mbeidh an uimhir cheadúnais inaitheanta go héasca,
- (h) nuair a bheidh sé soilsithe, ní thaispeánfaidh an comhartha dín tacsáí solas dearg chun tosaigh nó solas bán ar cúl,
- (i) nuair a bheidh sé soilsithe, astóidh an comhartha dín tacsáí solas idirleata agus beidh sé deartha chun solas a astú nach gile ná 400 caindéile in aghaidh an mhéadair chearnaigh de limistéar soilsithe an chomhartha,
- (j) ní bheidh ar an bpainéal ar an taobh deas den comhartha dín tacsáí mar a bhreathnaítear air ó chúl na feithicle agus ar an taobh clé den chomhartha dín tacsáí mar a bhreathnaítear air ó thosach na feithicle ach—
- (i) aitheantas (aitheantais) tíre do na limistéir sin a bhfuil tiománaí na feithicle sin údaraithe le heolas limistéir iomchuí le seasamh nó bheith ar tairiscint le fruiliú, leis an t-aitheantas (na haitheantais) sin ag cuimsiú a leithéid d'ábhar agus gnéithe slándála, agus iad sna toisí a fhorordaíonn an tÚdarás,
- (ii) sonraí teagmhála—
- (A) i ndáil leis an tacsáí, nó
- (B) i ndáil leis an oibreoir seachadta nó an tseirbhís áirithinte trínar féidir an tacsáí a chur in áirithe nó a shocrú,
- (iii) sa chás gur tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí í an fheithicil, an tsiombail seo a leanas nó siombail ar comhchosúil go substaintiúil í, agus beidh an tsiombail sin thart ar 90 milliméadar ar airde,



- (iv) i gcás ina nglacann an tiománaí le híocaíocht le cárta creidmheasa nó cárta dochair, féadfar comhartha thart ar 90mm x 90mm ar

mhéid den dearadh thíos, sna dathanna gorm (tagairt Pantone 534) agus glas (tagairt Pantone 382) mar a léirítear a thaispeáint,



- (k) dath buí a bheidh ar aon chodanna bána den phainéal ar an taobh deas den chomhartha dín tacsáí mar a bhreathnaítear air ó chúl na feithicle nó ar an taobh clé den chomhartha dín tacsáí mar a bhreathnaítear air ó thosach na feithicle,
- (l) ní dhéanfar comhartha tacsáí tráth ar bith a aghlot, a dhoiléiriú ná a athrú ar shlí go mbeidh an focal “TAXI” nó “TACSAÍ” nó an uimhir cheadúnais doléite nó go mbeidh cuid de nó cuid díobh doléite,
- (m) beidh an solas comhartha tacsáí inchasta air nuair a bheidh an fheithicil ar fáil lena fruilíú agus dá réir sin beidh sé sreangaithe go neamhspleách ar an adhaint nó an lasc solais feithicle,
- (n) ní chuirfear aon ghobadh ar dhíon na feithicle a fhágfadh go mbeadh aon chuid den chomhartha dín tacsáí doiléir, nó go bhféadfadh sé a bheith doiléir, nuair a bhreathnaítear air ó thosach nó ó chúl na feithicle,
- (o) ní dhéanfar aon fhógraíocht, siombailí, téacs, soilse nó trealamh eile a chur ar an gcomhartha dín tacsáí ná ar dhíon na feithicle, ná a ghreamú dóibh, seachas iadsan atá sonraithe sa Sceideal 2 seo, agus
- (p) beidh an comhartha dín tacsáí inbhainte go héasca ón bhfeithicil.

Tacsaiméadar agus Printéir

20. Beidh an fheithicil feistithe le tacsaiméadar sa chaoi agus go mbeidh sé—
- (a) greamaithe go daingean leis an bhfeithicil ionas nach féidir an tacsaiméadar a scor agus nach n-éireoidh sé míchruinn de bharr chreathadh an innill nó de bharr ghluaiseacht na feithicle,
 - (b) i cibé ionad ar an bhfeithicil a fhágfaidh gur féidir le paisinéir taobh istigh den fheithicil an tacsaiméadar a fheiceáil agus a léamh go héasca,
 - (c) feistithe ionas go bhfuil an cábla tarchuradóra lena nasctar an tacsaiméadar leis na rothaí nó le meicníocht tiomána na feithicle suite agus cosanta ag clúdach seachtrach sa chaoi is nach dócha go ndéanfaí damáiste don chábla,

- (d) calabraithe de réir an ordaithe uastáillí arna dhéanamh ag an Údarás faoi alt 24 den Phríomh-Acht,
- (e) feistithe le gléas lenar féidir admháil a phriontáil go huathoibríoch ar a dtaispeánfar na sonraí a cheanglaítear de réir Rialachán 56, agus
- (f) i ndea-ord, i ndea-theoir, agus dea-bhail air, agus go mbeidh sé feistithe, nuair a cheanglaítear air a bheith feistithe amhlaidh, leis an marc nó na séaláí fíoraithe oifigiúla lena léirítear go gcomhlíontar an tAcht Méadreolaíochta, 1996 (Uimh. 27 de 1996).

Brandáil Feithicle

21. (1) Déanfar comhartha vinil féinghreamaitheach ceadaithe seachtrach den fhoirm agus sna dathanna a shonraítear i gCuid 1 nó i gCuid 2 de Sceideal 6 a ghreamú don doras tosaigh ar an taobh clé agus don doras tosaigh ar an taobh deas den fheithicil. Maidir le comharthaí den sórt sin—

- (a) greamóidh soláthróir atá údaraithe ag an Údarás iad;
- (b) greamófar iad ar bhealach leath-bhuan nach bhfuil inbhainte sa ghnáthchúrsa;
- (c) beidh siad iomlán, beidh dea-bhail orthu, agus beidh siad saor ó aon locht suntasach;

(2) Maidir le comhartha seachtrach ceadaithe a ghreamóidh soláthróir údaraithe do thacsaí de réir mhír (1), déanfaidh an soláthróir údaraithe sin é a shaincheapadh, sula gcuirfear ar an bhfeithicil é, trí uimhir cheadúnais tacsáí na feithicle a chur isteach sa spás atá marcáilte le “XXXXXX” san fhoirm um chomhartha seachtrach ceadaithe a shonraítear i gCuid 1 nó i gCuid 2 de Sceideal 6, de réir mar a bheidh.

(3) Níl sé ceadaithe comharthaí maighnéadacha den fhoirm a shonraítear i Sceideal 6, nó cosúil leis an bhfoirm a shonraítear i Sceideal 6, a ghreamú do dhoirse seachtracha feithicle.

Ceanglais maidir le Struchtúr na Suíochán

22. (1) Faoi réir mhír (2), beidh criosanna sábhála, ancaireachtaí do chriosanna sábhála, suíocháin, ancaireachtaí do shuíocháin, meicníochtaí suíocháin, agus ceannbhaic feistithe ar an bhfeithicil a chomhlíonfaidh na forálacha teicniúla de na caighdeáin iomchuí ó CE/ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le carranna paisinéirí (M1) agus beidh fianaise dhoiciméadach ar an gcomhlíonadh sin i ndáil le haon mhodhnuithe a dhéanfar ar an bhfeithicil ar fáil.

(2) Maidir le hathnuachan ceadúnais tacsáí chaighdeánaigh i ndáil le feithicil a bhaineann leis an gceadúnas sin ar an dáta ar tháinig na Rialacháin seo i bhfeidhm, beidh criosanna sábhála, ancaireachtaí do chriosanna sábhála, suíocháin, ancaireachtaí do shuíocháin, meicníochtaí suíocháin, agus ceannbhaic

feistithe ar an bhfeithicil a chomhlíonfaidh na ceanglais iomchuí sna Rialacháin maidir le Déanamh, Trealamh agus Úsáid Feithicilí.

Feithicilí Modhnaithe

23. Éilítear doiciméadacht de réir Rialachán 29 i ndáil le gach feithicil mhodhnaithe.

SCEIDEAL 3

CEANGLAIS GHINEARÁLTA FEITHICLE DO FHRUILCHARRANNA

Meáchan agus Tréithe Ginearálta Feithicle

1. Beidh an fheithicil ina feithicil inneallghluaiste atá deartha agus déanta chun paisinéirí a iompar ina bhfuil cóiríocht suite do phaisinéirí le haghaidh líon nach mó ná ocht nduine (gan an tiománaí san áireamh) agus a bhfuil ollmheáchan ceaptha feithicle uasta aici nach mó é ná 3,500 cileagram.

Socrú Rothaí

2. Beidh ceithre roth ar a laghad ag an bhfeithicil atá leagtha amach i bpéirí acastóra ionas gurb é 2,100 milliméadar an rothfhad íosta, 1,100 milliméadar an leithead íosta riain, agus gur lú ná 75 mhilliméadar aon athrúchán ó thaobh go taobh ar an rothfhad.

Rátáil Ualaigh na mBonn

3. Beidh rátáil ualaigh iomchuí ag na boinn don ollmheáchan ceaptha feithicle.

Doirse

4. (1) Beidh ceithre dhoras ar a laghad ag an bhfeithicil.

(2) Féadfaidh paisinéir gach doras a oibriú ó laistigh nó ó lasmuigh den fheithicil ar an gcoinníoll go bhféadfaí glas a chur ar dhoras go huathoibríoch agus an fheithicil ag gluaiseacht dá mbainfí an glas den doras go huathoibríoch nuair a stopann an fheithicil den ghluaiseacht.

Túsbarraí Cosanta

5. Ní bheidh aon túsbarraí cosanta feistithe ar an bhfeithicil, ach amháin i gcás ina gcomhlíonfaidh siad Rialachán 78/2009/CE arna leasú agus go mbeidh fianaise ar an gcomhlíonadh sin curtha ar fáil i bhfoirm agus i substaint a mbeidh an tÚdarás sásta léi.

Fuinneoga

6. (1) Féadfar gach fuinneog phaisinéara (taobhfhuinneog) a oibriú go héasca.

(2) Beidh gach fuinneog glan.

(3) Seachas i gcás banda 125 mhilliméadar ar doimhneacht ar a mhéad ag an imeall uachtair, léireofar tarchur solais infheicthe 70 faoin gcéad ar a laghad le gaothscáth tosaigh beagfheithicle seirbhíse poiblí.

(4) Faoi réir (5) thíos, i gcás ina bhfuil áit suite paisinéara nó áit do chathaoir rothaí in aice le fuinneog (seachas an gaothscáth tosaigh agus an gaothscáth cúil den fheithicil sin), léireofar tarchur solais infheicthe 70 faoin gcéad ar a laghad leis an bhfuinneog sin.

(5) Ní bheidh feidhm leis na ceanglais in (4) thuas i ndáil le feithicil lena mbaineann ceadúnas fruilchairr chaighdeánaigh a deonaíodh den chéad uair roimh an 1 Eanáir 2009 i gcás lenar bhain an ceadúnas sin leis an bhfeithicil an 1 Eanáir 2013.

Glaineacht

7. Beidh dea-bhail ghlan ar an bhfeithicil agus ní bheidh deannach, salachar, smúr, dramhaíl, bruscar, ábhar míthaitneamhach ná drochbholadh taobh istigh di.

Cáilíocht na Suíochán

8. Beidh feistithe ar an bhfeithicil suíocháin atá forchumhdaithe i gceart le leathar, le leathar saorga de dhea-cháilíocht nó le hábhar marthanach eile, agus a bhfuil bail ghlan agus shláinteach orthu.

Péint Sheachtrach

9. Beidh péint sheachtrach na feithicle comhsheasmhach ó thaobh datha de agus ní bheidh deisiúcháin ar siúl ar an bpéint ná ar an gcabhail.

Láthair Bhagáiste

10. I gcás láthair ar bith laistigh den fheithicil arna cur ar fáil le haghaidh bagáiste, beidh an láthair sin ar fáil le haghaidh bagáiste na bpaisinéirí agus ní bheidh míreanna neamhdhaingnithe ar bith eile ann ná ní bheidh an láthair salach ná tais.

Teocht na hUrrainne Paisinéirí

11. Ach amháin más rud é go mbaineann ceadúnas a deonaíodh den chéad uair roimh an 1 Eanáir 2009 le feithicil, agus más rud é gur bhain an ceadúnas sin leis an bhfeithicil sin an 1 Eanáir 2013, féadfar teocht 20 céim ceinteagrád a choimeád in urrann phaisinéirí na feithicle nuair is é 5 chéim ceinteagrád faoi bhun an reophointe an teocht chomhthimpeallach sheachtrach.

Trealamh Sábháilteachta agus Cumarsáid

12. (1) Iompróidh an fheithicil na nithe seo a leanas go sábháilte—

(a) faoi réir mhír (2), córas rotha bhreise,

(b) fearas garchabhrach, ar fearas garchabhrach gan a bheith imithe as dáta é ag comhlíonadh DIN (Deutsches Institut für Normung) 13164 nó ar fearas taistil inchomparáide é arna mholadh ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta,

- (c) múchtóir dóiteáin, a chiallaíonn múchtóir dóiteáin in ord oibre ag comhlíonadh EN3 agus atá oiriúnach lena úsáid le haghaidh aicmí inadhainteachta A, B agus C, ag a bhfuil toilleadh íosta 2 chileagram púdar tirim nó toilleadh coibhéiseach le haghaidh aon ábhar múchta dóiteáin oiriúnach eile,
- (d) triantán réamhrabhaidh frithchaiteach ag comhlíonadh chaighdeán Rialachán 27 ón gCoimisiún Eacnamaíoch don Eoraip,
- (e) veist sábháilteachta shofheicthe fhrithchaiteach ag comhlíonadh chaighdeán ANSI 107, BS EN 471 nó CEN 471 nó caighdeán coibhéiseach,
- (f) tóirse láimhe in ord oibre, agus
- (g) peann agus páipéar.

(2) Féadfaidh an tÚdarás ceanglais mhír (a) a laghdú más rud é gur feithicil leictreach hibrideach shraith-thairgthe, feithicil leictreach hibrideach shraith-thairgthe, feithicil breosla sholúbtha shraith-thairgthe nó feithicil leictreach hibrideach phlugála shraith-thairgthe an fheithicil lena mbaineann, nó más rud é gur feithicil í atá curtha in oiriúint do ghás peitríliam leachtaithe nó do ghás nádúrtha comhbhrúite.

Soilsiú Inmheánach

13. Beidh fearas caighdeánach soilsithe inmheánaigh na feithicle in ord oibre.

Suíocháin Aghaidh ar Taobh

14. Ní bheidh aon suíocháin aghaidh ar taobh feistithe san fheithicil.

Díon na Feithicle

15. Beidh díon docht buan (a bhféadfaidh díon gréine arna fheistiú go hiomchuí a bheith ann) ar an bhfeithicil lena gclúdófar an urrann tiománaí agus an urrann phaisinéirí.

Toilleadh Bagáiste

16. (1) Faoi réir mhíreanna (2) agus (3) thíos, comhlíonfaidh an fheithicil na ceanglais seo a leanas—

- (a) beidh cóiríocht ag an bhfeithicil chun toilleadh íosta iomlán 420 lítear de bhagáiste, arna thomhas de réir mhodh VDA, a iompar go sábháilte ar an gcoinníoll go bhféadfaí suíocháin paisinéirí de bhreis ar an gceathrú suíochán a dhíolmhú ó cheanglais mhír 18 den Sceideal seo chun críche an tomhais sin,
- (b) beidh garda nó clúdach feistithe ar aon urrann bhagáiste dá dtagraítear i mír (a) a mbeidh d'acmhainn aige díobháil d'aon phaisinéir ó bhagáiste i gcás tionóisce a chosc, agus

- (c) soláthrófar spás comhdhéanta de thoisí íosta bosca 735 milliméadar x 330 milliméadar x 805 milliméadar laistigh den toilleadh bagáiste arna shonrú i mír (a) chun freastal ar chathaoir rothaí fhillte.

(2) Ach amháin i gcás feithicle lena mbaineann ceadúnas fruilchairr chaighdeánaigh a deonaíodh den chéad uair roimh an 1 Eanáir 2009 agus i gcás inar bhain an fheithicil leis an gceadúnas sin an 1 Eanáir 2013, beidh soláthar ag an bhfeithicil do mhéid réasúnta bagáiste i comparáid leis an méid ionad suí.

(3) Féadfaidh an tÚdarás ceanglais mhír (a) a laghdú más rud é gur feithicil leictreach hibrideach shraith-thairgthe, feithicil leictreach hibrideach shraith-thairgthe, feithicil breosla sholúbtha shraith-thairgthe nó feithicil leictreach hibrideach phlugála shraith-thairgthe an fheithicil lena mbaineann, nó más rud é gur feithicil í atá curtha in oiriúint do ghás peitriam leachtaithe nó do ghás nádúrtha comhbhrúite.

Ceanglais Ghinearálta maidir le Suíocháin Paisinéirí

17. Maidir le gach suíochán paisinéirí i bhfeithicil (seachas suíochán ar chathaoir rothaí)—

- (a) beidh leithead íosta saoiseoige de 400 milliméadar aige, agus
- (b) beidh sé feistithe go docht daingean san fheithicil nuair a bheidh sé socraithe lena úsáid ag paisinéir.

Suíocháin / Spás Paisinéirí

18. Ach amháin i gcás feithicle lena mbaineann ceadúnas fruilchairr chaighdeánaigh a deonaíodh den chéad uair roimh an 1 Eanáir 2009 agus i gcás inar bhain an fheithicil leis an gceadúnas sin an 1 Eanáir 2013, comhlíonfaidh an fheithicil na ceanglais seo a leanas—

- (a) beidh barr aon saoiseoige tosaigh neamh-chomhbhrúite paisinéirí 275 mhilliméadar ar a laghad ó urlár na feithicle,
- (b) beidh barr aon saoiseoige neamh-chomhbhrúite paisinéirí seachas saoiseog tosaigh phaisinéirí 275 mhilliméadar ar a laghad agus 460 milliméadar ar a mhéad ó urlár na feithicle ag tosach na saoiseoige,
- (c) beidh 650 milliméadar ar a laghad arna thomhas ar a fhad agus go cothrománach idir aghaidh tosaigh an taca droma ag airde na saoiseoige neamh-chomhbhrúite agus aghaidh chúil an tsuíocháin nó an dromchla díreach os comhair an tsuíocháin,
- (d) i gcás suíochán in aghaidh a chéile, beidh 1300 milliméadar ar a laghad arna thomhas ar a fhad agus go cothrománach idir aghaidheanna tosaigh na dtacar droma trasna óna chéile ag airde na saoiseoige neamh-chomhbhrúite, agus

- (e) beidh íosmhéid 1,360 milliméadar i gceist leis an spás guailí ar shraith amháin suíochán cúil ar a laghad.

Ceanglais maidir le Struchtúr na Suíochán

19. (1) Faoi réir mhír (2), beidh criosanna sábhála, ancaireachtaí do chriosanna sábhála, suíocháin, ancaireachtaí do shuíocháin, meicníochtaí suíocháin, agus ceannbhaic feistithe ar an bhfeithicil a chomhlíonfaidh na forálacha teicniúla de na caighdeáin iomchuí ó CE/ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le carranna paisinéirí (M1) agus beidh fianaise dhoiciméadach ar an gcomhlíonadh sin i ndáil le haon mhodhnuithe a dhéanfar ar an bhfeithicil ar fáil.

(2) Maidir le hathnuachan ceadúnais tacsáí chaighdeánaigh i ndáil le feithicil a bhaineann leis an gceadúnas sin ar an dáta ar tháinig na Rialacháin seo i bhfeidhm, beidh criosanna sábhála, ancaireachtaí do chriosanna sábhála, suíocháin, ancaireachtaí do shuíocháin, meicníochtaí suíocháin, agus ceannbhaic feistithe ar an bhfeithicil a chomhlíonfaidh na ceanglais iomchuí sna Rialacháin maidir le Déanamh, Trealamh agus Úsáid Feithicilí.

Feithicilí Modhnaithe

20. Éilítear doiciméadacht de réir Rialachán 29 i ndáil le gach feithicil mhodhnaithe.

SCEIDEAL 4

CEANGLAIS BHREISE MAIDIR LE TACSAITHE AGUS FRUILCHARRANNA ATÁ
INROCHTANA AG CATHAOIREACHA ROTHÁÍ**Sonraíocht Feithicle**

1. (1) Beidh an fheithicil déanta nó aistrithe go sonrach le freastal ar aon phaisinéir amháin ar a laghad de bhreis ar chathaoir rothaí in úsáid (atá coibhéiseach ó thaobh méide de leis na toisí spáis arna leagan amach i mír 3(2) thíos) agus ar íosmhéid trí phaisinéir aosaithe i gcumraíocht i gcás nach bhfuil cathaoir rothaí in úsáid á hiompar.

(2) I gcás tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, maidir le suíocháin nach bhfuil in úsáid sa chumraíocht chun cathaoir rothaí in úsáid a iompar, féadfar iad a fhilleadh nó a stuáil go sábháilte ar shlí eile san fheithicil.

Toisí Doirse Inrochtana

2. Comhlíonfaidh an fheithicil na ceanglais seo a leanas—

(a) Beidh feistithe ar an bhfeithicil—

(i) oscailt dorais amháin ar a laghad atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí ar féidir í a oscailt ó laistigh agus ó lasmuigh den fheithicil, suite ar neastaobh nó ar chúl na feithicle, lena dtugtar rochtain neamhshrianta ar an spás le haghaidh cathaoir rothaí laistigh den fheithicil agus lena mbaineann toisí neamhshrianta íosta 745 mhilliméadar ar leithead agus 1,250 milliméadar ar airde inoscailte, agus

(ii) doras inoscailte amháin eile ar a laghad lena gcuimsítear rochtain ar an urrann phaisinéirí ó laistigh nó ó lasmuigh den fheithicil,

(b) féadfar na doirse cúil (ar insí go hingearach) nó an cúldoras (ar insí go cothrománach) a áireamh mar oscailt dá dtagraítear i bhfomhír (a)(i) más rud é gur dearadh an fheithicil lena mbaineann lena hiontráil ón gcúl ag cathaoireacha rothaí agus más rud é go gcomhlíonann na doirse na toisí arna sonrú inti ar shlí eile, agus

(c) féadfar na doirse cúil (ar insí go hingearach) nó an cúldoras (ar insí go cothrománach) a áireamh mar oscailt rochtana dá dtagraítear i bhfomhír (a) (ii).

Toisí agus Toirmisc an Spáis le haghaidh Cathaoir Rothaí

3. (1) Beidh spás san fheithicil chun freastal ar aon duine amháin ina shuí nó ina suí i gcathaoir rothaí chun taisteal agus a aghaidh nó a haghaidh chun tosaigh

(2) Ní bheidh an spás le haghaidh cathaoir rothaí i mír (1) níos lú ná 700 milliméadar ar leithead agus 1,200 milliméadar ar fhad. Faoi réir mhír (3), soláthrófar íos-spás cloiginn 1,350 milliméadar i gcomharsanacht chloigeann úsáideoir na cathaoireach rothaí.

(3) I gcás feithicle lena mbaineann ceadúnas le haghaidh tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a deonaíodh den chéad uair an 8 Meitheamh 2010 nó roimhe agus i gcás inar bhain an fheithicil leis an gceadúnas sin an 1 Eanáir 2013, soláthrófar íos-spás cloiginn 1,300 milliméadar i gcomharsanacht chloigeann úsáideoir na cathaoireach rothaí.

Ceanglais Struchtúracha maidir le Suíocháin

4. (1) Faoi réir mhír (2), beidh criosanna sábhála, ancaireachtaí do chriosanna sábhála, suíocháin, ancaireachtaí do shuíocháin, meicníochtaí suíocháin, agus ceannbhaic feistithe ar an bhfeithicil a chomhlíonfaidh na forálacha teicniúla de na caighdeáin iomchuí ó CE/ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le carranna paisinéirí (M1) agus beidh fianaise dhoiciméadach ar an gcomhlíonadh sin i ndáil le haon mhodhnuithe a dhéanfar ar an bhfeithicil ar fáil.

(2) Maidir le ceadúnas le haghaidh tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a deonaíodh den chéad uair roimh an 8 Meitheamh 2010, agus i gcás gurb ionann an fheithicil lena mbaineann an ceadúnas agus an fheithicil lenar bhain an ceadúnas sin an 1 Eanáir 2013, beidh criosanna sábhála, ancaireachtaí do chriosanna sábhála, suíocháin, ancaireachtaí do shuíocháin, meicníochtaí suíocháin, agus ceannbhaic feistithe ar an bhfeithicil a chomhlíonfaidh na ceanglais iomchuí sna Rialacháin maidir le Déanamh, Trealamh agus Úsáid Feithicilí.

Soláthar Céime Rochtana

5. (1) I gcás ina bhfuil airde oscailte ag sárú 1150 miliméadar ag ceann amháin nó níos mó de na doirse ar neastaobh nó ar chúl na feithicle agus i gcás ina bhfuil an t-urlár nó an dromchla inmheánach is ísle den urrann phaisinéirí níos mó ná 230 milliméadar os cionn na talún ag gnáthriocht tiomána na feithicle, beidh céim idirmheánach (“céim rochtana”) feistithe go daingean ar oscailt dorais amháin ar a laghad ar neastaobh nó ar chúl na feithicle atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí.

(2) I gcás ina bhfuil sé feistithe, féadfar crochadh glúine a ísliú chun an gnáthriocht tiomána a laghdú sula ndéanfar aon tomhas ar airde urláir na hurrainne paisinéirí.

Ceanglais maidir le Céim Rochtana

6. (1) Beidh dromchla atá friotaíoch in aghaidh sciorradh ag céim rochtana.

(2) Beidh 200 milliméadar ar a laghad i ndoimhneacht bhoinn céime rochtana agus beidh an chéim 400 milliméadar ar leithead ar a laghad.

(3) Ní bheidh airde dhromchla céime rochtana níos mó ná 230 milliméadar ón talamh ag gnáthriocht tiomána na feithicle.

(4) Ní bheidh claonadh uasta céime rochtana in aon treo níos mó ná 3o ag gnáthriocht tiomána na feithicle.

(5) Beidh corra cruinne nach giorra iad ná 40 milliméadar marcáilte go soiléir ar chéim rochtana i ndath geal a bheidh in imeartas leis an scéim dathanna laistigh den fheithicil.

(6) Nuair a bheidh feithicil atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí ag gluaiseacht, ní shínfidh céim rochtana níos mó ná 10 milliméadar amach ón gcuid is leithne (gan scátháin san áireamh) de thaobh seachtrach na feithicle.

(7) Beidh coirnéil nó struchtúir thacaíochta dírithe chun tosaigh nó ar chúl ar chéim rochtana maolaithe go dtí ga nach giorra é ná 5 mhilliméadar agus beidh imill chéime rochtana maolaithe go dtí ga nach giorra é ná 2.5 milliméadar.

(8) Faoi réir mhír (7), beidh imill chéime rochtana maolaithe go dtí ga nach giorra é ná 2.5 milliméadar.

(9) I gcás codanna céime rochtana ag gobadh amach arb in ábhar nach cruá é ná 60 shore A iad, féadfaidh ga cuaire níos lú na 2.5 milliméadar a bheith iontu.

(10) I gcás céim rochtana atá deimhnithe mar chuid de shonraíocht feithicle um Chineálcheadú Feithicle ó CE, meastar go gcomhlíonann an chéim rochtana sin na ceanglais dá dtagraítear i míreanna (5) go (8).

Sláine na Céime Rochtana

7. Déanfar céim rochtana a dhearadh agus a thógáil chun na hualaí seo a leanas a sheasamh, gan aon dífhoirmiú ná sraonadh buan ar mó é ná 10 milliméadar, ag pointe ar bith ar an gcéim rochtana—

- (a) i ndáil le céim rochtana atá deartha chun aon duine amháin ag an am a sheasamh, mais 136 chileagram arna cur i lár céim aonair, nó
- (b) i ndáil le céim rochtana atá deartha chun freastal do níos mó ná aon duine amháin ag an am, mais 272 chileagram arna cur i lár céim dhúbailte.

Ceanglais maidir le Córas Crochta Glúine

8. I gcás ina bhfuil córas crochta glúine feistithe ar fheithicil, comhlíonfaidh an córas sin na forálacha seo a leanas—

- (a) beidh máistir-rialtán agus rialtán úsáideora ar leith le haghaidh fheidhm an chórais crochta glúine riachtanach chun oibriú an chórais a chumasú,
- (b) i gcás aon rialtáin lena dtionscnaítear ísliú nó ardú aon choda den chorp nó an choirp iomláin i gcoibhneas le dromchla an bhóthair,

beidh an rialtán sin sainaitheanta go soiléir agus faoi rialú díreach an tiománaí nó úsáideoir na cathaoireach rothaí nó a chúntóra nó a cúntóra,

- (c) féadfar próiseas an íslithe a stopadh agus a aisiompú láithreach le ceachtar den máistir-rialtán nó den rialtán úsáideora ar leith, agus
- (d) ní ligfidh an córas crochta glúine do dhuine an fheithicil a thiomáint ar luas níos tapa ná 5 chiliméadar san uair más rud é gurb ísle riocht na feithicle ná an gnáthriocht tiomána.

Áis Bhordála

9. (1) Faoi réir mhír (3), comhlíonfaidh an fheithicil na ceanglais seo a leanas—

- (a) beidh feistithe ar fheithicil rampa faoi choinne cathaoireacha rothaí nó cóimeáil ardaitheora chumhachtaithe d'fhonn cur ar chumas duine ag taisteal i gcathaoir rothaí dul isteach san fheithicil nó teacht amach uaithi go sábháilte,
- (b) i gcás ina bhfuil cóimeáil ardaitheora chumhachta feistithe ar fheithicil, comhlíonfaidh an chóimeáil ardaitheora chumhachtaithe sin na forálacha seo a leanas—
 - (i) beidh sé deimhnithe ag aonán inniúil ábharthach go bhfuil íos-ualach sábháilte oibre 300 cileagram ag an gcóimeáil, agus
 - (ii) beidh achar íosta 725 mhilliméadar ar leithead x 900 milliméadar ar fhad ag an ardán ardaitheora,
- (c) i gcás ina bhfuil rampa faoi choinne cathaoireacha rothaí feistithe ar fheithicil, beidh na nithe seo a leanas i gceist leis an rampa sin—
 - (i) is é 160 i gcoibhneas leis an leibhéal díreach an rampa-uillinn uasta cheadaithe, (i gcás feithiclí taobhiontrála amháin, déanfar é sin a mheasúnú agus an ceann saor ardaithe 125 mhilliméadar ón talamh),
 - (ii) beidh an rampa in ann freastal do dhálaí éagsúla talún agus colbha,
 - (iii) tacóidh an chóimeáil le mais chomhcheangailte na cathaoireach rothaí agus an úsáideora de 300kg ar a laghad,
 - (iv) i gcás cóimeáil inscartha, beidh sí oiriúnach lena láimhsiú de láimh,
 - (v) beidh slí shábháilte ann lena stuáil san fheithicil,
 - (vi) i gcás cóimeáil inscartha, beidh sí marcáilte ar bhealach buan le huimhir chláráithe feithicle na feithicle lena mbaineann,

- (vii) i gcás cóimeáil inscartha, beidh feiste aimsiúcháin leordhóthanach ag an gcóimeáil chun a áirithiú nach sciortfaidh ná nach glaonfaidh an chóimeáil agus í in úsáid,
- (viii) soláthrófar léi dromchla atá friotaíoch in aghaidh sciortradh le haghaidh rothaí na cathaoireach rothaí,
- (ix) beidh 700 milliméadar ar leithead ar a laghad idir na himill ardaithe,
- (x) beidh imill ardaithe sábháilteachta ann d'airde 25 mhilliméadar ar a laghad,
- (xi) beidh an chóimeáil, gach tráth, in ord maith oibre agus ar fáil lena húsáid, agus
- (xii) léireofar marcáil um Ualach Sábháilte Oibre (USO) uirthi.

(2) Féadfaidh an tÚdarás aon cheann amháin nó níos mó de cheanglais mhír (1) i ndáil le rampa faoi choinne cathaoireacha rothaí nó i ndáil le cóimeáil ardaitheora chumhachta a tharscaoileadh ar iarratas ó mhonaróir i ndáil le dearadh áirithe nach féidir freastal ar an tsonraíocht nó ar na sonraíochtaí lena mbaineann ann i gcás inar deimhin leis an Údarás gur mó na tuillteanais a bhaineann le réiteach dearaidh nuálaíoch don tomhaltóir ná a inmhianaithe atá sé an tsonraíocht sin nó na sonraíochtaí sin a chomhlíonadh.

(3) Maidir le ceadúnas le haghaidh tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a deonaíodh den chéad uair roimh an 8 Meitheamh 2010, agus i gcás gurb ionann an fheithicil lena mbaineann an ceadúnas agus an fheithicil lenar bhain an ceadúnas sin an 1 Eanáir 2013, beidh rampa nó meicníocht eile ag an bhfeithicil sin ionas gur féidir le paisinéir ina shuí nó ina suí i gcathaoir rothaí dul isteach san fheithicil agus teacht amach uaithi go sábháilte. Beidh de chumas ag an rampa nó ag an meicníocht eile mais chomhcheangailte na cathaoireach rothaí agus an úsáideora de 300 cileagram ar a laghad a iompar idir an bóthar agus taobh istigh den fheithicil gan chúnamh ó aon duine seachas tiománaí na feithicle agus beidh sé, gach tráth, in ord maith oibre agus ar fáil lena úsáid, agus léireofar marcáil um Ualach Sábháilte Oibre (USO) air. Beidh rampa, i gcás ina n-úsáidfear é, de shórt a sholáthróidh 3.6 aonad faid le haghaidh gach aonaid airde, arna thomhas ag an bpointe is airde de. I gcás rampa(i) inscartha, beidh feiste aimsiúcháin leordhóthanach ag an rampa (na rampaí) chun a áirithiú nach sciortfaidh ná nach glaonfaidh an rampa (na rampaí) agus é (iad) in úsáid.

Ceanglais maidir le Srianta do Chathaoireacha Rothaí agus d'Úsáideoirí

10. (1) Faoi réir mhír (2), comhlíonfaidh an fheithicil na ceanglais seo a leanas—


- (a) beidh feistithe ar spás le haghaidh cathaoir rothaí—
 - (i) córas srianta le haghaidh úsáideoir na cathaoireach rothaí ina mbeidh íosmhéid trí phointe ancaireachta le haghaidh criosanna

lena soláthrófaí srianta don pheilbhis agus don cholainn uachtair arna ndearadh agus arna dtógáil le feidhmiú ar bhealach comhchosúil le crios sábhála, agus

- (ii) córas srianta le haghaidh cathaoir rothaí a bheidh oiriúnach lena úsáid go ginearálta ar chathaoireacha rothaí,
- (b) féadfar córas srianta le haghaidh cathaoir rothaí a cheangal go daingean le hancaireachtaí creasa na feithicle,
- (c) féadfar córas srianta le haghaidh úsáideoir de chathaoir rothaí a cheangal go daingean le hancaireachtaí creasa na feithicle,
- (d) beidh ancaireachtaí creasa an chórais srianta le haghaidh cathaoir rothaí suite go siméadrach ar fhad i gcoibhneas leis an spás le haghaidh cathaoir rothaí arna sholáthar,
- (e) faoi réir mhír (6), soláthrófar íosmhéid ceithre shrian i ndáil le gach cathaoir rothaí; dhá shrian chun tosaigh agus dhá shrian ar chúl d'fhonn an chathaoir rothaí a dhaingniú d'ancaireachtaí creasa an chórais srianta le haghaidh cathaoir rothaí san fheithicil,
- (f) measfar mar a bheith inghlactha feithicil ag a bhfuil Cineálcheadú Feithicle ó CE ar a bhfuil srianta malartacha le haghaidh cathaoir rothaí agus más rud é gur cruthaíodh chun sástacht an Údaráis gur léiríodh go rathúil leibhéal coibhéiseach feidhmíochta atá ar aon dul leis an bhfeidhmíocht arna leagan amach i Sceideal 7,
- (g) beidh san áireamh in iarratas ar cheadúnas le haghaidh tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó le haghaidh fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí cruthúnas doiciméadach gur chomhlíon ancaireachtaí creasa an chórais srianta le haghaidh cathaoir rothaí na caighdeáin arna leagan amach i Sceideal 7,
- (h) beidh san áireamh in iarratas ar cheadúnas le haghaidh tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó le haghaidh fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí cruthúnas doiciméadach gur chomhlíon ancaireachtaí creasa an chórais srianta le haghaidh úsáideoir cathaoir rothaí na caighdeáin arna leagan amach i Sceideal 7,
- (i) beidh gach fosú nó feiste srianta marcáilte go soiléir nó deartha nó daingnithe go buan lena ancaireachtaí creasa ionas nach ndéanfaí fosú nó srian a dhaingniú leis an ancaireacht chreasa mhícheart, agus
- (j) comhlíonfaidh fosuithe, strapaí, comhphárteanna agus fochóimeálacha an trealaimh i gcórais srianta le haghaidh cathaoireacha rothaí na ceanglais sa chuid ábharthach de ISO 10542 nó sa chaighdeán idirnáisiúnta coibhéiseach agus beidh siad marcáilte dá réir sin.

(2) Maidir le ceadúnas le haghaidh tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a deonaíodh den chéad uair roimh an 8 Meitheamh 2010, agus i gcás gurb ionann an fheithicil lena mbaineann an ceadúnas agus an fheithicil lena bhain an ceadúnas sin an 1 Eanáir 2013, comhlíonfaidh an fheithicil na ceanglais seo a leanas—

- (a) maidir leis an láthair ainmnithe chun freastal don chathaoir rothaí agus dá húsáideoir (an spás le haghaidh cathaoir rothaí), soláthrófar é le córas nó córais srianta a bheidh feistithe ar struchtúr na feithicle ar bhealach iomchuí d'fhonn an chathaoir rothaí agus a húsáideoir a dhaingniú.
- (b) chun críche fhomhír (a) thuas, measfar go mbeidh bealach iomchuí curtha ar fáil i gcás ina mbeidh an trealamh seo a leanas san fheithicil—
 - (i) soláthrófar ceithre shrian — dhá shrian chun tosaigh agus dhá shrian ar chúl — d'fhonn an chathaoir rothaí a cheangal leis na pointí ancaireachta ar an bhfeithicil,
 - (ii) soláthrófar crios sábhála coime ar a laghad d'fhonn úsáideoir na cathaoireach rothaí a dhaingniú,
 - (iii) soláthrófar pointí ancaireachta do-aistrithe do gach srian le haghaidh cathaoireacha rothaí agus don chrios sábhála coime, nó de rogha air sin soláthrófar rianta díreacha lena gceadaítear éagsúlacht maidir le láthair na bpointí ancaireachta.
 - (iv) Beidh suíomh na bpointí ancaireachtaí faoi ceachtar de na socruithe sin de shórt a sholáthróidh, ar a laghad, aon phointe ancaireachta amháin i ngach ceann de láithreacha A1 agus A2 nó, de rogha air sin A3 agus A4, chomh maith le haon phointe ancaireachta amháin i ngach ceann de láithreacha B1 agus B2 nó de rogha air sin B3 agus B4 arna leagan amach sa líníocht seo a leanas:—



Imm aléiríteargach toise

- (v) beidh srianta tosaigh agus cúil na cathaoireach rotha ceangailte leis na pointí ancaireachta tosaigh agus cúil, faoi seach. Beidh crios sábhála coime ceangailte le ceachtar den dá shrian cúil den chathaoir rothaí, den dá phointe ancaireachta cúil don chathaoir rothaí nó de dhá phointe ancaireachta atá suite d'fhonn srian síos agus ar chúil a sholáthar ar réigiún peilbheach úsáideoir na cathaoireach rothaí,
- (vi) beidh gach pointe ancaireachta do-aistrithe aonair feistithe ar struchtúr na feithicle le bolta ardteanntachta nó le scriú suite nach giorra a thrastomhas ná 10 milliméadar in éineacht le pláta nó leicneán treisiúcháin gan imill ghéara nach lú é ná 75 cm² in achar agus nach lú é ná 3 mm ar thiús — feistithe go daingean le glaschnó,
- (vii) i gcás ina n-úsáidtear rian, beidh fad íosta 200 milliméadar leis agus beidh sé feistithe ar struchtúr na feithicle le 4 bholta ardteanntachta nó 4 scriú shuite ar a laghad nach giorra a dtrastomhas ná 6 mhilliméadar in éineacht le plátaí nó leicneáin treisiúcháin nach lú iad ná 35 cm² in achar agus nach lú iad ná 1 mm ar thiús — feistithe go daingean le glaschnó. Maidir le gach fad riain breise, atá 120 milliméadar ar fhad nó cuid de, úsáidfear aon bholta breise amháin nó aon scriú breise amháin a chloifidh leis an tsonraíocht thuas. Beidh na boltaí nó na scriúna suite is giorra do gach ceann den rian suite nach mó ná 25 mhilliméadar ó chinn an riain agus ní bheidh an fad idir boltaí nó scriúna suite in aice a chéile níos giorra ná 75 mhilliméadar ná níos faide ná 125 mhilliméadar,
- (viii) más rud é go bhfuil an pointe ancaireachta suite ar dhromchla cuartha, déanfar an pláta nó an leicneán treisiúcháin a fhoirmiú lena chur in oiriúint do chruth ná láithreach agus, más gá, cuirfear spásaire múnlaithle leis chun a áirithiú go mbeidh aghaidh an ghlaschnó comhthreomhar leis an dromchla ar ina aghaidh atá sé á dhaingniú, agus
- (ix) in aon chás in dtéann na boltaí nó na scriúna suite trí phainéil dhá chraiceann nó tholla, úsáidfear spásairí ag a bhfuil na toisí cearta ionas nach ndéanfar na painéil a chomhbhrú nó nach ndéanfar díchumadh do na painéil.

Lámhleabhar Úsáideora

11. Coinneofar san fheithicil lámhleabhar úsáideora ina sonraítear úsáid cheart threalamh na feithicle a bhaineann le cathaoireacha rothaí.

Greamáin lámh

12. Beidh greamán lámh nó lámhráille san fheithicil chun cabhrú le paisinéir dul isteach san fheithicil nó teacht amach uaidh, beidh na nithe seo a leanas i gceist leis an ngreamán lámh nó leis an lámhráille sin—

- (a) beidh sé thart ar 30 milliméadar ar trastomhas,
- (b) beidh glanspás 35 mhilliméadar ar a laghad idir an taobh istigh de dhromchla oibre greamáin lámh nó lámhráille agus aon dromchla in aice leis,
- (c) beidh sé friotaíoch in aghaidh sciorradh, agus
- (d) beidh sé i ndath geal a bheidh in imeartas leis an scéim dathanna laistigh den fheithicil.

Soilsiú Inmheánach Spriocdhírthe

13. Beidh soilsiú logánta san fheithicil nach lú é ná 200 lux ag an gcéim isteach agus ní bheidh leibhéal an tsoilsiú inmheánaigh chúlra níos lú ná 150 lux.

Urlárlach

14. Beidh urlárlach atá friotaíoch in aghaidh sciorradh feistithe san fheithicil. Léireofar aon idirspás idir an t-urlár agus na doirse nó na suócháin i ndath geal a bheidh in imeartas leis an scéim dathanna laistigh den fheithicil.

Idirchum agus Lúb Ionduchtúcháin

15. I gcás ina bhfuil scáileán, landair nó bulcaid dheighilte iomlán idir an tiománaí agus an urrann phaisinéirí feistithe i bhfeithicil, beidh idirchum agus lúb ionduchtúcháin feistithe san fheithicil. I gcás ina bhfuil idirchum agus lúb ionduchtúcháin feistithe, beidh comharthaí ar taispeáint go soiléir san urrann phaisinéirí le cur in iúl do phaisinéirí go bhfuil na háiseanna sin ann.

Siombail Inrochtaineachta (i gcás fruilcharr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí amháin)

16. Léireofar ar dhoras paisinéara fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí an tsiombail seo a leanas nó siombail atá cosúil léi go substaintiúil nach lú í ná 105mm ar airde agus i ndath imeartais:



Feithiclí Modhnaithe

17. Éilítear doiciméadacht de réir Rialachán 29 i ndáil le gach feithicil mhodhnaithe.

SCEIDEAL 5

CEANGLAIS GHINEARÁLTA FEITHICLE DO LIMISÍNÍ

Meáchan agus Tréithe Ginearálta Feithicle

1. Beidh an fheithicil—

- (a) ina feithicil inneallghluaiste atá deartha agus déanta chun paisinéirí a iompar ina bhfuil cóiríocht suite do phaisinéirí le haghaidh líon nach mó ná ocht nduine (gan an tiománaí san áireamh). Seachas feithicil ar ina leith a bhí an ceadúnas beagfheithicle seirbhíse poiblí i bhfeidhm i leith na feithicle an 1 Eanáir 2013, beidh ollmheáchan ceaptha feithicle uasta ag an bhfeithicil nach mó é ná 3,500 cileagram, agus
- (b) oiriúnach go soiléir de dheasca a stíle agus a baile chun seirbhísí ar fruiliú a sholáthar le haghaidh ócáidí deasghnácha, nó chun críocha corparáideacha nó ardghradaim eile, agus
- (c) ina feithicil dá leithéid de dhéanamh agus múnla a d'fhéadfadh an tÚdarás a shonrú ó am go chéile nó ar choibhéis dá leithéid de dhéanamh agus múnla a fhaomhann an tÚdarás.

Socrú Rothaí

2. Beidh ceithre roth ar a laghad ag an bhfeithicil atá leagtha amach i bpéirí acastóra ionas gurb é 2,100 milliméadar an rothfhad íosta, 1,100 milliméadar an leithead íosta riain, agus gur lú ná 75 mhilliméadar aon athrúchán ó thaobh go taobh ar an rothfhad.

Rátáil Ualaigh na mBonn

3. Beidh rátáil ualaigh iomchuí ag na boinn don ollmheáchan ceaptha feithicle, agus is é 107 ar a laghad a bheidh i rátáil ualaigh sin na mbonn le haghaidh feithicilí sínithe mura soláthraítear fianaise dhoiciméadach ó mhonaróir na feithicle ina moltar rátáil níos ísle.

Doirse agus Fuinneoga

4. (1) I gcás ina n-iompraítear paisinéirí i gcuid urrainne den fheithicil (i.e. láthair ina bhfuil suíocháin agus ar a bhfuil díon docht buan), beidh dhá dhoras ann ar a laghad a osclaíonn isteach sa chuid urrainne sin nó amach uathí lena soláthraítear rochtain ar na suíocháin paisinéirí. I gcás ina bhfuil níos mó ná aon sraith suíochán amháin taobh thiar den tiománaí, beidh ceann amháin de na doirse sin ar a laghad taobh thiar den tiománaí. Beidh doras cúil (ar insí go hingearach) ina dhoras chun críocha na míre seo, ar an gcoinníoll go bhfuil sé deartha nó déanta go soiléir le haghaidh chuspóir beartaithe na rochtana ag paisinéirí.

(2) Féadfaidh paisinéir gach doras a oibriú ó laistigh nó ó lasmuigh den fheithicil ar an gcoinníoll go bhféadfaí glas a chur ar dhoras go huathoibríoch agus an fheithicil ag gluaiseacht dá mbainfí an glas den doras go huathoibríoch nuair a stopann an fheithicil den ghluaiseacht.

(3) Féadfar gach fuinneog phaisinéara (taobhfhuinneog) a oibriú go héasca.

(4) Beidh gach fuinneog glan.

(5) Seachas i gcás banda 125 mhilliméadar ar doimhneacht ar a mhéad ag an imeall uachtair, léireofar tarchur solais infheicthe 70 faoin gcéad ar a laghad le gaothscáth tosaigh beagfheithicle seirbhíse poiblí.

Túsbarraí Cosanta

5. Ní bheidh aon túsbarraí cosanta feistithe ar an bhfeithicil, ach amháin i gcás ina gcomhlíonfaidh siad Rialachán 78/2009/CE arna leasú agus go mbeidh fianaise ar an gcomhlíonadh sin curtha ar fáil i bhfoirm agus i substaint a mbeidh an tÚdarás sásta léi.

Glaineacht

6. Beidh dea-bhail ghlan ar an bhfeithicil agus ní bheidh deannach, salachar, smúr, dramhaíl, bruscar, ábhar míthaitneamhach ná drochbholadh taobh istigh di.

Cáilíocht na Suíochán

7. Beidh feistithe ar an bhfeithicil suíocháin atá forchumhdaithe i gceart le leathar, le leathar saorga de dhea-cháilíocht nó le hábhar marthanach eile, agus a bhfuil bail ghlan agus shláinteach orthu.

Péint Sheachtrach

8. Beidh péint sheachtrach na feithicle comhsheasmhach ó thaobh datha de agus ní bheidh deisiúcháin ar siúl ar an bpéint ná ar an gcabhail.

Teocht na hUrrainne Paisinéirí

9. Ach amháin i gcás feithicle atá níos sine ná tríocha bliain d'aois, féadfar teocht 20 céim ceinteagrád a choimeád in urrann phaisinéirí na feithicle nuair is é 5 chéim ceinteagrád faoi bhun an reophointe an teocht chomhthimpeallach sheachtrach.

Trealamh Sábháilteachta agus Cumarsáid

10. (1) Iompróidh an fheithicil na nithe seo a leanas go sábháilte—

(a) faoi réir mhír (2), córas rotha bhreise,

(b) fearas garchabhrach, ar fearas garchabhrach gan a bheith imithe as dáta é ag comhlíonadh DIN (Deutsches Institut für Normung) 13164

nó ar fearas taistil inchomparáide é arna mholadh ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta,

- (c) múchtóir dóiteáin, a chiallaíonn múchtóir dóiteáin in ord oibre ag comhlíonadh EN3 agus atá oiriúnach lena úsáid le haghaidh aicmí inadhainteachta A, B agus C, ag a bhfuil toilleadh íosta 2 chileagram púdar tirim nó toilleadh coibhéiseach le haghaidh aon ábhar múchta dóiteáin oiriúnach eile,
- (d) triantán réamhrabhaidh frithchaiteach ag comhlíonadh chaighdeán Rialachán 27 ón gCoimisiún Eacnamaíoch don Eoraip,
- (e) veist sábháilteachta shofheicthe fhrithchaiteach ag comhlíonadh chaighdeán ANSI 107, BS EN 471 nó CEN 471 nó caighdeán coibhéiseach,
- (f) tóirse láimhe in ord oibre, agus
- (g) peann agus páipéar.

(2) Féadfaidh an tÚdarás ceanglais mhír (a) a laghdú más rud é go bhfuil an fheithicil níos sine ná tríocha bliain d'aois nó más rud é gur feithicil leictreach hibrideach shraith-thairgthe, feithicil leictreach hibrideach shraith-thairgthe, feithicil breosla sholúbtha shraith-thairgthe nó feithicil leictreach hibrideach phlugála shraith-thairgthe an fheithicil lena mbaineann, nó más rud é gur feithicil í atá curtha in oiriúint do ghás peitriam leachtaithe nó do ghás nádúrtha comhbhrúite.

Soilsiú Inmheánach

11. Beidh fearas caighdeánach soilsiithe inmheánaigh na feithicle in ord oibre.

Ceanglais maidir le Struchtúr na Suíochán

12. (1) Faoi réir mhír (2), beidh criosanna sábhála, ancaireachtaí do chriosanna sábhála, suíocháin, ancaireachtaí do shuíocháin, meicníochtaí suíocháin, agus ceannbhaic feistithe ar an bhfeithicil a chomhlíonfaidh na forálacha teicniúla de na caighdeáin iomchuí ó CE/ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le carranna paisinéirí (M1) agus beidh fianaise dhoiciméadach ar an gcomhlíonadh sin i ndáil le haon mhodhnuithe a dhéanfar ar an bhfeithicil ar fáil.

(2) Áiteanna—

- (a) i gcás athnuachana ar cheadúnas limisín, gur bhain an fheithicil lena mbaineann an ceadúnas leis an gceadúnas sin ar an dáta ar tháinig na Rialacháin seo i bhfeidhm, nó
- (b) gur deimhin leis an Údarás gur dearadh uathúil nó áirithe iad saintréithe dearaidh agus déanamh na feithicle agus nach bhféadfaí freastal go réasúnta do chomhlíonadh na sonraíochtaí i mír (1),

beidh criosanna sábhála, ancaireachtaí do chriosanna sábhála, suíocháin, ancaireachtaí do shuíocháin, meicníochtaí suíocháin, agus ceannbhaic feistithe ar an bhfeithicil a chomhlíonfaidh na ceanglais iomchuí sna Rialacháin maidir le Déanamh, Trealamh agus Úsáid Feithicil.

(3) Maidir le gach suíochán paisinéirí i bhfeithicil—

(a) beidh leithead íosta saoiseoige de 400 milliméadar aige, agus

(b) beidh sé feistithe go docht daingean san fheithicil nuair a bheidh sé socraithe lena úsáid ag paisinéir.


Feithicilí Modhnaithe

13. Éilítear doiciméadacht de réir Rialachán 29 i ndáil le gach feithicil mhodhnaithe.

SCEIDEAL 6

BRANDÁIL TACSAI THE

Cuid 1



ALPHA NUMERIC CHARACTER OF LICENCE NUMBER = X
■ COLOUR = PANTONE 534
■ COLOUR = PANTONE 382
"TACSAÍ" TEXT HEIGHT = 110mm
LICENCE NUMBER TEXT FONT = HELVETICA BOLD
LICENCE NUMBER TEXT COLOUR = BLACK

NOTE:
DIAGONAL STRIP TO BE EXTENDED
IN EACH CASE TO THE RELEVANT
CORNER OF THE VEHICLE DOOR
AND TRIMMED AT DOOR EDGE

Cuid 2


TAXI VEHICLE BRANDING - RIGHT SIDE FRONT DOOR



ALL DIMENSIONS ARE IN MILLIMETRES

ALPHA NUMERIC CHARACTER OF LICENCE NUMBER = X
 ■ COLOUR = PANTONE 534
 ■ COLOUR = PANTONE 382
 TAXI TEXT HEIGHT = 150mm
 LICENCE NUMBER TEXT FONT = HELVETICA BOLD
 LICENCE NUMBER TEXT COLOUR = BLACK

TAXI VEHICLE BRANDING - LEFT SIDE FRONT DOOR



ALL DIMENSIONS ARE IN MILLIMETRES

NOTE:
 DIAGONAL STRIP TO BE EXTENDED
 IN EACH CASE TO THE RELEVANT
 CORNER OF THE VEHICLE DOOR
 AND TRIMMED AT DOOR EDGE

SCEIDEAL 7

CEANGLAIS MAIDIR LE HANCAIREACHTAÍ CREASA AN CHÓRAIS SRIANTA DO
CHATHAOIREACHA ROTHÁÍ AGUS D'ÚSÁIDEOIRÍ**(Tástáil Statach)**

1. Ba cheart tástáil statach a dhéanamh ar na pointí ancaireachta le haghaidh criosanna don chóras srianta le haghaidh cathaoir rothaí agus do na srianta le haghaidh úsáideoir cathaoir rothaí de réir na gceanglas thíos—

- (a) ba cheart na fórsaí arna sonrú i bhfomhír 2(a) a chur i bhfeidhm trí bhíthin fearais ar macasamhail a chéimseata agus céimseata an chórais srianta le haghaidh cathaoir rothaí i.e. cathaoir rothaí docht ionadach ar a bhfuil pointí ceangail le haghaidh srianta tosaigh agus cúil,
- (b) ba cheart na fórsaí arna sonrú i bhfomhír 2(b) a chur i bhfeidhm trí bhíthin fearas tarraingthe arna shonrú i mír 5.3.4 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 76/115/CEE, arna leasú, ón gComhairle, agus ar iompar ar an bhfearas arna shainmhíniú i mír (a),
- (c) ba cheart na fórsaí i bhfomhíreanna (a) agus (b) thuas a chur i bhfeidhm go comhuaineach i dtreo an tosaigh agus ar uillinn idir 5° agus 15° os cionn an phlána chothrománaigh,
- (d) ba cheart na fórsaí i bhfomhír (a) thuas a chur i bhfeidhm i dtreo an chúil agus ar uillinn idir 5° agus 15° os cionn an phlána chothrománaigh,
- (e) ba cheart na fórsaí a chur i bhfeidhm a thapaidh is féidir (am uasta tionscanta an lóid de dheich soicind) tríd an ais cheartingearach láir den spás le haghaidh cathaoir rothaí,
- (f) ba cheart an fórsa a choinneáil ar feadh tréimhse nach lú é ná 0.2 soicind, agus
- (g) ba cheart an tástáil a dhéanamh ar fheithicil nó ar chuid ionadaíoch de struchtúr na feithicle i gcomhar le haon fheistiú arna sholáthar san fheithicil ar dóigh dó cur le neart nó le doichte an struchtúir. Níl de dhíth chun críocha na tástála ach na comhpháirteanna sin de na fearais srianta le haghaidh cathaoir rothaí agus le haghaidh an úsáideora ar cuid iad de na hancaireachtaí creasa leis an bhfeithicil.

2. Is iad seo a leanas na fórsaí dá dtagraítear i mír 1

- (a) i gcás ancaireachtaí creasa arna soláthar don chóras srianta le haghaidh cathaoir rothaí—

(i) $22250N \pm 200N$ arna chur i bhfeidhm ar fhadphlána na feithicle agus i dtreo thosach na feithicle ar airde nach ísle í ná 200 milliméadar agus nach airde í ná 300 milliméadar arna tomhas go hingearach os cionn urlár an spáis le haghaidh cathaoir rothaí, agus

(ii) $11100N \pm 200N$ arna chur i bhfeidhm ar fhadphlána na feithicle agus i dtreo chúl na feithicle ar airde nach ísle í ná 200 milliméadar agus nach airde í ná 300 milliméadar arna tomhas go hingearach os cionn urlár an spáis le haghaidh cathaoir rothaí,

(b) i gcás ancaireachtaí creasa arna soláthar do chóras srianta le haghaidh úsáideoir cathaoir rothaí, ba cheart do na fórsaí a bheith de réir cheanglais mhír 5.4 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 76/115/CEE, arna leasú le haghaidh fheithiclí M1.

3. Teipfeair i dtástáil arna déanamh faoi mhír 1 mura chomhlíonfar na ceanglais seo a leanas—

(a) níor cheart d'aon chuid den chóras teip, ná níor cheart di scaradh óna hancaireacht chreasa nó ón bhfeithicil le linn na tástála,

(b) i gcás aon mheicníochta chun an chathaoir rothaí agus an t-úsáideoir a scaoileadh, ba cheart go bhféadfaí í a scaoileadh tar éis chríochnú na tástála, agus

(c) níor cheart do chuid ar bith den chóras a bheith dífhoirmithe an oiread sin tar éis chríochnú na tástála go bhféadfadh an chuid sin, de bharr ciumhaiseanna géara nó codanna eile ag gobadh amach, a bheith ina cúis le díobháil.

SCEIDEAL 8

CIONTA ÍOCAÍOCHTAÍ SEASTA — MÉIDEANNA FORORDAITHE

| Cód (1) | Alt den Phríomh-Acht nó Rialachán faoi na Rialacháin seo (2) | Cur Síos ar an gCion (3) | Méid Seasta an Phionóis (4) |
|------------|--|--|-----------------------------------|
| D1 | Rialachán 45(1) de na Rialacháin seo | Mainneachtain an fhaisnéis riachtanach laistigh den fheithicil a chur ar taispeánt. | €40 |
| D2 | Alt 25(9) a mhéid agus a bhaineann sé le halt 25(6) den Phríomh-Acht | Seasamh ag áit seasaimh cheaptha nuair nach bhfuil an fheithicil ar fáil le fruiliú. | €40 |
| D3 | Alt 25(9) a mhéid agus a bhaineann sé le halt 25(3) den Phríomh-Acht | Seasamh le fruiliú i dtacsáí seachas áit seasaimh cheaptha. | €40 |
| D4 | Rialachán 39(1) de na Rialacháin seo | Diúltú madra cuidithe nó madra treorach i dteannta le duine faoi mhíchumas a iompar i mbeagfheithicil seirbhíse poiblí. | €40 |
| D5 | Rialachán 56(1) agus 56(2) de na Rialacháin seo | Mainneachtain admháil a chur ar fáil do phaisinéir san fhoirm fhorordaithe tar éis chríochnú aistir i dtacsáí. | €40 |
| D6 | Rialachán 57(1) agus 57(2) de na Rialacháin seo | Mainneachtain admháil a chur ar fáil do phaisinéir san fhoirm fhorordaithe tar éis chríochnú aistir i bhfruilcharr nó i limisín. | €40 |
| D7 | Rialachán 58(1) de na Rialacháin seo | Bheith ar tairiscint le fruiliú in áit nach bhfuil ceadúnas ag tiománaí na beagfheithicil seirbhíse poiblí bheith ar tairiscint le fruiliú ann. | €40 |
| L8 | Rialachán 24 agus 46 de na Rialacháin seo | Mainneachtain ceanglais maidir le comhartha dín tacsáí a chomhlíonadh. | €40 |
| L9 | Rialachán 48(1) de na Rialacháin seo | Aon chomhartha nó aon fhógrán nach bhfuil faofa i scríbhinn ag an Údarás a chur ar taispeánt, nó a cheadú a chur ar taispeánt, ar an taobh amuigh nó an taobh istigh d'fhruilcharr nó limisín (ionas go bhfuil sé sofheicthe ó lasmuigh den fheithicil). | €40 |
| L10 | Rialachán 51(1) de na Rialacháin seo | Mainneachtain fógra a thabhairt don Údarás maidir le tiomáint bheartaithe beagfheithicil seirbhíse poiblí roimh feithicil dá leithéid a thiomáint. | €40 |

| Cód (1) | Alt den Phríomh-Acht nó Rialachán faoi na Rialacháin seo (2) | Cur Síos ar an gCion (3) | Méid Seasta an Phionóis (4) |
|------------|---|--|-----------------------------------|
| D11 | Rialachán 53(3) de na Rialacháin seo | A bheith mar chúis le nó cead a thabhairt tacsaiméadar atá feistithe i dtacsáí a chur ar siúl nuair atá an fheithicil ag seasamh nó ar tairiscint le fruiliú. | €60 |
| D12 | Rialachán 53(2)(c) de na Rialacháin seo | Mainneachtain tacsaiméadar a úsáid chun táille a thairiscint agus a ríomh i dtaca le turas tugtha faoi ag tacsáí. | €60 |
| D13 | Rialachán 53(2)(a) de na Rialacháin seo | Tacsáí a thiomáint nó a oibriú chun daoine a iompar ar luaíocht gan tacsaiméadar a bheith feistithe san fheithicil. | €60 |
| D14 | Rialachán 55 de na Rialacháin seo | Táille áirithinte i ndáil le turas i dtacsáí a ghearradh i dtaca le haistear nach raibh curtha in áirithe roimhe ré ag nó thar ceann an phaisinéara úd. | €60 |
| D15 | Alt 25(9) a mhéid agus a bhaineann sé le halt 25(5) den Phríomh-Acht | Ag seasamh le tacsáí ar chuid den bhóthar poiblí díreach taobh le nó in aice le háit cheaptha nuair atá an áit cheaptha úd lán. | €60 |
| D16 | Rialachán 47(1) de na Rialacháin seo | Mainneachtain aitheantas éigeantach an tiománaí a chur ar taispeáint. | €60 |
| A17 | Rialachán 24, 25, 26, 27 agus 28 de na Rialacháin seo, ach amháin sa mhéid agus a bhaineann siad le mír 21(1) den Sceideal 2 leis na Rialacháin seo | Mainneachtain na ceanglais agus caighdeáin feithicle is infheidhme i ndáil le catagóir an cheadúnais. | €60 |
| D18 | Rialachán 59(1) de na Rialacháin seo | Mainneachtain an tiománaí fruilchair nó limisín taifead áirithinte forordaithe a choimeád san fheithicil. | €60 |
| A21 | Rialachán 44(3) de na Rialacháin seo | Diosca crioscaíldíonach atá greamaithe le beagfheithicil seirbhíse poiblí a bhaint nó iarracht a dhéanamh an diosca crioscaíldíonach a bhaint, damáiste a dhéanamh dó nó cuir isteach air in aon slí eile. | €80 |
| D22 | Rialachán 44(1) de na Rialacháin seo | Beagfheithicil seirbhíse poiblí a oibriú nó a airbheartú a leithéid a oibriú gan diosca crioscaíldíonach bailí a bheith greamaithe le gaothscáth tosaigh agus, faoi réir Rialacháin 44(2), gaothscáth cúil na feithicle. | €80 |
| D23 | Rialachán 23(2)(b) de na Rialacháin seo | Diúltú duine a iompar mar phaisinéir i dtacsáí. | €80 |

| Cód (1) | Alt den Phríomh-Acht nó Rialachán faoi na Rialacháin seo (2) | Cur Síos ar an gCion (3) | Méid Seasta an Phionóis (4) |
|------------|--|--|-----------------------------------|
| D24 | Rialachán 53(2)(b)de na Rialacháin seo | Tacsáí a thiomáint nó a oibriú chun daoine a iompar ar luaíocht gan tacsaiméadar a bheith calabraithe. | €250 |
| A26 | Mír 21(1) de Sceideal 2 de na Rialacháin seo | Mainneachtain an chomharthaíocht fhorordaithe a bheith greamaithe le doirse tosaigh tacsáí nó tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí. | €250 |

SCEIDEAL 9

FOIRM AN FHÓGRA UM ÍOCAÍOCHT SHEASTA

Fógra faoi alt 48 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013

Dáta (cuir isteach dáta)

Ainm: (cuir isteach ainm) Uimhir Cheadúnas Tiomána BFSP:
 (cuir isteach uimhir)

.....
 Seoladh: (cuir isteach seoladh)

.....

Cion Líomhnaithe

Líomhnaítear go bhfuil cion (*sonraigh an cion*) déanta agat i gcúrsa beagfheithicil seirbhíse poiblí ar a bhfuil uimhir cheadúnais (*cuir isteach uimhir cheadúnais*) a úsáid in áit phoiblí ag (*cuir isteach láthair*) ag (*cuir isteach am*) ar (*cuir isteach dáta*).

Ainm an duine údaraithe:

Síniú an duine údaraithe:

Íocaíocht Sheasta

1. I ndáil leis an gcion a líomhnaítear san fhógra seo, féadfaidh tú, le linn na tréimhse 28 lá dar tosach dáta an fhógra seo, muirear seasta €_____ a íoc leis an Údarás Náisiúnta Iompair ag an seoladh thíos.

2. Mura ndéantar aon íocaíocht le linn na tréimhse a shonraítear i (1), féadfaidh tú, le linn na tréimhse 28 lá dar tosach deireadh na tréimhse sin, muirear seasta de mhéid atá 50 faoin gcéad níos mó ná an méid forordaithe dá dtagraítear i (1) a íoc leis an Údarás Náisiúnta Iompair ag an seoladh thíos.

3. Ní mór an fógra seo ina iomláine a bheith ag gabháil le híocaíocht sheasta arna déanamh faoin bhfógra seo, má dhéantar an íocaíocht go pearsanta nó leis an bpost.

4. Níl oibleagáid ort an íocaíocht thuas a dhéanamh. Mar sin féin, sa chás ina roghnaíonn tú gan an íocaíocht sin a dhéanamh, féadfar thú a ionchúiseamh i ndáil leis an gcion a shonraítear san fhógra seo.

5. Ní dhéanfar thú a ionchúiseamh—

(a) le linn na tréimhse a shonraítear i (1) agus (2), nó

(b) ar chor ar bith,

má dhéantar an íocaíocht cheart, de réir an fhógra seo, le linn na tréimhse sin, i ndáil leis an gcion a shonraítear san fhógra seo.

6. Tá/Níl (*scrios amach cibé acu nach mbaineann*) an cion líomhnaithe ina chion neamhthuillteanais (de réir bhrí Chuid 5 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013). Má bhaineann an cion líomhnaithe le cion neamhthuillteanais, déanfar líon iomlán de _____(*sonraigh*) neamhthuillteanas a fhorhíniú ar do thaifead ceadúnais BFSP (de réir bhrí Chuid 5 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013) nuair a íocfar an méid a shonraítear i (1) nó (2) thuas agus déanfar líon iomlán de _____(*sonraigh*) neamhthuillteanas a fhorhíniú ar do thaifead ceadúnais BFSP mura n-íocfaidh tú an méid a shonraítear i (1) nó (2) thuas agus más rud é go gciontófar thú sa chion sin ina dhiaidh sin.

7. Déanfar gach íocaíocht sheasta arna déanamh faoi alt 48 den Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013 a íoc leis an Údarás Náisiúnta Iompair, (*cuir isteach seoladh*) agus is amhlaidh a íocfar í (ar shlí eile seachas in airgead tirim) le seic, le hordú airgid nó le hordú poist, nó ar cibé slí eile is cuí leis an Údarás de thuras na huaire. (*Luaigh faisnéis ar bhealaí eile íocaíochta más infheidhme*)



TUGTHA faoi shéala an Údaráis Náisiúnta Iompair,
30 Eanáir 2015.

JOHN FITZGERALD,
Cathaoirleach, an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN I DTACA LE

Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí) 2015

An príomhchuspóir atá leis an Rialachán um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí) 2015 (na “Rialacháin”) ná chun na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (Comhdhlúthú agus Athchóiriú) 2014 (“Rialacháin 2014”) a leasú agus a athshonrú. An cuspóir a bhí le Rialacháin 2014 ná breis forbartha a dhéanamh ar an gcreat reachtúil arna bunú ag an Acht um Rialáil Tacsaithe 2013 (an “Príomh-Acht”) i dtaca le rialáil na mbeagfheithiclí seirbhíse poiblí (“BFSP”) agus a dtiománaithe. Cuimsíonn na Rialacháin roinnt leasuithe ar Rialacháin 2014 le haird ar, i measc nithe eile, na leasuithe le cur i gcrích ar an bPríomh-Acht ag an Bille Iompair Phoiblí 2014.

Cuimsíonn na Rialacháin 10 gCuid agus 9 Sceideal. Tugtar achoimre anseo thíos ar na príomh-fhorálacha.

Sa nóta seo, tagraíonn “an tÚdarás” don Údarás Náisiúnta Iompair.

Níl an nóta seo mar chuid de na Rialacháin agus níor ceart a mheas gur míniú dlíthiúil orthu é.

Cuid 1 — Réamhráiteach agus Ginearálta

Cuimsíonn an Cuid seo forálacha caighdeánacha i dtaca le lua agus tosú na Rialachán. Freisin i gCuid 1 leagtar forálacha caighdeánacha i dtaca le sainmhínte na bpríomhthearmaí arna n-úsáid sna Rialacháin.

Cuimsíonn Rialachán 4 coigilteoir do cheadúnais bhailí arna ndeonú roimh theacht i bhfeidhm na Rialachán.

Cuid 2 — Ceadúnú Tiománaithe Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí

Sa Chuid seo leagtar amach an réimeas rialála i dtaca le ceadúnú tiománaithe beagfheithiclí seirbhíse poiblí.

I measc nithe eile, leagan an Chuid seo na riachtanais maidir le:

(a) iarratais ar:

(i) ceadúnas nua chun BFSP a thiomáint;

(ii) athnuachan ceadúnais chun BFSP a thiomáint; agus

(iii) ceadúnas chun fruilcharr limistéir áitiúil a thiomáint;

(b) na doiciméid agus fianaise eile le soláthar ag iarratasóir don Údarás i dtaca lena iarratas nó a hiarratas;

(c) an tástáil iontrála do thiománaithe nua BFSP;

(d) foirm agus ré na gceadúnas chun BFSP a thiomáint, lena n-áirítear na rialacha ag rialáil dul in éag na gceadúnas úd;

(e) díolúintí ar leith ón gceanglas ceadúnas a shealbhú chun BFSP a thiomáint i dtaca le daoine ag soláthar seirbhíse comhroinnt feithicle pearsanta neamhthráchtála nó ag feidhmiú feithicle faoi chonradh fostaíochta áit ina bhfuil an fheithicil á fheidhmiú le cuspóir aonair, eadhon chun úinéir na feithicle (nó daoine arna n-ainmniú ag úinéir na feithicle) a iompar; agus

(f) an t-eolas limistéir ag tiománaí BFSP.

Tá na táillí ábhartha i dtaca le hiarratais ar cheadúnais chun BFSP a thiomáint leagtha amach i Sceideal 1.

Cuid 3 — Ceadúnú Beagfheithicilí Seirbhíse Poiblí

Sa chuid seo leagtar amach an córas rialála i dtaca le ceadúnú beagfheithicilí seirbhíse poiblí. An prionsabal tacaíochta i gCuid 3 ná nach féidir go mbeadh ach ceadúnas amháin i bhfeidhm i leith feithicle tráth ar bith.

I measc nithe eile, leagtar amach sa Chuid seo na ceanglais i dtaca le hiarratais ar cheadúnas BFSP nua nó athnuachan ceadúnais BFSP eiseach. Sonraíonn an Chuid seo na doiciméid agus fianaise eile le soláthar ag iarratasóir don Údarás i dtaca lena iarratas nó a hiarratas, lena n-áirítear:

(a) deimhniú TNG bailí;

(b) deimhniú imréitigh cánach;

(c) fianaise de pholasaí árachais faofa; agus

(d) i gcás iarratasóra ar neamhnáisiúnach é nó í, dearbhú ón té úd nach gcuireann coinníollacha a cheada nó a ceada cosc air nó uirthi gnó a oibriú nó a bheith féinfhostaithe sa Stát;

I Rialachán 16 leagtar amach na rialacha éagsúla ag rialáil na dtréimhsí bailíochta atá le ceadúnas BFSP. Faoi réir eisceachtaí ar leith, an riail ghinearálta atá ann ná go rachaidh ceadúnas BFSP in éag ar an dáta is luaithe díobh seo a leanas:

(a) an dáta a thiteann bliain amháin ón dáta ar a deonaíodh an ceadúnas;

(b) an dáta a shlánaíonn an fheithicil a haois uasta incheadaithe;

(c) tabhairt suas nó cúlghairm an cheadúnais; nó

(d) an dáta a scoireann an sealbhóir ceadúnais de theideal dlí a bheith aige nó aici i ndáil le húsáid agus seilbh na feithicle.

Faoi réir eisceachtaí ar leith i dtaca le feithiclí eiseacha, limisíní agus feithiclí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, an aois uasta incheadaithe ag feithicil ná 10 mbliana ó dháta céadchláraithe na feithicle.

Ceadaítear faoin gCuid seo do shealbhóir ceadúnais BFSP iarratas a chur faoi bhráid an Údarás le haghaidh leanúint i mbun feidhme an cheadúnais i dtaca le feithicil difriúil. I Rialachán 16 leagtar amach na sriantaí agus ceanglais mhionsonracha i dtaca le hiarratais dá leithéid, lena n-áirítear na doiciméid nó fianaise eile le soláthar don Údarás.

Cuimsíonn Cuid 3 roinnt forálacha teicniúla ag déileáil le hábhair ar nós báis sealbhóir ceadúnais, árachais, ceadúnas a ghéilleadh, foirm an cheadúnais le deonú ag an Údarás agus eisceachtaí ar leith ón gceanglas ceadúnas BFSP a shealbhú. Lena chois sin, áirítear sa Chuid seo nós imeachta iarratais i dtaca le catagóir nua ceadúnais BFSP; eadhon, ceadúnas fruilchairr limistéir áitiúil.

Tá na táillí atá le híoc i dtaca leis na hábhair a bpléitear i gCuid 3 hiarratais leagtha amach i Sceideal 1.

Cuid 4 — Caighdeáin Feithiclí

Leagtar amach na caighdeáin agus ceanglais teicniúla mionsonracha i dtaca le BFSPanna i Sceidil 2 go 7 de na Rialacháin. Déanann na Rialacháin i gCuid 4 seo na caighdeáin agus ceanglais teicniúla mionsonracha úd a ionchorprú, agus a chur i bhfeidhm, le tagairt do na Sceidil ábhartha. Mar shampla, forálann Rialachán 24 go gcloifidh tacsaithe caighdeánacha leis na caighdeáin feithicle agus na ceanglais dá sonraítear i Sceideal 2 (Ceanglais Ghinearálta Feithicle do Thacsaithe).

Lena chois sin, cuimsíonn an Chuid seo forálacha i dtaca le feithiclí modhnaithe (lena n-áirítear an riachtanas i leith tuarascáil de chuid measúnóra theicniúil), toirmeasc ar chriúcháibáin agus truicíní agus foráil chomh-aitheantais áit ina shásóidh feithicil na ceanglais theicniúla i gCuid 4 ach caighdeáin Eorpacha agus/nó idirnáisiúnta ar leith a chomhlíonadh.

Cuid 5 — Dualgais Sealbhóirí Ceadúnas Fruilchairr Oiriúnach do Chathaoir Rothaí agus Ceadúnas Tacsáí Oiriúnach do Chathaoir Rothaí

An príomhchuspóir atá le Cuid 5 de na Rialacháin ná a chinntiú go dtugann sealbhóirí na gceadúnas BFSP i dtaca le feithiclí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí tús áite d'áirithintí ó dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear daoine ar mian leo taisteal ina gcathaoireacha rothaí.

Lena chois sin leagtar amach sa Chuid seo na ceanglais maidir leis an bhfaisnéis le soláthar don Údarás ag sealbhóirí ceadúnais BFSP i

dtaca le feithiclí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí agus coimeád na dtaifead ag na daoine úd. Ag úsáid na faisnéise a sholáthraíonn sealbhóirí ceadúnais dó, ceadaítear don Údarás faisnéis a phoibliú chun cuidiú le tomhaltóirí ar mian leo leas a bhaint as tacsáí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó fruilcharr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, nó a leithéid a chur in áirithe.

Cuid 6 — Dualgais Tiománaithe Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí

Leagtar béim sa Chuid seo ar dhualgas na dtiománaithe BFSP nuair atá paisinéirí á n-iompar ar luaíocht. I measc nithe eile, leagtar amach sa Chuid seo na ceanglais i dtaca le:

- (a) paisinéirí agus a gcuid bagáiste a iompar i gcomhréir le treoracha réasúnta an phaisinéara;
- (b) réamhíocaíocht a fháil maidir le seirbhísí nach bhfuil curtha i gcrích go fóill;
- (c) soláthar cúnamh réasúnta do phaisinéirí agus réamhchúraimí réasúnta a ghlacadh de láimh chun sábháilteacht na bpaisinéirí a chinntiú; agus
- (d) ach amháin sa chás nach féidir leis a tiománaí, ar chúiseanna leighis, madra a iompar ina fheithicil nó a feithicil, madraí treorach nó madraí cuidithe eile a iompar.

Ar deireadh, forálann an Chuid seo fad atá tiománaí BFSP ag seasamh nó ar tairiscint le fruiliú nó ag iompar paisinéirí ar luaíocht, nach mbeidh sé nó sí ag gníomhú ar bhealach atá maslach, bagrach, ionsaitheach nó leatromach d'aon phaisinéir nó d'aon phaisinéir beartaithe.

Cuid 7 — Riachtanais Oibriúcháin

Cuimsíonn an Chuid seo Rialacháin i dtaca le hoibriú BFSPanna lena n-áirítear, i measc nithe eile, Rialacháin i dtaca le:

- (a) líon uasta oibriúcháin BFSPanna;
- (b) srian ar an líon paisinéirí ar féidir a iompar;
- (c) feithiclí mí-oiriúnacha; agus
- (d) iompar substaintí contúirteacha.

Lena chois sin, forálann an Chuid seo le haghaidh ceanglas ar leith i dtaca le BFSPanna agus a gcuid tiománaithe a aithint. Éilítear ach go háirithe sa Chuid seo:

- (a) go mbeadh diosca crioscaíldíonach greamaithe leis an bhfeithicil;

(b) go mbeadh faisnéis infheithicle ar leith á soláthar chun leasa na bpaisinéirí;

(c) go mbeadh comhartha dín greamaithe den fheithicil i gcás tacsaithe; agus

(d) go mbeadh Cárta Taispeána Tiománaí BFSP ar taispeánt ag tiománaí BFSP ag cuimsiú na faisnéise arna sonrú i Rialachán 48.

Cuimsíonn Cuid 7 forálacha mionsonracha i dtaca le BFSP á oibriú ag duine nach sealbhóir an cheadúnais é nó í agus sriantaí áirithe i dtaca le BFSP a ligean ar cíós nó ar léas le duine eile.

Ar deireadh, cuimsíonn Rialachán 51 ceanglais i dtaca leis na sonraí le tabhairt don Údarás sula n-oibríonn duine BFSP lena n-áirítear sonraí aitheantais na feithicle agus tréimhse ama bheartaithe a bheidh i gceist le hoibriú na feithicle.

Cuid 8 — Fruilíú a Thosú agus Táillí a Íoc

Baineann Cuid 8 go príomha leis na táillí a íocann paisinéirí. Sa Chuid seo leagtar amach na ceanglais i dtaca le:

(a) tús a chur le fruilíú feithiclí;

(b) calabrú agus feidhmiú na dtacsaiméadar;

(c) táillí áirithe; agus

(d) na hadmhálacha nach mór a phriontáil agus a thairiscint le paisinéirí.

Cuid 9 — Ceadúnú Oibreoirí Seachadta

Sa Chuid seo leagtar amach an córas rialála i dtaca le ceadúnú oibreoirí seachadta. Faoin gCuid seo, tá sé de chumhacht ag an Údarás ceadúnais a eisiúint do dhaoine le gníomhú mar oibreoirí seachadta nó chun seirbhísí áirithe a soláthar i dtaca le beagfheithiclí seirbhíse poiblí. Forálann Rialachán 63 do thréimhse bhailíochta ceadúnais oibrítheora seachadta. Leagann Rialachán 64 amach oibleagáidí na n-oibreoirí seachadta.

Cuid 10 — Rialacháin Phionósacha

Aithníonn Cuid 10 rialacháin phionósacha agus sárúithe substainteacha na Rialachán chun críocha an Phríomh-Achta.

Go háirithe, leagann Rialachán 64 amach na rialacháin phionósacha chun críche ailt 20(4) den Acht um Rialáil Tacsaithe 2013. Cion atá ann má theipeann ar dhuine cloí le Rialachán, nó má sáraítear Rialachán, arna sonrú i Rialachán 64 agus beidh an té úd faoi dlíteanas ar chiontú achomair d'fhíneáil Aicme C.

Leagann Rialachán 65 amach sárú gach rialacháin phionósach ar “sárú substainteach” é chun críocha ailt 20(3) den Acht um Rialáil Tacsaithe 2013. Cion atá ann má theipeann ar dhuine cloí le Rialachán, nó má sáraítear Rialachán, arna sonrú i Rialachán 65 agus beidh an té úd faoi dliteanas ar chiontú achomair d’fhíneáil Aicme A.

Ar deireadh, forordaíonn Cuid 10 go bhfuil foirm an fhógra íocaíochta seasta atá le heisiúint i gcomhar le cion íocaíochta seasta sonraithe i Sceideal 9 agus is ionann an méid iníochta i dtaca le cion íocaíochta seasta agus an méid atá sonraithe i Sceideal 8 i dtaca leis an gcion sin.

Sceidil

Tá 9 Sceideal leis na Rialacháin, gach ceann acu ag foráil d’ábhair theicniúla ar leith i dtaca leis na Codanna roimhe seo, mar seo a leanas:

- Sceideal 1 — Táillí;
- Sceideal 2 — Ceanglais Ghinearálta Feithicle do Thacsaithe;
- Sceideal 3 — Ceanglais Ghinearálta Feithicle do Fhruilcharranna
- Sceideal 4 — Ceanglais Bhreise maidir le Tacsaithe agus Fruilcharranna atá Inrochtana ag Cathaoireacha Rothaí;
- Sceideal 5 — Ceanglais Ghinearálta Feithicle do Limisíní;
- Sceideal 6 — Brandáil Tacsaithe;
- Sceideal 7 — Ceanglais maidir le hAncaireachtaí Creasa an Chórais Srianata do Chathaoireacha Rothaí agus d’Úsáideoirí (Tástáil Statach);
- Sceideal 8 — Cionta Íocaíochtaí Seasta — Méideanna Forordaithe; agus
- Sceideal 9 — Foirm an Fhógra um Íocaíocht Sheasta.